Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

UBU
DO ÁIT. DO SPÁS.

# UBU D'Áit Do Spás

## Rialacha Beartais agus Oibriúcháin



An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
2019

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt ar an gcáipéis seo:

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
***Beartas agus Rialacha agus Oibriúcháin*** **UBU D'Áit Do Spás**
Atá ar fáil ag: www.ubu.gov.ie

Cóipcheart © An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Bloc 1, Plaza Miesach,
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2 D02 XW14
Guthán +353 01 647 3000
R-phost: contact@dcya.gov.ie
Gréasán: www.dcya.gov.ie

Arna fhoilsiú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur, in aon fhoirm nó ar aon bhealach, bíodh bealach leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó bealach eile i gceist, gan cead scríofa roimh ré a bheith tugtha ag sealbhóir an chóipchirt

Chun teacht ar chearta aistriúcháin nó atáirgthe, ba cheart iarratais a dhéanamh leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

UBU

DO ÁIT. DO SPÁS.

# UBU D'Áit Do Spás

## Rialacha Beartais agus Oibriúcháin



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Gluais Téarmaí** | **5** |
| **Acrainmneacha** | **9** |
| **Léargas ar an gCáipéis** | **10** |
| Aidhmeanna na cáipéise beartais agus rialacha seo | 10 |
| Scóip agus cuspóir na cáipéise beartais agus rialacha seo | 10 |
| Conas an cháipéis seo a úsáid | 10 |
| Treoracha úsáideora | 11 |
| Leasuithe ar an gcáipéis bheartais seo | 11 |
| **Cuid a hAon Fáilte chuig** | **12** |
| **UBU D'Áit Do Spás** | **12** |
| Achoimre feidhmiúcháin | 12 |
| **Caibidil 1 UBU D'Áit Do Spás a Chur i Láthair** | **13** |
| 1.1 Ráiteas Misin UBU D'Áit Do Spás | 13 |
| 1.2 Fís | 14 |
| 1.3 Luachanna | 14 |
| 1.4 Spriocanna agus cuspóirí | 15 |
| 1.5 Na Seacht dtoradh forbartha pearsanta agus sóisialta | 17 |
| 1.6 Spriocghrúpa | 19 |
| 1.7 Saghsanna seirbhísí don ógra a chistítear faoi UBU D'Áit Do Spás | 20 |
| 1.8 An tsraith beartais, cistithe agus soláthair seirbhíse do UBU D'Áit Do Spás | 21 |
| 1.9 Cur chuige um chur i bhfeidhm | 24 |
| **Caibidil 2 Cúlra UBU D'Áit Do Spás** | **25** |
| 2.1 Cúlra agus comhthéacs beartais na scéime | 25 |
| 2.2 An Scéim UBU D'Áit Do Spás agus an tírdhreach cistithe óige | 29 |
| **Cuid a Dó den Scéim Cistithe i nGníomh** | **31** |
| **Caibidil 3 Riachtanais a Shainaithint agus Tús Áite a Thabhairt dóibh** | **31** |
| 3.1 Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanais Seirbhíse (MRPCRS) | 32 |
| 3.2 Riachtanas Seirbhíse | 32 |
| 3.3 Ról agus freagrachtaí an RLGÓ maidir leis an uirlis MRPCRS | 33 |
| 3.4 Ról agus freagrachtaí an BOO maidir leis an uirlis MRPCRS a chríochnú | 34 |
| 3.5 Ról na seirbhíse óige maidir leis an uirlis MRPCRS | 34 |
| **Caibidil 4 An Próiseas Iarratais** | **35** |
| 4.1 Iarratas ar shraith beartais na scéime UBU D'Áit Do Spás | 35 |
| 4.2 Próiseas chun iarratas a dhéanamh ar chistiú – seirbhísí don ógra atá cistithe faoi láthair | 36 |
| 4.3 Na critéir cháilitheachta íosta chun iontráil isteach in UBU D'Áit Do Spás | 36 |

**Caibidil 5 Conas a dhéantar Cinntí faoi Chistiú** 38
5.1 Critéir mheasúnaithe do chomhlíonadh iomlán UBU D'Áit Do Spás 38
5.2 An córas grádaithe Dearg-Ómra-Glas (DÓG) d'iarratais 40
5.3 Cur i bhfeidhm an chórais DÓG 40
5.4 Athnuachaintí na scéime UBU D'Áit Do Spás 41
5.5 Rialacha ar leith do pháirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas iarratais 42
5.6 Deireadh a chur le cistí na Scéime Cistithe Óige Leasaithe (an SCÓL) agus na Scéime Aistrithe Cistithe Óige (an SACÓ) 42
5.7 Soláthraithe seirbhíse/eagraíochtaí nua 43
5.8 An Próiseas Achomhairc 43
**Caibidil 6 Snáitheanna Cistithe agus Soláthar Seirbhíse** 44
6.1 Saghsanna cistithe seirbhísí don ógra faoi UBU D'Áit Do Spás 45
6.2 Saghas an tsoláthair sheirbhíse laistigh de Shnáithe A 46
6.3 Rialacha maidir le saghsanna soláthair seirbhíse faoi chistiú Shnáithe A 46
6.4 Rialacha faoi chistiú do chleachtóirí túslíne do sheirbhísí don ógra atá cistithe ag Snáithe A den scéim UBU D'Áit Do Spás 47
6.5 Rialacha ar shaghsanna an tsoláthair a sholáthraítear trí chistiú Shnáithe B 49
6.6 Rialacha ar shaghsanna an tsoláthair a sholáthraítear trí chistiú Shnáithe C 50
6.7 Rialacha faoi sholáthar seirbhíse 50
6.8 Rialacha a bhaineann le foinsí iolracha cistithe, obair chomhoibritheach agus comhoibriú idirghníomhaireachta 52
**Caibidil 7 Riachtanais Airgeadais** 53
7.1 Réamhrá 53
7.2 Rialacha airgeadais de réir na dtrí shnáithe chistithe A, B agus C 53
7.3 Costais "indíreacha" atá incháilithe faoi UBU D'Áit Do Spás (Snáithe A agus C) 55
7.4 Na rialacha a bhaineann le caitheamh ar chostais indíreacha faoi UBU D'Áit Do Spás 55
7.5 Na rialacha a bhaineann le caitheamh ar chostais faoin scéim UBU D'Áit Do Spás 56
7.6 Freagrachtaí as costais UBU D'Áit Do Spás 57
7.7 Oibriú le comhpháirtithe ar sheirbhísí cistithe don ógra UBU D'Áit Do Spás 58
7.8 Foireann agus acmhainní atá comhchistithe ag foinsí eile cistithe 58
7.9 Pleanáil an bhuiséid bhliantúil 58
7.10 Athruithe a dhéanamh ar bhuiséid bhliantúla fhaofa 59
7.11 Cistí a íoc do sheirbhísí don ógra ag BOOanna 59
7.12 Féilire íocaíochtaí 60
7.13 Cistí UBU D'Áit Do Spás nár caitheadh 60

7.14 Caitheamh a chur i gcuntas agus a thuairisciú 61
7.15 Cuairteanna iniúchóireachta agus fíoraithe 61
**Caibidil 8 Riachtanais Bhrandála agus an RGCS 62**
8.1 An Branda 62
8.2 Rialacha brandála 62
8.3 UBU D'Áit Do Spás a Phoibliú 64
8.4 Foinse chistiú na scéime UBU D'Áit Do Spás a aithint 64
8.5 Lógónna atá cistithe ag UBU D'Áit Do Spás 64
8.6 Bearta slándála eolais agus sonraí 64
**Cuid a Trí Tomhas, Monatóireacht agus Bainistiú UBU D'Áit Do Spás 65**
**Caibidil 9 An Creat Maoirseachta Feidhmíochta agus Rannpháirtíochta 65**
9.1 Maoirseacht feidhmíochta agus rannpháirtíocht i seirbhísí don ógra atá cistithe ag an scéim UBU D'Áit Do Spás 66
9.2 Uirlisí bailithe sonraí maoirseachta feidhmíochta 68
9.3 Na róil agus freagrachtaí i maoirseacht feidhmíochta agus rannpháirtíocht 72
9.4 Eagraíochtaí cistithe nach bhfuil ag tabhairt faoina bplean gníomhaíochta nó oibre 74
**Caibidil 10 Rialachas Dlíthiúil na Scéime 75**
10.1 Cuspóir an struchtúir rialachais 75
10.2 Aidhmeanna an struchtúir rialachais 75
10.3 Páirtithe leasmhara sa struchtúr rialachais 75
10.4 Comhaontuithe Seirbhíse 76
10.5 Rialacha do pháirtithe leasmhara atá cistithe ag an scéim UBU D'Áit Do Spás de réir CSanna 76
**Aguisín 1 – Míniú ar "soláthar lasmuigh den scoil" 80**
**Aguisín 2 – Próiseas dearaidh straitéisigh UBU D'Áit Do Spás 81**



# Gluais Téarmaí

I gcomhthéacs na scéime **UBU D'Áit Do Spás**, úsáidtear na téarmaí thíos ar fud na cáipéise seo:

| Téarma | Cur Síos |
|---|---|
| **Abhcóideacht** | Gníomh nó próiseas trína dtacaítear le daoine óga chun a nglórtha a aimsiú agus lena chur ar a gcumas déileáil le seirbhísí don ógra agus eagraíochtaí óige. |
| **Beartas cionroinnte** | Costais lárnacha a roinnt amach i gceart agus go cothrom idir seirbhísí/gníomhaíochtaí éagsúla óige atá á soláthar ag an eagraíocht chistithe ar bhealach loighciúil. |
| **Obair chomh-oibritheach** | Cásanna ina ndéanann eagraíochtaí cistithe scileanna, taithí agus/nó acmhainní a chur le chéile ar mhaithe le seirbhísí don ógra atá dírithe ar dhaoine óga a chomhsholáthar. (Féach Caibidil 6 chun teacht ar bhreis sonraí.) |
| **Obair ar a láthair féin** | Foirm de sholáthar oibre don ógra is ea obair don ógra ar a láthair féin a oibrítear gan ionad a úsáid agus titeann sé amach san áit "a bhfuil" daoine óga, i dtaobh cúrsaí tíreolaíochta agus an áit atá "bainte amach" acu i dtaobh forbartha de. Bealach atá in obair ar a láthair féin ina ndéantar oideachas neamhfhoirmiúil agus sóisialta a sholáthar agus baineann sé le dul i ngleic le pé riachtanais a chuirtear i láthair nó a cheapann an t-oibrí don ógra atá i gceist. |
| **Limistéar feidhme BOO** | Contae nó contaetha a bhfuil BOO freagrach astu maidir le tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar obair don ógra agus ar sheirbhísí don ógra. |
| **Eagraíocht chistithe** | Aonán dlíthiúil a shásaíonn na critéir cháilitheachta agus na riachtanais chun an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a iontráil agus fanacht ann agus a mbronntar cistiú **UBU D'Áit Do Spás** air dá réir sin. |
| **Rialachas** | Is éard atá i gceist leis seo ná córais agus próisis a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go mbaineann eagraíocht a cuspóirí amach le hiomláine agus go ndéantar é a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach. |
| **Struchtúr rialachais** | Na socruithe eagraíochta a n-oibrítear seirbhísí fúthu. |
| **Deontas** | Soláthar airgeadais do ghníomhaíocht nó seirbhís ar leith a riarann nó a dtugann comhlacht seachtrach faoi, gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, carthanas nó daoine aonair ina measc. Idir deontais ó chomhlachtaí stáit chun tabhairt faoina bhfeidhmeanna reachtúla agus scéimeanna deontais ar leith atá i gceist leis a oibríonn Ranna Rialtais nó comhlachtaí eile a bhfuil cistiú ón státchiste á fháil acu. |

| | |
|---|---|
| **Deontaí** | Aonán a fhaigheann deontas. |
| **Deontaí** | Aonán a dhéanann deontas. |
| **Foghlaim neamh-fhoirmiúil** | Foghlaim atá mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laethúla a bhaineann le hobair, an teaghlach nó fóillíocht. Ní eagraítear ná ní dhéantar é a struchtúrú (i dtaobh cuspóirí, ama nó tacaíocht foghlama). Tá foghlaim neamhfhoirmiúil, i bhformhór na gcásanna, neamhbheartaithe ó pheirspictíocht an fhoghlaimeora. Is gnách nach mbronntar deimhniúchán air. |
| **Ionchur** | Acmhainn a chaitear ar sheirbhís don ógra, am foirne, cistiú, ábhair, trealamh agus am na n-oibrithe deonacha ina measc. |
| **Idirghabhálaí** | Aonán a ghníomhaíonn mar thríú páirtí idir dhá chríochphointe nó níos mó i gcumarsáid nó in idirbheart, ar nós idir deontóir agus deontaí. |
| **Comhoibriú idir-ghníomh-aireachta** | An próiseas ina dtagann daoine óga, gníomhaireachtaí agus/nó eagraíochtaí pobail/deonacha le chéile chun fadhbréiteach idirspleách a dhéanamh a dhíríonn ar fheabhas a chur ar thorthaí do dhaoine óga (féach Caibidil 6 chun teacht ar bhreis sonraí). |
| **Samhail loighice** | Léiriú grafach ar sheirbhís don ógra nó de scéim cistithe, a léiríonn an caidreamh a bheartaítear idir ionchur, gníomhaíochtaí, aschur agus torthaí. |
| **Meabhrán tuisceana** | Comhaontú a dhéantar idir dhá pháirtí nó níos mó a dtugtar cuntas air i gcáipéis fhoirmiúil. |
| **Foghlaim sheach-fhoirmiúil** | Próiseas eagraithe oideachais is ea foghlaim neamhfhoirmiúil atá anuas ar chórais phríomhshrutha oideachais agus oiliúna, agus ní gnách go n-eascraíonn deimhniúchán as. |
| **Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta (CCNC) don obair don ógra** | Is uirlis tacaíochta agus forbartha é CCNC a bhfuil mar aidhm aige cabhrú le heagraíochtaí oibre don ógra chun láidreachtaí agus limistéir a shainaithint atá le forbairt ina seirbhísí agus chun dul chun cinn a thagarmharcáil dá réir. |
| **Torthaí** | Na torthaí a tháirgtear as aschur cláir. |
| **Aschur** | Líonta ar leith na seisiún, líonta na ndaoine óga, agus na cláir a críochnaíodh. |

| | |
|---|---|
| **Obair for-rochtana** | Modh atá i gceist le hobair for-rochtana ina ndéantar teagmháil le daoine óga agus ina spreagtar iad chun na seirbhísí a fháil atá ar tairiscint i seirbhís don ógra. Tá cuspóir soiléir ag obair for-rochtana (téarma ar leith ó obair ar a láthair féin nó obair sráide) chun daoine óga a spreagadh chun teacht a fhad le háitreabh na seirbhíse don ógra. |
| **Eagraíocht chomh-pháirtí** | Aonán a oibríonn le heagraíocht atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** chun na seirbhísí faofa a sholáthar do dhaoine óga. B'fhéidir go bhfaigheann nó b'fhéidir nach bhfaigheann an eagraíocht chomhpháirtí cistiú go díreach tríd an scéim. |
| **Clár** | Sraith gníomhaíochtaí nó tionscnamh a sholáthraítear do/le daoine óga a bhfuil aidhm ar leith leis a leagann an bhunchloch faoi sheirbhís don ógra nó seirbhís ar feadh méid ar leith ama a oibriú. |
| **Atreorú** | An próiseas ina ndéantar duine óg a threorú nó a atreorú chuig speisialtóir nó gníomhaireacht chuí chun teacht ar thacaíocht faoi leith. Is féidir le heagraíocht chististhe atreorú a fháil ó ghníomhaireacht eile dá limistéar ar leith saineolais agus/nó tacaíochta. |
| **Soláthar bunaithe ar chearta** | Ar aon dul le beartas, reachtaíocht agus coinbhinsiúin náisiúnta agus idirnáisiúnta, is "sealbhóirí ceart" iad leanaí faoi aois 18 mbliana agus ba cheart a gcearta a chosaint agus meas agus tuiscint a léiriú orthu mar chuid de sholáthar seirbhíse. |
| **Riail** | Sraith amháin de rialacháin shoiléire a rialaíonn nós imeachta laistigh de limistéar gníomhaíochta nach mór cloí leo. |
| **Seirbhís don ógra** | Na gníomhaíochtaí, an idirghabháil agus na tacaíochtaí a chuireann eagraíocht atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** ar fáil. Is gnách gurb éard a bhíonn i gceist le seirbhís ná nuair a oibríonn aonán dlíthiúil amháin (ina mbíodh roinnt seirbhísí cistithe don ógra: Tionscadal don Óige/Tionscadail Speisialta don Óige/Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla) faoi aon choimirce amháin i gceantar tíreolaíochta sainithe. |
| **Limistéar seirbhíse** | Seo iad sraith riachtanais na n-ógánach a chónaíonn laistigh de cheantar tíreolaíochta BOO. Deimhnítear iad tríd an Uirlis Mheasúnaithe ar Riachtanais Phróifíl Cheantair a úsáid. |
| **Obair sráide** | Oibriú le daoine óga chun cláir agus gníomhaíochtaí a sholáthar ag féachaint le tacú leo chun teacht ar sheirbhísí a sholáthraítear in ionaid/foirgnimh. |

| | |
|---|---|
| **Foireann a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu** | Foireann a measann a bhfostóir go bhfuil na cáilíochtaí ábhartha agus an leibhéal riachtanach taithí acu chun tabhairt faoin ról i leith an chaighdeáin riachtanaigh. |
| **Ionad a fháil ar cíos** | Áitreabh a fháil ar cíos chun cláir/imeachtaí a chur ar siúl ann. |
| **Eagraíocht óige** | Saghas eagraíochta é seo a sholáthraíonn gníomhaíochtaí agus sóisialú do dhaoine óga. |
| **Duine óg** | Duine idir 10 agus 24 bliain d'aois. |
| **Obair don ógra** | Clár pleanáilte oideachais atá deartha ar mhaithe le cabhrú le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga agus iad a fheabhsú trína rannpháirtíocht dheonach, agus atá –<br>(a) comhlántach lena n-oideachas agus oiliúint fhoirmiúil, acadúil, nó ghairmoideachais; agus<br>(b) a chuireann eagraíochtaí deonacha oibre don ógra, go príomha, ar fáil. |

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **MRPCRS** | Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanais Seirbhíse |
| **CAMHS** | Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus Daoine Fásta |
| **LSÉ** | An Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha |
| **CSLDÓ** | Coiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga |
| **RLGÓ** | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| **RCPA** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| **An BOO** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **BOOÉ** | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| **An RGCS** | An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| **TF** | Teicneolaíocht Faisnéise |
| **TFDÁ** | Tionscadail Tascfhórsa Drugaí Áitiúil |
| **LGBTI+** | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Idirghnéasach |
| **CCNC** | Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta |
| **ÁSPC** | Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta |
| **SCÓL** | Scéim Cistithe Óige Leasaithe |
| **CS** | Comhaontú Seirbhíse |
| **TSÓ** | Tionscadail Speisialta don Ógra |
| **An SACÓ** | Scéim Cistithe Óige Aistrithe |
| **UBU** | **UBU D'Áit Do Spás** |
| **LAABCÓ** | Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra |
| **CSSDÓ** | Ciste Saoráidí agus Seirbhísí do Dhaoine Óga |

# Léargas ar an gCáipéis

## Aidhmeanna na cáipéise beartais agus rialacha seo

- Caighdeán chur i bhfeidhm **UBU D'Áit Do Spás** a chinntiú agus barr feabhais a chur ar na torthaí do dhaoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois.
- Na rialacha oibriúcháin a chur in iúl go soiléir do phríomhpháirtithe leasmhara.
- Tacú le tuiscint chomhsheasmhach, thrédhearcach agus chomhpháirteach ar **UBU D'Áit Do Spás**
- i measc páirtithe leasmhara.
- Soiléireacht a sholáthar maidir le spriocghrúpa, saghsanna seirbhísí don ógra agus láthair sheirbhísí don ógra.
- Príomhróil, freagrachtaí, struchtúir agus amlínte a shoiléiriú maidir le riarachán, rialachas, soláthar, poiblíocht, agus maoirseacht agus bainistíocht feidhmíochta a shoiléiriú.
- Cuntasacht a fheabhsú sa RLGÓ, BOOanna agus eagraíochtaí cistithe chun **UBU D'Áit Do Spás** a chur i bhfeidhm.
- Tacú le trédhearcacht maidir leis an méid ar cuireadh **UBU D'Áit Do Spás** ar siúl lena bhaint amach agus conas a bhainfidh páirtithe leasmhara na torthaí amach a bhfuil súil leo.
- Tuiscint a fhorbairt i measc páirtithe leasmhara ar cháilitheacht do chistiú agus conas is féidir cistí **UBU D'Áit Do Spás** a chaitheamh.

## Scóip agus cuspóir na cáipéise beartais agus rialacha seo

Níl baint ag na rialacha a dtugtar cuntas orthu sa cháipéis seo ach le **UBU D'Áit Do Spás**. Ní bhaineann na rialacha seo ach le haon scéimeanna cistithe eile an RLGÓ, nó le scéimeanna cistithe i Ranna Rialtais eile.

Lorgaítear sa chéad dá chaibidil chun léargas ginearálta ardleibhéil a thabhairt don léitheoir ar an scéim a chuirfear i ngníomh in 2020. Sonraítear i gcaibidlí 3, 4 agus 5 thíos an próiseas a úsáidtear chun riachtanais daoine óga a shainaithint, conas iarratas a dhéanamh ar chistiú agus conas a dhéantar measúnú ar iarratas. Sonraítear i gcaibidlí 6, 7 agus 8 thíos conas atá cistí **UBU D'Áit Do Spás** le bainistiú agus conas atá siad le tuairisciú agus sonraítear i gcaibidlí 9 agus 10 na huirlisí riachtanacha maoirseachta agus bainistíochta feidhmíochta agus rialachas dlíthiúil na scéime.

Aithníonn an RLGÓ go mbeidh tacaíochtaí breise ag teastáil i rith chéad chóras cistithe na scéime agus tugtar cuntas orthu seo sa phlean um chur i bhfeidhm don scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

## Conas an cháipéis seo a úsáid

Cuirtear na rialacha oibriúcháin ar fáil sa cháipéis seo ar féidir le gach duine aonair a lorgaíonn cistiú nó a bhfuil cistiú á fháil aige/aici tagairt a dhéanamh dóibh ag aon tráth nuair a dhéantar iarratas ar chistiú nó i gcaitheamh a gcuid oibre. Teastaíonn an leabhar rialacha beartais agus oibriúcháin seo lena chinntiú go ndéantar **UBU D'Áit Do Spás** a chur i bhfeidhm go rathúil, go héifeachtach agus go comhsheasmhach i measc na bpáirtithe leasmhara go léir. Tá **UBU D'Áit Do Spás** i mbun feidhme ó Iúil 2020 ar aghaidh.

## Treoracha úsáideora

Tá treoracha úsáideora ar fáil ina sonraítear an obair agus na tascanna a dhéantar go rialta nach mór don RLGÓ, BOOanna, eagraíochtaí cistithe agus foireann na seirbhíse cistithe don ógra cloí leo maidir le **UBU D'Áit Do Spás**.

## Leasuithe ar an gcáipéis bheartais seo

Bhí an t-eolas sa cháipéis rialacha agus bheartais seo cruinn ag tráth an scríofa. Tá gnéithe de **UBU D'Áit Do Spás** faoi réir forbairt bhreise agus feabhsú leanúnach i rith an chéad chórais dá chur i bhfeidhm, 2020 go 2023. I measc na limistéar ina ndéanfar mionleasú, tá cáilíocht, torthaí, glór an duine óig a thabhairt san áireamh, meastóireacht scéime, fóram fianaise a fhorbairt agus meicníocht a fhorbairt trínar féidir athbhreithnithe seirbhíse a dhéanamh.

Is dóchúil go dtiocfaidh forbairt agus athrú ar an mbeartas agus na rialacha oibriúcháin seo laistigh de. D'fhéadfadh beartais agus struchtúir nua teacht chun solais. Cuirfidh an RLGÓ aon fhorbairtí a dhéanfar ina dhiaidh seo ar **UBU D'Áit Do Spás** in iúl do pháirtithe leasmhara, trí mheabhrúcháin nó ciorcláin a eisíonn an Roinn agus trí láithreán gréasáin na scéime ar bhonn leanúnach.

Tabhair cuairt, le do thoil, ar láithreán gréasáin na scéime chun teacht ar an leagan reatha den cháipéis seo (ubu.gov.ie).

## GLUAIS DON CHÁIPÉIS BHEARTAIS SEO

- EOLAS: AN COMHTHÉACS BEARTAIS A SHOLÁTHAR
- TÁ RIAIL BHEARTAIS UBU D'ÁIT DO SPÁS LE BHEITH COMHLÍONTACH LE UBU D'ÁIT DO SPÁS A IONTRÁIL IN 2020
- TÁ RIAIL BHEARTAIS UBU D'ÁIT DO SPÁS LE BHEITH COMHLÍONTACH FAOI DHEIREADH 2021
- MOLADH MAIDIR LE DEA-CHLEACHTAS
- CUIMHNIGH – TÁ SEO TÁBHACHTACH DON PHRÓISEAS IAR
- IS FÉIDIR AN CHÁIPÉIS A ÍOSLÓDÁIL Ó LÁITHREÁN GRÉASÁIN UBU D'ÁIT DO SPÁS
- TUGTAR SONRAÍ BREISE FAOIN BPRÓISEAS SA LÁMHLEABHAR ÚSÁIDEORA

**Tabhair faoi deara, le do thoil, ní bheartaítear an ghluais seo ach a bheith mar threoir tháscach. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tsraith iomlán cáipéisíochta do UBU D'Áit Do Spás chun tuiscint iomlán a fháil ar an scéim.**

# Cuid a hAon Fáilte chuig UBU D'Áit Do Spás

## Achoimre feidhmiúcháin

Cuirtear an cháipéis seo i láthair i gcomhthéacs sárobair reatha agus tiomantas leanúnach seirbhísí don ógra, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus Ranna Rialtais chun tacú leis na torthaí is fearr agus is féidir do dhaoine óga in Éirinn. Bunaíodh an próiseas ina ndeartar **UBU D'Áit Do Spás** ar a aithint gurb iad na heagraíochtaí seo an bhunchloch faoi sholáthar óige sa tír seo agus go bhfuil an obair a dhéanann siad sárluachmhar. Aithníonn an cháipéis seo na róil ríthábhachtacha a ghlacann foireann seirbhíse don ógra agus an iomaí oibrí deonach a chuireann a gcuid ama ar fáil agus a dhéanann iarracht an-fhlaithiúil chun cabhrú lenár ndaoine óga agus iad a threorú. Aithníonn **UBU D'Áit Do Spás**, de bhreis air sin, an ról agus an fhreagracht shuntasach atá ag/ar an earnáil óige maidir le tacú le daoine óga, go háirithe iad siúd is mó a mbíonn dúshláin an tsaoil ina n-ualach orthu. Dá réir, is é ról na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige a chinntiú go bhfuil an timpeallacht bheartais agus rialachais ina n-úsáidtear an cistiú seo oiriúnach don fheidhm agus a go gcuireann sé ar chumas na bpáirtithe leasmhara go léir an beart is fearr agus is féidir a dhéanamh dár ndaoine óga.

Tugtar cuntas sa cháipéis bheartais seo ar na príomhrialacha agus an comhthéacs beartais chun eolas a chur ar fáil do chur i bhfeidhm éifeachtach, comhsheasmhach agus trédhearcach na spriocscéime cistithe óige a athbhrandáladh le déanaí, a dtugtar "**UBU D'Áit Do Spás**" anois air.

Is é misean **UBU D'Áit Do Spás** chun tacaíochtaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileacha (idir 10 agus 24 bliain d'aois) ina bpobail lena chur ar a gcumas chun droch-chúinsí a shárú agus a lánchumas a bhaint amach. Caithfear na tacaíochtaí seo a sholáthar ar aon dul le luachanna, spriocanna, cuspóirí agus rialacha na scéime agus mar fhreagairt do riachtanais daoine óga, faoi mar a shainaithin na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).

Rinneadh scéimeanna cistithe roimhe seo a athchóiriú i ndiaidh athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar chláir don ógra in Éirinn, agus rinneadh athbhreithniú ar phríomh-mholtaí an athbhreithnithe seo – in ***Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra*** (LAABCÓ) – nuair a bhí an scéim **UBU D'Áit Do Spás** á dearadh agus cuireadh moltaí eile san áireamh ina chéim um chur i bhfeidhm (féach Aguisín 2 – Próiseas dearaidh straitéisigh **UBU D'Áit Do Spás**). Tasc casta is ea scéim cistithe dhea-bhunaithe phobalbhunaithe a athchóiriú agus aithnímid go mb'fhéidir nach ndearnadh na feabhsúcháin go léir a chuimsiú ón gcéad lá anall. Ar an gcúis seo, prionsabal bunúsach den scéim is ea samhail feabhsúcháin leanúnaigh. Tá dualgas ar an lucht déanta beartas sa RLGÓ, anuas orthu siúd go léir a chistítear faoin scéim chun na hathruithe a chur i ngníomh agus a chur in iúl a bhronnfaidh luach ar na seirbhísí a sholáthraítear. Ní féidir linn seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus súil a bheith leis na torthaí is fearr do dhaoine óga ach tríd an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht leanúnach seo a dhéanamh.

Cuirfidh ceachtanna a foghlaimíodh ón gcéad bhabhta inar cuireadh **UBU D'Áit Do Spás** i bhfeidhm eolas ar fáil d'fheabhsú leanúnach na scéime.

# Caibidil 1 **UBU D'Áit Do Spás a Chur i Láthair**

MISEAN




FÍOR 1.1: TÁ DAOINE I GCROÍLÁR ÁR MISIN

## 1.1 Ráiteas Misin UBU D'Áit Do Spás[1]

**Is é Ráiteas Misin UBU D'Áit Do Spás:**

Tacaíochtaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga ina bpobail lena chur ar a gcumas chun droch-chúinsí a shárú agus a lánchumas a bhaint amach trí fheabhas a chur ar a dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta.

Tá ráitis mhisin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na scéime **UBU D'Áit Do Spás** fite fuaite lena chéile maidir lena chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí agus seirbhísí is fearr agus is féidir ar fáil do dhaoine óga.

**Is é ráiteas misin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige:**

Ceannas a ghlacadh ar an iarracht chun feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus daoine óga in Éirinn.

1 Tá an scéim **UBU D'Áit Do Spás** ar aon dul leis *an mbeartas Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, LGBTI+ agus an Straitéis Óige Náisiúnta.*



FÍS

## 1.2 Fís

Mar a chéile le haidhm *na Straitéise Óige Náisiúnta*, is é fís **UBU D'Áit Do Spás** go gcuirtear ar chumas na ndaoine óga go léir a lánchumas a bhaint amach trí mheas a léiriú ar a gcearta agus éisteacht lena nglórtha, agus iad á gcosaint agus á dtacú i gcomhthráth fad a aistríonn siad ó aois an pháiste chuig aosacht.



LUACHANNA

## 1.3 Luachanna

Tá na luachanna seo a leanas ag **UBU D'Áit Do Spás** a chuireann eolas ar fáil do sholáthar na scéime:

- Is faoi dhaoine óga atá sé chun páirt a ghlacadh i réimse fairsing gníomhaíochtaí ardchaighdeáin neamhfhoirmiúla oideachais, a théann i ngleic le neamhionannas, a cheiliúrann an éagsúlacht, agus a chuireann ionchuimsiú chun cinn.
- Tá soláthar bunaithe ar chearta, agus tá sé ógánachláraithe, cuireann sé le láidreachtaí daoine óga agus tá sé solúbtha agus airdeallach ar a riachtanais i gcomhthráth, agus spreagann sé braistint muintearais agus úinéireachta.
- Obair forbartha agus chumasaithe atá i gceist leis an obair agus féachann sé le daoine óga a spreagadh chun a lánchumas a bhaint amach. Déantar seo, go ginearálta, trí ghníomhaíochtaí sábháilte, agus atá pobalbhunaithe, go príomha, a dhéanamh atá spraíúil agus dúshlánach agus spreagthach, chomh maith leis sin.
- Leagann an obair béim ar chaidreamh a fhorbairt, éisteacht, iontaoibh, glacadh, foighne, agus meas. Dírítear ar luath-idirghabháil agus ar chosc, agus is féidir leis seo a bheith teiripeach, nuair is gá.
- Tá soiléireacht chuspóra ann, agus ba cheart go mbeadh cleachtóirí cáinteach agus machnamhach maidir lena chinntiú go gcuireann fianaise eolas ar fáil dá gcuid oibre.
- Déantar tionscadail[2] do dhaoine a uasmhéadú trí shocruithe éifeachtúla, éifeachtacha agus trédhearcacha rialachais, bainistíochta, agus riaracháin a chur chun cinn a thacaíonn le hobair ardchaighdeáin.

2 Tagraítear do thionscadail sna luachanna; ach tagraítear dóibh sa chuid eile den cháipéis mar 'seirbhísí don ógra'.

SPRIOCANNA

## 1.4 Spriocanna agus cuspóirí

Tá dhá chuspóir uileghabhálacha ag **UBU D'Áit Do Spás**, a bhainfear amach trí chuspóirí ar leith a bhaint amach.

# Sprioc 1

Is éard a dhéanann an sprioc seo ná "seirbhísí don ógra atá ógánachláraithe, pobalbhunaithe agus lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga a dteastaíonn tacaíocht uathu".

Is iad na cuspóirí a bhaineann le tacú le Sprioc a hAon a bhaint amach:

1. Na torthaí forbartha pearsanta agus sóisialta a chomhtháirgeadh le daoine óga a chuireann le feabhsúcháin ar a gcás.
2. Torthaí a fheabhsú do dhaoine óga i réimse limistéir bheartais, e.g. sláinte, oideachas.
3. An teacht a bhíonn ag dhaoine óga ar dheiseanna oideachais neamhfhoirmiúil, forbartha, caitheamh aimsire agus cultúrtha a fheabhsú.
4. Daoine óga a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn tionscadail don óige á ndearadh agus á bhforbairt agus á soláthar.
5. Freagairt do riachtanais athraitheacha, glacadh le cur chuige foghlama, agus bheith faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.
6. Bheith curtha ar an eolas ag measúnú cuimsitheach tíreolaíoch agus téamach ar riachtanais a bhaineann leas as sonraí áitiúla agus náisiúnta, chomh maith le heolas áitiúil.
7. Tionscadail ardchaighdeáin don óige a sholáthar a úsáideann obair don ógra agus as cleachtais agus cur chuige eile neamhfhoirmiúil atá bunaithe ar fhianaise.
8. Spásanna sábháilte, fáilteacha agus neamhbhreithiúnacha a sholáthar i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste a chuireann idir dheiseanna agus dúshláin ar fáil a chuireann ar chumas daoine óga a dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta a fhorbairt.

# Sprioc 2

Is éard a dhéanann an sprioc seo ná "a chinntiú go gcuireann gach sraith den struchtúr rialachais leis an obair dhíreach a dhéantar le daoine óga". I gcomhthéacs na scéime cistithe UBU, tá sna sraitheanna seo an RLGÓ, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus eagraíochtaí cistithe.

Chun tacú le Sprioc a Dó den scéim **UBU D'Áit Do Spás** a bhaint amach, sonraíodh na cuspóirí seo a leanas:

1. Na critéir a dheimhniú agus a athbhreithniú chun an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a iontráil agus fanacht ann.
2. Cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach don spriocghrúpa.
3. Socruithe éifeachtúla agus trédhearcacha rialachais, bainistíochta agus riaracháin a chur chun cinn chun tacú le hobair ardchaighdeáin.
4. Na hacmhainní a sholáthar do shocruithe rialachais a thacaíonn go gníomhach le cur i bhfeidhm agus a bhfuil róil agus freagrachtaí acu a dtugtar cuntas soiléir orthu ar gach leibhéal den struchtúr rialachais.
5. Córais a fhorbairt a íoslaghdaíonn an t-ualach riaracháin ar oibrithe agus eagraíochtaí.
6. Réimse uirlisí tomhais agus maoirseachta a sholáthar a chuireann barr feabhais ar chleachtas agus a chabhraíonn leis an mbonn fianaise a fhorbairt d'obair le daoine óga.
7. Cumas a thógáil ar gach leibhéal den struchtúr rialachais.

## 1.5 Na Seacht dtoradh forbartha pearsanta agus sóisialta

Ar aon dul leis an bhfianaise shubstainteach agus atá ag dul i méid go dtacaíonn cumas sóisialta agus mothúchánach le torthaí dearfacha saoil a bhaint amach (gnóthachtáil oideachais, fostaíocht agus sláinte ina measc), aithnítear sa scéim **UBU D'Áit Do Spás** teoiric seo an athraithe. Luaitear, chomh maith leis sin, in LAABCÓ: "Tá sé á lua níos minice, chomh maith, gurb é cumas ar nós athléimneachta, cumarsáide, agus idirbheartaíochta bunchloch na hinfhostaitheachta. Tugann fianaise le fios gur féidir le cur chuige a dhíríonn ar chumas sóisialta agus mothúchánach a fhorbairt, ar nós iad seo, tionchar fadtéarmach níos mó a imirt ná iad siúd nach ndíríonn ach ar "comharthaí" drochthorthaí a laghdú do dhaoine óga".[3] Liostaítear thíos na seacht dtoradh, faoi mar a shainaithnítear in LAABCÓ (2014), ar cheart dó feabhsúcháin a sholáthar, bunaithe ar fhianaise, i measc an réimse riachtanas a chuimsítear sa scéim **UBU D'Áit Do Spás**:




FÍOR 1.2 NA SEACHT LIMISTÉAR TORTHAÍ

3 Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra (2014, lch 161), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**1. Scileanna cumarsáide** – baineann bunriachtanas leo seo chun go n-éireoidh leat obair nó oiliúint a bhaint amach, chun neamhspleáchas a bhaint amach, agus teacht a bheith agat ar réimse deiseanna saoil, chun gnóthachtáil a dhéanamh, chun caidreamh dearfach a chruthú agus chun laghduithe a bhaint amach ar athchiontú.

**2. Muinín agus gníomhaireacht** – a chur ar chumas daoine óga a aithint gur féidir leo difríocht a dhéanamh dá saol féin agus go bhfuil cuspóir ag iarracht, agus go mbaineann tábhacht leis maidir le príomhthorthaí, ar nós an ratha a bhíonn ar ghairm bheatha. Tá fianaise ann maidir le nasc idir torthaí dearfacha agus féinmhuinín.


**3. Pleanáil agus fadhbréiteach** – cuireann iad seo, anuas ar athléimneacht, "sciath dhearfach chosanta" ar fáil do dhaoine óga in aghaidh torthaí diúltacha a bhaineann le heachtraí saoil a chruthaíonn baol. Tugadh le fios, chomh maith, go gcabhraíonn fadhbréiteach leis an strus a bhíonn orainn a shárú.

**4. Caidreamh** – meicníocht éifeachtach chun daoine óga a spreagadh chun bheith bainteach i ngníomhaíochtaí dearfacha fiúntacha le piaraí, daoine fásta nó siblíní. Is féidir athrú tairbhiúil ar chaidreamh daoine óga le daoine fásta eile trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dearfacha a aistriú go dtí foghlaim acadúil agus féadtar torthaí níos fearr a bhaint amach dá bharr.

**5. Cruthaitheacht agus samhlaíocht** – tá baint acu seo le hathléimneacht agus folláine. Is féidir le cruthaitheacht a tionchar dearfach a imirt ar fhéinmheas agus ar ghnóthachtáil, ar an iomlán, a bhaint amach.

**6. Athléimneacht agus diongbháilteacht** – má dhéanann an tsochaí idirghabháil luath a dhóthain, is féidir leis cumas cognaíoch agus socheacnamaíoch agus sláinte leanaí faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú. Is féidir le luath-idirghabháil éifeachtach scolaíocht a chur chun cinn, coireacht a laghdú, táirgiúlacht an lucht saothair a chothú agus toircheas i measc déagóirí a laghdú. Tugadh féindisciplín chun solais mar ghné ríthábhachtach chun gnóthachtáil acadúil a fhorbairt, agus is fearr i bhfad a dhéanann sé é seo ná sainuimhir éirime (IQ).

**7. Éirim mhothúchánach** – baineann seo leis an gcumas chun mothúcháin a bhainistiú trínár mothúcháin féin a bheith ar eolas againn, agus trí mhothúcháin daoine eile a aithint agus a thuiscint. Baineann ríthábhacht leis seo chun caidreamh a bhainistiú (e.g. mothúcháin daoine eile a bhainistiú).



SPRIOCGHRÚPA

## 1.6 Spriocghrúpa

Faoi mar a ndéantar cur síos air sa *Straitéis Óige Náisiúnta*, is iad daoine óga atá idir 10 agus 24 bliain d'aois atá thíos le himeallú nó atá faoi mhíbhuntáiste nó leochaileach an príomh-spriocghrúpa do sheirbhísí don ógra atá cistithe ag **UBU D'Áit Do Spás**. Is féidir leis na daoine óga seo a bheith ó cheann amháin nó aon mheascán de na grúpálacha seo a leanas:

**Daoine óga atá thíos le míbhuntáistí geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha.**

- Daoine óga a chónaíonn i bpobail ina bhfuil ard-dlús teaghlach/daoine aonair:
  - » A bhraitheann ar leas sóisialach nó a bhfuil ioncaim ísle acu; a bhíonn thíos le dífhostaíocht idirghlúine;
  - » A bhfuil ardleibhéil andúile ina measc; nó arb as teaghlaigh aontuismitheora dóibh.
- Áirítear leis, chomh maith, daoine óga ar chlis caidreamh a dtuismitheoirí agus nár baineadh ach leibhéal íseal de gnóthachtáil oideachais amach iontu, daoine óga ina measc a chónaíonn i bpobail ina bhfuil scór díothachta faoi lúide deich.

**Daoine óga atá thíos le himeallú** a gcuireann a gcúinsí ar leith teorainn ar a ndeiseanna, an méid seo a leanas ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh:

- **Cúramóirí óga**;[4]
- **An Lucht Siúil agus Romaigh**;[5]
- **Immigrants (or migrants)**;
- **Inimircigh (imircigh)**;
- **Daoine óga faoi mhíchumas:** Tugtar sainmhíniú san Acht um Míchumas (2005)[6] ar mhíchumas mar "srian substainteach ar chumas an duine chun tabhairt faoi ghairm, gnólacht nó gairm bheatha sa Stat, nó páirt a ghlacadh sa saol sóisialta nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar lagú buan fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachtúil".
- **Daoine Óga Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha, Idirghnéasacha (LGBTI+)**

**Daoine óga atá leochaileach nó a bhfuil an baol ann nach n-éiríonn go maith leo** an méid seo a leanas ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Daoine óga atá i gcúram nó a bhfuil cúram á fhágáil acu;
- Daoine óga atá thíos le nó bainteach le mí-úsáid substaintí;
- Daoine óga nach bhfuil ach beagán de struchtúr foirmiúil nó struchtúr foirmiúil ar bith ina saol (mar shampla, daoine óga nach bhfuil san oideachas, in oiliúint nó i bhfostaíocht);
- Daoine óga atá thíos le haonrú tuaithe; agus
- Daoine óga atá thíos le heaspa dídine.

4 An Phríomh-Oifig Staidrimh (2019) Cúramóirí Óga. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.ie/and-communities/ young-carers/ [Arna rochtain an 05/04/2019]. Leabhar Reachtanna na hÉireann (2000) An tAcht um Stádas Comhionann, 2000 Baile Átha Cliath: Oifig an Ard-Aighne.


5 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2017) *An Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021*. Baile Átha Cliath: Is gnách leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Coimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa "Romaigh" a úsáid mar scáth-théarma nuair a thagraítear do roinnt grúpaí éagsúla (ar nós an mhéid seo a leanas: Romaigh, Sintígh, Kale, Giofóga, Romanichel, Boyash, Aisceailígh, Éigiptigh, an Pobal Léineach, Dom agus Lom) agus áirítear leo, chomh maith, Taistealaithe, gan sainiúlacht agus cineálacha stíleanna maireachtála agus cásanna na ngrúpaí seo a shéanadh.

6 Leabhar Reachtanna na hÉireann (2005) *An tAcht um Míchumas, 2005*. Baile Átha Cliath: Oifig an Ard-Aighne.

SAGHSANNA SEIRBHÍSÍ

## 1.7 Saghsanna seirbhísí don ógra a chistítear faoi UBU D'Áit Do Spás

Na trí shnáithe cistithe is féidir le heagraíochtaí a chur i bhfeidhm, iad siúd ina measc a chistíonn 1) eagraíochtaí chun seirbhísí don ógra a sholáthar go díreach do na spriocghrúpaí daoine óga de réir rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás** (Snáithe A), 2) teacht ar shaoráidí (Snáithe B) agus 3) acmhainní a fhorbairt (Snáithe C).




**Go hachomair, is iad na trí shaghas snáitheanna cistithe atá ar fáil:**

| | |
|---|---|
| **Snáithe A: Seirbhísí do Dhaoine Óga** | Cistiú do sholáthar díreach seirbhísí don ógra, ar bhonn tíreolaíoch nó téamach, don spriocghrúpa daoine óga don scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus na costais oibríochtúla a bhaineann leis an provision seo. |
| **Snáithe B: Rochtain ar Saoráidí Óige** | Cistiú chun tacú le rochtain don spriocghrúpa ar shaoráidí reatha óige Rochtain ar a tógadh i dtosach agus úsáid á baint as an gCiste Saoráidí agus Saoráidí Óige Seirbhísí do Dhaoine Óga 1 agus 2 (CSSDÓ 1 agus 2)[7] agus chun soláthar a dhéanamh don úsáid a bhaintear as spás oifige d'eagraíochtaí a chistítear faoin scéim. |
| **Snáithe C: Tógáil Cumais** | Cistiú do thacaíochtaí a thógann agus a neartaíonn cumas cleachtóirí túslíne/ eagraíochtaí cistithe chun seirbhísí don ógra agus seirbhísí do dhaoine óga a sholáthar i spriocghrúpa **UBU D'Áit Do Spás**. Caithfidh seirbhísí reatha a bheith iontu seo agus caithfidh seirbhísí don ógra a bheith iontu a cistíodh roimhe seo faoi CSSDÓ 1 agus 2, Scéim an Tascfhórsa Drugaí Áitiúil (TFDÁ) agus Tionscadail Speisialta don Ógra (TSÓ). |

7 Dhá scéim de na ceithre scéim a rinneadh a chónasadh agus a athchóiriú atá sna scéimeanna seo chun an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a chruthú.




Eolas: cuireann seo an comhthéacs beartais ar fáil

BEARTAS

## 1.8 An tsraith beartais, cistithe agus soláthair seirbhíse do UBU D'Áit Do Spás

Faoi threoir an Aire, is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an phríomhghníomhaireacht agus an deontóir don scéim **UBU D'Áit Do Spás**. Gníomhóidh na BOOanna mar an t-idirghabhálaí agus riarfaidh siad an cistiú ar eagraíochtaí chun tacú le seirbhísí don ógra a sholáthar. Bronntar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** ar eagraíochtaí trí chistiú deontais bliantúil. Tá an chéad sraith beartais agus soláthair seirbhíse don scéim **UBU D'Áit Do Spás** bunaithe ar phróiseas 3.5 bliain de phleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar sheirbhís don ógra. Beidh téarma trí bliana ag sraitheanna beartais ina dhiaidh seo. Léirítear na céimeanna a shonraítear sa tsraith beartais, cistithe agus soláthair seirbhíse don scéim **UBU D'Áit Do Spás** i bhFíor 1.3.




FÍOR 1.3: AN TSRAITH BEARTAIS AGUS SOLÁTHAIR SEIRBHÍSE DON SCÉIM UBU D'ÁIT DO SPÁS

## FÍS

Cuirtear ar chumas gach duine óig a lánchumas a bhaint amach, trí mheas a léiriú ar a gcearta agus éisteacht lena nglórtha, agus iad á gcosaint agus á dtacú i gcomhthráth fad a aistríonn siad ó aois an pháiste chuig aosacht.

## SPRIOCANNA

(1) "seirbhísí don ógra atá ógánachláraithe, pobalbhunaithe agus lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga a dteastaíonn tacaíocht uathu".

(2) "a chinntiú go gcuireann gach sraith den struchtúr rialachais leis an obair dhíreach a dhéantar le daoine óga". I gcomhthéacs na scéime cistithe UBU, tá sna sraitheanna seo an RLGÓ, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus eagraíochtaí cistithe.



## MISEAN

chun tacaíochtaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileacha (idir 10 agus 24 bliain d'aois) ina bpobail lena chur ar a gcumas chun droch-chúinsí a shárú agus a lánchumas a bhaint amach chun droch-chúinsí a shárú agus a lánchumas a bhaint amach trí fheabhas a chur ar a dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta.

## 7 LUACHANNA

Is faoi dhaoine óga atá sé chun páirt a ghlacadh i réimse fairsing gníomhaíochtaí ardchaighdeáin neamhfhoirmiúla oideachais.

Tá soláthar bunaithe ar chearta, agus tá sé ógánachláraithe.


Daoine óga a chumasú chun a lánchumas a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí pobalbhunaithe.

Caidreamh a fhorbairt, éisteacht, iontaoibh, glacadh, foighne, agus meas a dhíríonn ar idirghabháil luath agus ar chosc.

Soiléireacht an chuspóra.

Déantar tionscadail a uasmhéadú trí shocruithe éifeachtúla, éifeachtacha agus trédhearcacha rialachais, bainistíochta, agus riaracháin a chur chun cinn.



## SPRIOCGHRÚPA

Is iad daoine óga atá idir 10 agus 24 bliain d’aois atá thíos le himeallú nó atá faoi mhíbhuntáiste nó leochaileach an príomh-spriocghrúpa do sheirbhísí don ógra atá cistithe ag an scéim UBU.

## SRAITH SOLÁTHAIR BEARTAIS, CISTITHE AGUS SEIRBHÍSE

Tá an chéad sraith beartais agus soláthair seirbhíse don scéim UBU D’Áit Do Spás bunaithe ar phróiseas 3.5 bliain de phleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar sheirbhís don ógra. Téarma trí bliana a bheidh i sraitheanna beartais ina dhiaidh seo.



## TORTHAÍ PEARSANTA AGUS SÓISIALTA

Scileanna Cumarsáide.

Muinín agus Gníomhaireacht.

Pleanáil agus Fadhbréiteach.

Caidreamh.

Cruthaitheacht agus Samhlaíocht.

Athléimneacht agus Diongbháilteacht.


Faisnéis Mhothúchánach.

## SNÁITHEANNA CISTITHE

Cuireann **Snáithe A** cistiú ar fáil do sholáthar díreach seirbhísí óige.

Cuireann **Snáithe B** cistiú ar fáil chun tacú leis an teacht a bhíonn ag daoine óga ar shaoráidí reatha óige.

Cuireann **Snáithe C** cistiú ar fáil chun cumas a thógáil.



## 1.9 Cur chuige um chur i bhfeidhm


I rith an chéad chórais den scéim **UBU D'Áit Do Spás**, is féidir leis na heagraíochtaí a cistíodh faoi na ceithre iar-scéim iarratas a dhéanamh ar chistiú bunaithe ar shraith critéir cháilitheachta agus iarratas a théann i ngleic le riachtanais na seirbhíse a shocraigh an BOO. Is é an aidhm go nglacann an RLGÓ leis an gcur chuige seo ná chun cur isteach ar an soláthar do dhaoine óga agus lena chinntiú go dtacaítear le heagraíochtaí a shásaíonn na critéir cháilitheachta agus a bhfuil saineolas ábhartha acu isteach sa scéim nua. I ndiaidh na critéir cháilitheachta a shásamh, caithfidh eagraíochtaí cistithe a bhfuil deontais chistithe **UBU D'Áit Do Spás** á bhfáil acu na critéir mheasúnaithe go léir a shásamh don scéim **UBU D'Áit Do Spás** (laistigh de thréimhse 12 mhí i ndiaidh cistiú a fháil) agus seirbhísí don ógra a sholáthar chun freastal ar riachtanais daoine óga ar bhealach cost-éifeachtúil agus úsáid á baint as cur chuige bunaithe ar fhianaise. Nuair a bhíonn eagraíochtaí toiliúil chun athruithe a dhéanamh ar a samhlacha soláthair atá ar siúl le fada an lá, ceadaíonn an t-amfhráma 12 mhí idir iar-scéimeanna agus scéimeanna cistithe don aistriú tarlú (féach Caibidlí 4 agus 5 chun teacht ar bhreis sonraí).

Cuirtear léargas ginearálta ar fáil i gCaibidil 2 ar an tírdhreach cistithe ina bhfuil scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus an comhthéacs ónar forbraíodh é.

# Caibidil 2 **Cúlra UBU D’Áit Do Spás**

## 2.1 Cúlra agus comhthéacs beartais na scéime

Rinneadh scéim **UBU D’Áit Do Spás** a fhorbairt ar aon dul le moltaí ó *Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra* (2014)[8] tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ). Rinneadh sraith moltaí maidir le scéim nua a athfhorbairt a thiocfaidh in ionad na gceithre scéim reatha, a dtugtar cuntas orthu thíos i bhFíor 2.1. Féach Aguisín 2 ar chur síos ar conas a tharla dearadh na scéime.




FÍOR 2.1: THÁINIG AN SCÉIM UBU D’ÁIT DO SPÁS CHUN CINN Ó CHEITHRE SCÉIM REATHA


D’fhoilsigh Rialtas na hÉireann **Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga, 2015-2020** sa bhliain 2014. Is í fís an bheartais *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* chun “an tír bheag is fearr a dhéanamh d’Éirinn le fás aníos inti agus le clann a thógáil inti, agus ina léirítear meas ar agus ina gcosnaítear agus ina gcomhlíontar cearta na leanaí agus na ndaoine óga go léir; ina n-éistear lena nglórtha agus ina dtacaítear leo chun a gcumas uasta a bhaint amach anois agus amach anseo”.[9]

Beartas uile-Rialtais é *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus buntacaíonn sé le **UBU D’Áit Do Spás**. Oibrítear é i measc na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais go léir agus in eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla a oibríonn le, agus ar son, leanaí agus daoine óga.

8 AN RLGÓ (2014) *Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra*. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
9 An RLGÓ (2014) *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga, 2015-2020*. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

*Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Sainaithnítear sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga* cúig thoradh náisiúnta do leanaí agus sé sprioc chlaochlaitheacha lena chumasú níos mó leanaí agus daoine óga chun na torthaí náisiúnta a bhaint amach. Tá de chuspóir na spriocanna seo chun an córas tacaíochta mórthimpeall orthu a threisiú chun na torthaí náisiúnta a bhaint amach.

Tá an scéim **UBU D'Áit Do Spás** an-ailínithe leis an sprioc chlaochlaitheach a bhaineann le luath-idirghabháil agus cosc.



In 2015, foilsíodh ***an Straitéis Óige Náisiúnta 2015-2020*** mar straitéis atá mar chuid den bheartas ***Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile***.[10] Tá de chuspóir aige a chur ar chumas na ndaoine óga go léir a lánchumas a bhaint amach trí mheas a léiriú ar a gcearta agus éisteacht lena nglórtha, agus iad á gcosaint agus á dtacú i gcomhthráth fad a aistríonn siad ó aois an pháiste chuig aosacht. Tá fís **UBU D'Áit Do Spás** ar aon dul le haidhm ***na Straitéise Náisiúnta Óige***. Chun an aidhm seo a bhaint amach, leagtar amach sa straitéis deich gcuspóir a dhéanann nasc le gach ceann de chúig thoradh náisiúnta an bheartais ***Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile***. Iarrtar sa ***Straitéis Óige Náisiúnta***, chomh maith, go gcuirtear na moltaí i bhfeidhm a leagtar amach in ***Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Ógra*** amhail bheith bunriachtanach maidir le hathchóiriú scéimeanna cistithe don ógra.

Chun tacú leis ***an Straitéis Óige Náisiúnta***, agus an scéim **UBU D'Áit Do Spás**, ar a uain sin, a chur i bhfeidhm, cuirfidh an RLGÓ gníomhartha cumasaithe chun cinn i measc na gcúig limistéar toraidh náisiúnta do leanaí agus daoine óga. Is iad na gníomhartha cumasaithe seo:

- Seirbhísí ardchaighdeáin a chinntiú do dhaoine óga;
- Díriú ar chosc agus luath-idirghabháil; agus
- Feabhas a chur ar chomhordú agus comhoibriú i measc príomhpháirtithe leasmhara.

Ghabh ***an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020*** agus ***an Straitéis Óige Náisiúnta 2018-2020*** agus ***an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+ 2018-2020***[11] leis na foilseacháin ***Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*** agus ***an Straitéis Óige Náisiúnta***.

Is é sprioc ***na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht*** a chinntiú go mbeidh glór ag leanaí agus daoine óga ina saol aonair agus ina saol laethúil le chéile i measc na gcúig thoradh náisiúnta. Tá an straitéis dírithe go príomha ar leanaí agus daoine óga faoi aois 18 mbliana, ach cuirtear glór daoine óga san áireamh san aistriú chuig aosacht a shine le haois 24 bliain d'aois, an aois sin san áireamh. Dírítear sa straitéis ar shaol leanaí agus daoine óga agus na háiteanna agus na spásanna ina bhfuil siad i dteideal glór a bheith acu i gcinntí a imríonn tionchar ar a saol. Gné fheiceálach de dhearadh na scéime nua iad glórtha leanaí agus daoine óga. Cuirfidh an RLGÓ leis an mbunchloch seo trí struchtúir agus meicníochtaí a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm le rannpháirtíocht daoine óga a chumasú agus tacú leis i gcinnteoireacht i gcaitheamh chéad shraith beartais na scéime nua.

10 An RLGÓ (2015) ***An Straitéis Óige Náisiúnta: 2015-2020***. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
11 An RLGÓ (2015) ***An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020***. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; an RLGÓ (2018) ***An Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+ 2018-2020 Daoine óga LGBTI+: infheicthe, ardmheas orthu agus curtha san áireamh***.

Ghlac Rialtas na hÉireann le samhail rannpháirtíochta Lundy[12] chun cur i bhfeidhm *na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020* (Spás:Glór:Lucht Éisteachta:Tionchar). Tá de chuspóir ag an straitéis go mbíonn glór ag leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht i scoileanna, agus sna córas oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil níos fairsinge. Faoin straitéis seo, rachaidh Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i gcomhairle le leanaí agus daoine óga go cuí nuair a bhíonn beartas, reachtaíocht, taighde agus seirbhísí á bhforbairt, le tacaíocht an RLGÓ. Lorgaítear dul chun cinn de réir a chéile a dhéanamh sa straitéis, chomh maith, ar chritéir chistithe do chláir agus scéimeanna a chistítear go poiblí a bhaineann le leanaí agus daoine óga, ar gá dul i gcomhairle leo. Cuirfear sásamh na dtiomantas straitéiseach a leagtar amach thuas chun cinn i gcomhthéacs na scéime **UBU D'Áit Do Spás** i rith an chéad chórais i gcomhoibriú le Mol na nÓg.

Lorgaíonn **UBU D'Áit Do Spás** go mbíonn glór an duine óig lárnach maidir le conas a sholáthraítear seirbhísí.


Tá mar aidhm ag *an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+ 2018-2020* a chinntiú go bhfuil gach duine óg LGBTI+ infheicthe agus go léirítear luach orthu, agus chun timpeallacht shábháilte, thacúil agus ionchuimsitheach a chruthú do dhaoine óga LGBTI+. Ar cheann de chuspóirí na straitéise is ea gach seirbhís don ógra a dhéanamh níos ionchuimsithí do dhaoine óga LGBTI+ agus seirbhísí inrochtana LGBTI+ don ógra a sholáthar go náisiúnta. Áirítear leis seo, go sonrach, gníomh lena chinntiú go mbíonn beartas ag gach seirbhís don ógra a fhaigheann cistiú poiblí ar chuimsiú daoine óga LGBTI+. De bhreis air sin, teastaíonn gníomh breis chun dul i ngleic le bearnaí sa soláthar, agus aird ar leith ar rochtain ar sheirbhísí agus grúpaí i gceantair thuaithe.

Leagtar amach sa straitéis "*Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú – freagairt faoi stiúir na sláinte d'úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn, 2017-2025*" treo bheartas an Rialtais maidir le drugaí agus alcól a úsáid go dtí 2025. Is é aidhm na straitéise seo chun cur chuige sláinte poiblí comhtháite a sholáthar i leith úsáid drugaí agus alcóil, atá dírithe ar stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chothú laistigh den tsochaí. Cuimsítear sa straitéis gníomh a bhaineann go sonrach le soláthar seirbhíse don ógra faoi ghníomh straitéiseach uimhir 1.2.8 chun 'feabhas a chur ar sheirbhísí do dhaoine óga ar baol dóibh substaintí a mhí-úsáid atá i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus geilleagrach". Tacófar leis an ngníomh seo a sholáthar trí **UBU D'Áit Do Spás** a chur i bhfeidhm. Cuirtear níos mó eolas mionsonraithe ar fáil i gCaibidil 3 faoi conas a shainaithnítear daoine óga a dteastaíonn tacaíocht na scéime **UBU D'Áit Do Spás** uathu.

12 Laura, Lundy (2007) Voice" is not enough: conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child", Irisleabhar Taighde Oideachais na Breataine, 33:6, 927-942, ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.1080/01411920701657033

## 2.2 An Scéim UBU D'Áit Do Spás agus an tírdhreach cistithe óige

Oibrítear an scéim **UBU D'Áit Do Spás** i dtírdhreach casta beartais agus cistithe agus imríonn roinnt beartas agus straitéisí de chuid an RLGÓ agus cinn eile a bhaineann leis an Rialtas tionchar air, mar shampla, iad siúd de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, TUSLA, na Roinne Sláinte agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina measc. Tá roinnt beartas, scéimeanna agus struchtúr ann atá á gcur chun feidhme go díreach chun torthaí a fheabhsú do dhaoine óga. Níl na cistí seo go léir gníomhach laistigh den spás céanna "spriocdhírithe" atá na cistí sa scéim **UBU D'Áit Do Spás**. Tá straitéisí tras-Rialtais atá bunaithe ar shaincheisteanna ann, chomh maith, a dtacaíonn an scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus a n-imríonn an scéim sin tionchar orthu. Ainmnítear sampla díobh seo i bhFíor 2.2 thíos.




**Gealltanais bheartais a dtacaíonn agus a n-idirghníomhaíonn UBU D'Áit Do Spás leo**

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile 2014-2020; an Straitéis Óige Náisiúnta 2015-2020; an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020; an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+; Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú – freagairt faoi stiúir na sláinte d'úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn, 2017-2025; an Straitéis um Imeascadh Imirceach; Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020; Sochaí Níos Fearr a Chruthú do Chách; an Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Taistealaithe agus Romach, 2017-2021; Straitéis Náisiúnta na gCúramóirí; an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, 2017-2021; an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015; Straitéis Easpa Dídine an Aosa Óig; Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; Éire Shláintiúil; Future Jobs Ireland; Ag Dul i nGleic le hÓgchoireacht – an Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig, 2014-2018; Ceangal don Saol – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmhárú a Laghdú, 2015-2020; an Grúpa Ceannaireachta Spóirt; Clár Éire Ildánach; Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

FÍOR 2.2: SAMPLA DE NA SCÉIMEANNA CISTITHE ÓIGE


Oibreofar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** i dtimpeallacht inar minic go mbíonn sainseirbhísí gníomhach, anuas ar sholáthar uilíoch sna limistéir chéanna thíreolaíocha. Aithnítear gurb éagsúil go mór ar fud na tíre iad glacadh réigiúnach leis an scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus láithreacht stairiúil na réamhchistí. Cuspóir beartais é go mbunaítear an scéim **UBU D'Áit Do Spás** níos mó ar riachtanais. Tá an scéim á tabhairt isteach ar an mbealach is lú a chuireann isteach ar sholáthar seirbhísí do dhaoine óga agus tá sé bunaithe ar shamhail feabhsúcháin leanúnaigh, a bhraitheann ar chomhoibriú agus an bhaint a bhíonn ag páirtithe leasmhara na scéime a bheith éifeachtach.

Tá an scéim **UBU D'Áit Do Spás** á cur ar siúl i dtimpeallacht ina bhfuil CCNC oibríochtúil cheana féin agus ina soláthraíonn sé cúlra tábhachtach don scéim. Tugadh roinnt limistéar chun solais in athbhreithniú a rinneadh in 2017 a mhúnlóidh CCNC atá tagtha chun cinn, nuair a dhéanfar iad a athbhreithniú, a mbeidh sé mar chuspóir ag forbairtí amach anseo a thiocfaidh ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** cur leo. Is féidir le BOOanna leanúint le húsáid a bhaint as próisis CCNC i rith na chéad chéime den scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

# Cuid a Dó den Scéim Cistithe i nGníomh

# Caibidil 3 **Riachtanais a Shainaithint agus Tús Áite a Thabhairt dóibh**

Tugtar chun solais in LAABCÓ an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil riachtanais daoine óga i gceartlár **UBU D'Áit Do Spás** agus go sainaithnítear agus go bhfreagraítear ann go cuí do na riachtanais seo. Tugtar léargas ginearálta sa chaibidil seo ar an bpróiseas agus na rialacha a bhaineann le conas a shainaithnítear agus a dtugtar tús áite sa scéim **UBU D'Áit Do Spás** do riachtanais daoine óga.




FÍOR 3.1: IS É AN PRÓISEAS MRPCRS AN CHÉAD CHÉIM LENA CHINNTIÚ GO BHFUIL AN TSEIRBHÍS A SHOLÁTHRAÍTEAR TRÍD AN SCÉIM UBU D'ÁIT DO SPÁS CUÍ


## 3.1 Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanais Seirbhíse (MRPCRS)

Chun tuiscint ar an timpeallacht, cúinsí agus riachtanais daoine óga i bpobail ar leith a chruthú, tosaíonn an próiseas **UBU D'Áit Do Spás** gach sraith cistithe trí thabhairt faoi mheasúnú córasach ar riachtanais. Chun seo a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach agus lena chabhrú cur le híomhá náisiúnta, tá ar gach BOO uirlis Mheasúnaithe ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanais Seirbhíse (MRPCRS), a chuireann an RLGÓ ar fáil, a chur i gcrích. Tacaíonn an uirlis seo le BOO maidir le riachtanais daoine óga a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh a thagann faoi chuimsiú an spriocghrúpa a shainítear do sheirbhísí don ógra na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.[13] Iarrann MRPCRS ar BOO chun foinsí éagsúla d'eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil a thuiscint, a chomhtháthú agus a anailísiú. Roghnaíodh na foinsí sonraí mar gheall go bhfuil fáil náisiúnta orthu agus go gcuirtear ar fáil iad saor in aisce, agus cabhraíonn siad le comhsheasmhacht an dírithe a bhunú ar fud **UBU D'Áit Do Spás**. Nuair a bhíonn MRPLRS á chur le chéile, is féidir le BOOanna idirchaidreamh, chomh maith, leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, soláthraithe seirbhíse don ógra, a dtascfhórsaí drugaí agus alcóil agus CSLDÓanna (Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga) áitiúla ina measc.

Tá an Sprioc-Scéim Cistithe Óige: Léargas Ginearálta Ardleibhéil ar Phróifíl Cheantair, Measúnú ar Riachtanais agus Uirlis Riachtanas Seirbhíse ar fáil ar an láithreán gréasáin agus cuireann sé breis sonraí ar fáil ar an bpróiseas agus an uirlis.

## 3.2 Riachtanas Seirbhíse

Is é aschur deiridh na huirlise MRPCRS ná Riachtanais Seirbhíse a ghiniúint. Is ionann Riachtanas Seirbhíse agus achoimre ar an eolas is tábhachtaí a bailíodh tríd an uirlis MRPCRS. Cuireann sé ar chumas an BOO chun riachtanais tosaíochta daoine óga i gceantar tíreolaíoch a leagan amach d'eagraíochtaí a chuireann isteach ar chistiú trí phróiseas iarratais na scéime **UBU D'Áit Do Spás** (féach Fíor 3.2 thíos).




FÍOR 3.2: CUMASAÍONN MRPCRS RIACHTANAIS SEIRBHÍSE A FHORBAIRT

13 Rinne an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ), BOOanna agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (an LSÉ) an leagan den uirlis MRPCRS a bhí á húsáid don chéad tsraith beartais agus soláthair seirbhíse den scéim cistithe **UBU D'Áit Do Spás** a chomhdhearadh.

**Leagfaidh an Riachtanas/na Riachtanais Seirbhíse an bhunchloch faoin bpróiseas iarratais.** Gné mhór den mheasúnú a dhéanfar ar scéim **UBU D'Áit Do Spás** a tugadh chun críche a bheidh sa bhealach fhreagraíonn eagraíocht a lorgaíonn cistiú go leordhóthanach don Riachtanas Seirbhíse a d'fhoilsigh an BOO. Tugtar cuntas le sonraí níos mó i gCaibidlí 4 agus 5 ar an bpróiseas iarratais agus na critéir mheasúnaithe.

Aithníonn an RLGÓ go dtagann athrú i gcaitheamh na sraithe beartais ar na riachtanais agus na saincheisteanna a dhéanann difear do dhaoine óga i bpobal ar leith. Déantar seirbhísí cistithe, ar an ábhar sin, a chumasú chun freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn bunaithe ar fhianaise tríd an bpróiseas feidhmíochta agus maoirseachta a dtugtar cuntas air i gCaibidil 9.

Úsáidfidh BOOanna an uirlis MRPCRS chun Riachtanas Seirbhíse a ghiniúint don soláthar seirbhíse nua de réir mar a bhíonn fáil ar chistiú. D'fhéadfadh seo tarlú ag aon tráth i rith shraith beartais na scéime. Is faoi BOOanna a bheidh sé chun an RLGÓ a chur ar an eolas nuair a shainaithnítear ceantar tíreolaíochta nua atá ag teacht chun cinn agus ina bhfuil riachtanas. Tosaítear le plé ansin idir dá pháirtí is agus leagann seo an bhunchloch faoi iarrataí ar sholáthar seirbhíse nua a dhéanann BOO dá gceantar nó chun síneadh a chur le soláthar seirbhíse atá ann cheana féin a shíneadh i limistéar an BOO sin.

## 3.3 Ról agus freagrachtaí an RLGÓ maidir leis an uirlis MRPCRS

Tá na róil agus freagrachtaí seo a leanas ag/ar an RLGÓ:

- An teimpléad agus Lámhleabhar Treorach a eisiúint do BOOanna.
- Eolas, oiliúint agus acmhainní seisiúin tógála cumais a sholáthar, nuair is gá.
- Dul i ngleic le haon saincheisteanna teicniúla, má thagann siad chun solais.
- Na critéir a sholáthar a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an MRPCRS a tugadh chun críche do BOOanna.
- Aiseolas a sholáthar do BOOanna ar Mheasúnuithe ar Phróifíl Riachtanais Limistéir a tugadh chun críche.
- Riachtanais Seirbhíse an BOO a fhaomhadh mar bhonn na leithdháiltí cistithe.

## 3.4 Ról agus freagrachtaí an BOO maidir leis an uirlis MRPCRS a chríochnú

Is iad róil agus freagrachtaí an BOO maidir leis an uirlis MRPCRS a chríochnú:


- Grúpa comhordaithe BOO (nó a chomhionann de ghrúpa) a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnú phróifíl an cheantair a thabhairt chun críche.
- An t-eolas seo a úsáid a bailíodh chun Riachtanais Seirbhíse a chur le chéile, a ndéanfaidh an RLGÓ breithniú ar a bhfaomhadh.
- I ndiaidh shraith 2020-2023 **UBU D'Áit Do Spás**, is gá MRPCRS a chríochnú roimh an tsraith dá héis, faoi mar a ordaíonn an Roinn, chun na Riachtanais Seirbhíse a chur le chéile roimh an bpróiseas iarratais.

## 3.5 Ról na seirbhíse óige maidir leis an uirlis MRPCRS

- Páirt a ghlacadh mar pháirtí leasmhar i bpróiseas MRPCRS an BOO.
- Freagairt don Riachtanas/na Riachtanais Seirbhíse nuair a eisíonn an BOO é/iad.

# Caibidil 4 **An Próiseas Iarratais**

Sonraítear sa chaibidil seo an próiseas iarratais, na critéir nach mór a shásamh sula dtugtar iarratais chun cinn agus conas a oibreoidh na próisis athnuachana do **UBU D'Áit Do Spás**.




FÍOR 4.1: AN PRÓISEAS IARRATAIS MAIDIR LEIS AN BPRÓISEAS AGUS NA CÉIMEANNA MRPCRS

## 4.1 Iarratas ar shraith beartais na scéime UBU D'Áit Do Spás

Mairfidh an próiseas iarratais don chéad sraith 3.5 bliain (Iúil 2020-Nollaig 2023); oibreofar sraitheanna amach anseo ar feadh sraith beartais trí bliana (dar tús Eanáir 2024, Eanáir 2027, etc.). Éascaíonn na sé mhí bhreise sa chéad sraith eagraíochtaí iarratasóra chun ullmhú do chur i bhfeidhm iomlán na scéime agus a rialacha gaolmhara.

Sa chéad sraith den scéim **UBU D'Áit Do Spás**, titfidh an próiseas iarratais amach sa chéad ráithe in 2020 agus beidh ar eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar chistiú do thréimhse 18 mí agus cuirfear próisis athnuachana agus tuairiscithe ar bun ina dhiaidh sin ar bhonn bliantúil. Riarann BOOanna an próiseas iarratais agus déanfaidh siad moltaí leis an RLGÓ.

## 4.2 Próiseas chun iarratas a dhéanamh ar chistiú – seirbhísí don ógra atá cistithe faoi láthair

Ag tús na sraithe beartais, caithfidh na BOOanna an iarraidh a eisiúint ar iarratais chun freagairt don Riachtana(i)s Seirbhíse d'eagraíochtaí atá á gcistiú faoi láthair. Caithfidh gach eagraíocht iarratas a dhéanamh lena BOO ábhartha don scéim **UBU D'Áit Do Spás** trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais, atá ar fáil ar an láithreán gréasáin leis na nótaí treorach (ubu.gov.ie)

**Caithfidh eagraíocht iarratasóra freagairt go sonrach do Riachtana(i)s Seirbhíse a BOO.**

Caithfidh eagraíochtaí cuntas a thabhairt ar an méid a bheartaíonn a seirbhís a chur ar fáil a léiriú conas a bheartaíonn siad freastal ar na riachtanais a shainaithnítear sna Riachtanais Seirbhíse/sa Riachtanas Seirbhíse. Cuimseofar tréimhse 18 mí sa phlean mionsonraithe do sholáthar seirbhíse agus do bhuiséad gaolmhar sa cháipéisíocht tosaigh iarratais.

## 4.3 Na critéir cháilitheachta íosta chun iontráil isteach in UBU D'Áit Do Spás

Is é an chéad chéim d'aon eagraíochtaí a lorgaíonn cistiú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir cháilitheachta lena chinntiú dóibh féin gur féidir leo na riachtanais íosta iontrála don scéim a shásamh. A luaithe a chinntíonn siad é sin, iarrfar orthu foirm féindearbhaithe a chomhlánú mar chuid den phróiseas iarratais.

Caithfidh gach eagraíocht iarratasóra a bheith in ann ráiteas dearbhaithe a chur ar fáil agus, ar iarraidh sin, fianaise a chur ar fáil don BOO gur féidir leo an méid seo a leanas a chomhlíonadh sula n-iontrálann siad an scéim in Iúil 2020:

**Caithfidh an eagraíocht iarratasóra a lorgaíonn cistiú freagra dearfach a thabhairt ar an méid seo a leanas chun an scéim a iontráil:**

- An bhfuil Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais nó Bunreacht agat, ina dtugtar cuntas ar struchtúr rialachas na seirbhísí don ógra, agus liosta de Stiúrthóirí an Bhoird?
- An bhfuil tú toiliúil chun na taifid airgeadais agus ábhair ghaolmhara a sholáthar maidir leis an Deontas a chuireann an RLGÓ, an BOO agus/nó a chomhlachtaí ainmnithe, nó an Deontóir nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar fáil ar mhaithe le cuspóirí iniúchóireachta agus cigireachta?
- An bhfuil tú toiliúil chun rialacha na scéime UBU D'Áit Do Spás a shásamh?




Riail le haghaidh **UBU D'Áit Do Spás** in 2020
Is féidir é a íoslódáil ó láithreán gréasáin **UBU D'Áit Do Spás**

- An bhfuil tú toiliúil chun ciorclán 13/2014 an RCPA a chomhlíonadh agus an bhfuil na córais chuí i bhfeidhm agat le comhlíonadh a chinntiú?
- An bhfuil an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 á chomhlíonadh agat?
- An bhfuil leibhéil chuí árachais i bhfeidhm agat ar gach ceann de shócmhainní, dliteanas poiblí agus dliteanas fostóra na seirbhíse don ógra? An gcuimsíonn na leibhéil árachais a theastaíonn: €12.7 milliún d'árachas dliteanais fostóra; agus €6.5 milliún d'árachas dliteanais phoiblí? An bhfuil an BOO agus an RLGÓ slánaithe go sonrach agat sna polasaithe árachais go léir?
- An bhfuil próiseas earcaíochta agus roghnaithe ann a chomhlíonann an reachtaíocht ábhartha, a chuimsíonn Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar dhaoine fásta a oibríonn le daoine óga i gcáil íoctha agus dheonach ar aon dul leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016?
- An bhfuil Beartas Sláinte agus Sábháilteachta Eagraíochta i bhfeidhm agat agus an bhfuil duine ann a liostaítear mar Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta?
- An bhfuil cuntais agat a dhéantar a iniúchadh gach bliain féilire ag iniúchóirí seachtracha agus an bhfuil cuntais iniúchta shínithe 2018 ar fáil duit?
- An bhfuil a cóid rialachais á gcomhlíonadh go hiomlán ag an eagraíocht (e.g. Cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil aon scairchaipiteal aige, comhlachtaí poiblí, comhlachtaí carthanais, comharchumainn)?
- An bhfuil tú toiliúil chun tuairisciú go díreach leis an BOO ar obair le daoine óga, spriocanna a baineadh amach agus ceisteanna airgeadais?
- An bhfuil tú toiliúil chun páirt a ghlacadh i dtriail a bhaint as seirbhísí samplacha agus as uirlisí faoi mar a ordaíonn BOOanna agus an RLGÓ chun tacú le dea-chleachtas a fhorbairt agus le tionscnaimh mheastóireachta?

Caithfidh gach eagraíocht dearbhú a shíniú maidir lena stádas maidir leis na critéir thuas ina n-iarratas ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás**. Cuirtear an fhoirm féindearbhaithe seo san áireamh mar chuid den phróiseas iarratais. Is féidir leis an BOO a iarraidh, ag aon tráth, chun an cháipéisíocht tacaíochta a fheiceáil d'aon dearbhuithe a fuarthas. Is iad na critéir íosta chun an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a iontráil. Mura sásaítear aon chinn de na critéir thuas, níl an eagraíocht iarratasóra incháilithe d'aon snáithe de chistiú in 2020 (Caibidil 6).

# Caibidil 5 **Conas a dhéantar Cinntí faoi Chistiú**

A luaithe a fuair na BOOanna an leagan deiridh den iarratas, tugann siad faoi mheasúnú a dhéanamh ar an iarratas chun moladh faoi chistiú a dhéanamh leis an RLGÓ. Cuirtear na critéir mheasúnaithe ar fáil sa chaibidil seo a cuireadh i bhfeidhm ar chistiú UBU D'Áit Do Spás agus tugtar cuntas ann ar conas a dhéanfar measúnú orthu i gcaitheamh na sraithe beartais, an próiseas achomhairc ina measc.




## 5.1 Critéir mheasúnaithe do chomhlíonadh iomlán UBU D'Áit Do Spás

A luaithe a shásaigh eagraíocht iarratasóra na critéir cháilitheachta, seiceálfar an t-iarratas in aghaidh na gcritéar measúnaithe. Tá tromlach iad seo mar an gcéanna i measc na dtrí shnáithe cistithe go léir, ach tá roinnt eisceachtaí ann, lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí a sholáthraítear do na spriocghrúpaí a shainaithnítear.

| Baineann na critéir mheasúnaithe seo a leanas le gach snáithe cistithe (A, B, C) | |
|---|---|
| | Acmhainn éifeachtúil agus thrédhearcach rialachais, bhainistíochta agus riaracháin a bheith i bhfeidhm chun tacú le hobair ardchaighdeáin. |
| | Tá tú ag oibriú ar aon dul le Riachtana(i)s Seirbhíse an BOO. |
| | Sásaíonn saghsanna an tsoláthair sheirbhíse a bheartaítear rialacha na scéime, faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 6. |
| | Tá ráiteas cleachtais ann ina gcuimsítear luachanna, spriocanna agus cuspóirí na scéime **UBU D'Áit Do Spás**. |
| | Comhlíonann an caiteachas a bheartaítear na rialacha airgeadais (Caibidil 7). |
| **Critéir mheasúnaithe bhreise do chistiú Shnáithe A AMHÁIN** | |
| | Sásaíonn dearadh na seirbhíse a bheartaítear 80% d'uaireanta an chloig oibre, ar a laghad, atá á gcaitheamh chun soláthar díreach a dhéanamh do spriocghrúpa na ndaoine óga. |

Mar chuid den phróiseas iarratais, caithfidh aon eagraíocht a lorgaíonn cistiú nach sásaíonn na critéir seo plean(anna) gníomhaíochta a sholáthar ina sonraítear conas agus cathain a chomhlíonfaidh siad na critéir mheasúnaithe go hiomlán i rith na chéad 12 mhí den tsraith **UBU D'Áit Do Spás**. Riachtanas den scéim **UBU D'Áit Do Spás** is ea gur gá d'aon eagraíocht chistithe na critéir thuas a chomhlíonadh go hiomlán chun cáiliú do chistiú scéime **UBU D'Áit Do Spás** isteach in 2022.

Caithfidh na hiarratasóirí sonraí a chur san áireamh maidir le conas a chuimsíonn siad glór daoine óga agus déanfar athbhreithniú air seo nuair a bhíonn an t-iarratas á mheasúnú. Anuas air sin, aithníonn an RLGÓ i gcás ar leith carthanais, "Tá freagracht aonair agus comhfhreagracht ar iontaobhaithe carthanais de réir an dlí, as an méid a tharlaíonn laistigh dá gcarthanas". Ciallaíonn seo mura sásaíonn a gcarthanas a dhualgais dhlíthiúla, tá siad freagrach, mar dhaoine aonair agus le chéile mar bhord, coiste, comhairle nó croíghrúpa eile".[14]

Ba cheart d'eagraíocht a lorgaíonn cistiú oibriú leis an BOO ina limistéar agus an fhoirm iarratais don scéim **UBU D'Áit Do Spás** a chomhlánú. Is tábhachtach go dtacaítear leis an eagraíocht a lorgaíonn cistiú chun an t-iarratas a chomhlánú, más gá, agus go ndéanann an eagraíocht a lorgaíonn cistiú agus a BOO araon comhaontú ar an bplean gníomhaíochta/na pleananna gníomhaíochta agus go ndéanann siad a n-ainmneacha a chur leo. Céim thábhachtach é seo, mar gheall nach ngníomhóidh an RLGÓ i leith moltaí do chistiú a sheolann na BOOanna ar aghaidh. Seo an t-aon bhealach atá ar fáil chun cistiú **UBU D'Áit Do Spás** a iarraidh ón RLGÓ.

14 An Cód Rialachais do Charthanais (2018), an Rialálaí Carthanas, lch 6.

Additional rule for compliance by the end of 2021

## 5.2 An córas grádaithe Dearg-Ómra-Glas (DÓG) d'iarratais

Chun aistriú gan fhadhbanna eagraíochtaí cistithe a éascú isteach sa scéim **UBU D'Áit Do Spás**, bunaítear an measúnú a dhéantar ar iarratais ar phróiseas Dearg-Ómra-Glas (DÓG). Déanfaidh an grúpa comhordaithe an BOO (nó a chomhionann de ghrúpa) measúnú ar na foirmeacha iarratais comhlánaithe agus déanfaidh siad stádas DÓG a shannadh don iarratas a fuarthas. Leagfaidh an stádas DÓG an bhunchloch faoin moladh a rinne an BOO leis an RLGÓ do chistiú scéime. Bunaítear an stádas DÓG ar mheascán d'fhéindearbhú iarratais agus d'athbhreithniú BOO ar iarratas. Cuirtear na critéir dó seo san áireamh mar chuid den fhoirm iarratais. Modh measúnaithe agus sainaitheanta inmheánaigh is ea an stádas DÓG a úsáidfidh BOOanna agus an RLGÓ chun cabhrú le cumarsáid agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh eagraíochtaí cistithe laistigh de rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

## 5.3 Cur i bhfeidhm an chórais DÓG

Eiseofar stádas amháin DÓG in aghaidh an iarratais. Sannfaidh a BOO stádas Glas ar iarratais a dhéanann eagraíochtaí a lorgaíonn cistiú agus a shásaíonn na critéir mheasúnaithe go hiomlán (faoi mar a shonraítear i míreanna 5.1 agus 5.2).

Sannfar stádas ***Ómra*** ar eagraíochtaí a lorgaíonn cistiú **UBU D'Áit Do Spás** in 2020 a dteastaíonn plean(anna) gníomhaíochta uathu chun na riachtanais mheasúnaithe a chomhlíonadh. Sannfar stádas ***Dearg*** d'aon eagraíocht iarratasóra nach gcomhlíonann na riachtanais mheasúnaithe agus nach bhforbraíonn plean(anna) gníomhaíochta lena bheith go hiomlán comhlíontach maidir le cistiú na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus ní cháileoidh an eagraíocht do chistiú.

Eiseoidh BOOanna litir mholta do chistiú d'iarratais stádas ***Glas*** agus ***Ómra***, anuas ar an bhfoirm iarratais chomhlánaithe chuig an RLGÓ go ndéanfaidh siad breithniú orthu. Cuirfidh an BOO an RLGÓ ar an eolas gur shann an BOO stádas ***Dearg*** d'iarratas, agus déanfaidh an RLGÓ an cinneadh deiridh ansin faoi chistiú maidir leis na hiarratais seo.

Déanfaidh an RLGÓ moladh an BOO a dheimhniú nuair a shanntar an stádas DÓG ***Glas*** agus ***Ómra*** trí úsáid a bhaint as an iarratas tacaíochta comhlánaithe agus is féidir leis cinneadh eile a eisiúint don BOO, cuntas ar an gcinneadh agus na rialacha ábhartha ina measc.

Tá ar aon eagraíocht a lorgaíonn cistiú a d'fhorbair plean(anna) gníomhaíochta agus shanntar stádas ***Ómra*** di critéir na scéime a chomhlíonadh laistigh de 12 mhí i ndiaidh an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a iontráil (faoi Iúil 2021). Is é an tsraith iomlán rialacha scéime a chomhlíonadh, seachas plean(anna) gníomhaíochta a chríochnú, an príomhchuspóir agus déanfar cinntí breise cistithe ar an mbonn sin. Más dealraitheach nach bhfuil plean gníomhaíochta ag oibriú faoi mar a beartaíodh, ba cheart don BOO oibriú leis an eagraíocht chun é a leasú a luaithe agus is féidir. Tuartar gur féidir le stádas eagraíochta iarratasóra athrú maidir leis an stádas DÓG a sannadh orthu i dtosach nuair a iontrálann siad an scéim. Nuair theipeann ar eagraíocht a bhfuil stádas ***Glas*** aici limistéar a chomhlíonadh, cuirfidh an BOO in iúl don eagraíocht chistithe gur baol di go n-athshannfar stádas ***Ómra*** di mar chuid den chéad phróiseas athnuachana eile. Ba cheart don BOO oibriú leis an eagraíocht chistithe chun plean(anna) gníomhaíochta cuí a dhearadh lena chinntiú go leantar leis na critéir ábhartha a chomhlíonadh roimh an gcéad phróiseas athnuachana cistithe eile.

Sonraítear sa tábla thíos sonraí faoi na cásanna féideartha a bhaineann le hathrú ar an rátáil DÓG i gcaitheamh na sraithe beartais agus leis na hiarmhairtí cistithe don eagraíocht chistithe.

| Stádas ar UBU D'Áit Do Spás a iontráil/a athnuachan roimhe seo | Stádas ar athnuachan ina dhiaidh sin | Gníomh ceartaithe/Iarmhairt don eagraíocht chistithe |
|---|---|---|
| Glas | Ómra | 6 mhí le comhlíonadh a thaispeáint. |
| Glas | Dearg | 6 mhí de chistiú foirceanta agus an deis chun achomharc a dhéanamh. |
| Ómra | Glas | Gníomhartha ar bith. Caithfear leanúint de bheith comhlíontach. |
| Ómra | Dearg | 6 mhí de chistiú foirceanta agus an deis chun achomharc a dhéanamh. |

TÁBLA 5.1 ATHRUITHE AR STÁDAS DÓG AGUS IARMHAIRTÍ

Cruthaíonn na cruinnithe athbhreithnithe ar phleanáil agus dul chun cinn (Caibidil 9) deis ar fáil don eagraíocht chistithe agus an BOO chun plé a dhéanamh ar aon athruithe intuartha agus chun dul i ngleic leo seo, nuair is gá. Sannfaidh an BOO, ag gach céim athnuachana, stádas DÓG ar iarratas na heagraíochta cistithe ag gach úsáidfidh sé é mar bhonn don mholadh a dhéanfar leis an RLGÓ dá athnuachan.

Sa dara agus sa tríú bliain den tsraith beartais, seolfaidh eagraíochtaí foirm athnuachana ar aghaidh ina dtugtar chun solais aon athruithe ar chúinsí ó rinneadh an t-iarratas tosaigh agus ina dtugtar cuntas ar an mbuiséad agus an tairiscint seirbhíse a bheartaítear don bhliain dar gcionn.

## 5.4 Athnuachaintí na scéime UBU D'Áit Do Spás

Tá ar aon eagraíocht chistithe dul chun cinn a thuairisciú (de réir Feidhmíochta agus Maoirseachta, féach Caibidil 9) agus iarratas a dhéanamh gach bliain don chuid eile den chéad sraith den scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus úsáid á baint as an bhfoirm athnuachana atá faofa ag an RLGÓ. Teastaíonn seo mar gheall nach ndéantar faomhadh chistiú an RLGÓ don tsraith beartais ach i bprionsabal amháin mar gheall ar phróisis bhuiséadacha an Rialtais.

Deimhneoidh an BOO in Iúil 2021 don RLGÓ má shásaíonn an eagraíocht chistithe/na heagraíochtaí cistithe critéir na scéime **UBU D'Áit Do Spás**. Má shásaíonn eagraíocht chistithe critéir na scéime **UBU D'Áit Do Spás** go hiomlán, déanfar a gcistiú a athnuachan; ach má mheastar go bhfuil stádas dearg ag an eagraíocht chistithe, fágfaidh sé an scéim i gcaitheamh na tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin a fhad le deireadh 2021.[15]

15 Cisteofar an tréimhse sé mhí le ham a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cinnteoireacht, idirchaidreamh a dhéanamh leis an tseirbhís don ógra i dtaobh deireadh a chur leis an tseirbhís, aon achomhairc nó nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh a thabhairt chun críche, am a chur ar fáil chun tús a chur leis an bpróiseas láithreáin úrnua nó an próiseas iarratais mhéadúcháin (más infheidhme) agus lena cheadú airgead nár caitheadh a aisíoc agus a chomhardú.

## 5.5 Rialacha ar leith do pháirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas iarratais

Rialacha do BOOanna

- I gcás na n-iarratas go léir, caithfidh BOOanna a bheith sásta gur fhreagair gach eagraíocht iarratasóra go leordhóthanach do na Riachtanais Seirbhíse agus go bhfuil siad ag cloí le rialacha na scéime UBU D'Áit Do Spás ina n-iarratais.
- Caithfidh an BOO moltaí a dhéanamh leis an RLGÓ faoi cén seirbhísí don ógra a gcuirtear cistiú na scéime UBU D'Áit Do Spás ar fáil dóibh. Déanfaidh an RLGÓ an cinneadh deiridh faoi cén eagraíochtaí iarratasóra a fhaigheann cistiú UBU D'Áit Do Spás chun seirbhísí don ógra a sholáthar.
- Caithfidh BOOanna moltaí a dhéanamh leis an RLGÓ faoi cén seirbhísí don ógra a bhfuiltear le leanúint/le stopadh le cistiú na scéime UBU D'Áit Do Spás a chur ar fáil dóibh agus nuair a d'fhéadfadh athruithe ar bhuiséid/sholáthar a bheith ag teastáil.

Rialacha d'eagraíochtaí cistithe

- Déanfaidh na heagraíochtaí cistithe tuairisciú ar dhul chun cinn agus déanfaidh siad iarratas gach bliain ar chistiú trí úsáid a bhaint as na foirmeacha iarratais a d'fhaomh an RLGÓ do na BOOanna.
- Mar chuid den phróiseas iarratais, caithfidh gach eagraíocht dearbhú a shíniú go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta don scéim. Caithfidh siad a dhearbhú, chomh maith, go gcomhlíonann siad na critéir mheasúnaithe go léir nó go bhfuil plean gníomhaíochta lena gcomhaontaítear acu chun na critéir mheasúnaithe go léir a shásamh faoi dheireadh na bliana 2021 chun iarratas a dhéanamh ar an scéim cistithe UBU D'Áit Do Spás.

Gach páirtí leasmhar na scéime UBU D'Áit Do Spás

- Caithfidh na heagraíochtaí iarratasóra, na BOOanna agus an RLGÓ na sonraí go léir a bailíodh mar chuid den phróiseas iarratais a choimeád ar aon dul le riachtanais agus le ceanglais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS).

## 5.6 Deireadh a chur le cistí na Scéime Cistithe Óige Leasaithe (an SCÓL) agus na Scéime Aistrithe Cistithe Óige (an SACÓ)

Don chéad tsraith ina gcuirtear beartas i bhfeidhm, tugtar cuireadh d'eagraíochtaí a bhfuil cistiú á fháil acu faoin Scéim Aistrithe Cistithe Óige (an SACÓ, Eanáir-Meitheamh 2020) nó faoin Scéim Cistithe Óige Leasaithe (an SCÓL) chun freagairt do Riachtana(i)s Seirbhíse an BOO agus iarratas a dhéanamh ar chistiú faoi **UBU D'Áit Do Spás**[16]

I gcásanna nach mian le heagraíochtaí a lorgaíonn cistiú iarratas a dhéanamh, i gcásanna a mheastar nach sásaíonn siad na critéir mheasúnaithe agus nach gcuireann siad plean gníomhaíochta cuí i bhfeidhm nó nach sásaíonn siad na critéir cháilitheachta don scéim **UBU D'Áit Do Spás**, leanfar leis na heagraíochtaí aistrithe cistithe óige a chistiú faoin SACÓ nó an SCÓL go dtí an 31 Nollaig 2020. I

16 Sular forbraíodh an scéim cistithe UBU D'Áit Do Spás, bhronn an RLGÓ cistiú deontais ar eagraíochtaí chun seirbhísí nua agus méadaithe don ógra a sholáthar faoi chiste ar a dtugtar "an Scéim Cistithe Óige Leasaithe".

ndiaidh an dáta seo, ní bheidh na cistí seo ann a thuilleadh.[17]

Déanfaidh an RLGÓ, i gcomhar le na BOOanna, cinneadh faoi conas a úsáidfear na cistí seo ansin laistigh de limistéar an BOO. Déanfar seirbhís eile ábhartha don ógra (a) a mhéadú nó déanfar gairm oscailte ar sholáthar seirbhíse nua de bharr an toraidh a bhíonn ar an gcinneadh seo. Nuair a mheastar gur gá nó gurb ábhartha, is féidir leis an BOO, i gcomhar leis an RLGÓ, cinneadh a dhéanamh chun seirbhís aistrithe a chur i bhfeidhm más dóchúil nach mbeidh seirbhís á soláthar do dhaoine óga ar feadh tréimhse ama.

## 5.7 Soláthraithe seirbhíse/eagraíochtaí nua

Díreofar sa chéad iarraidh ar iarratais ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** ar iontráil a éascú d'eagraíochtaí reatha cistithe lena gcuid Riachtana(i)s Seirbhís g(h)aolmhar(a) isteach an scéim.

Is féidir le seirbhísí nua don ógra an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a iontráil nuair a chuireann an Rialtas cistiú lárshraithe breise ar fáil. Sa chás seo, iarrfaidh an RLGÓ ar BOOanna chun measúnú a dhéanamh ar a gceantar tíreolaíochta i dtaobh riachtanais nua atá ag teacht chun cinn to chun buiséad nua seirbhíse/soláthair agus cistithe a mholadh don riachtanas sin don RLGÓ lena chistiú. Nuair a dhéanann an RLGÓ faomhadh, déanfaidh an BOO fógraíocht ansin d'eagraíochtaí ar spéis leo chun iarratas a dhéanamh chun an Riachtanas Seirbhíse réamhshainithe agus (a gcomhaontaítear air roimh ré) a shásamh. Is féidir le heagraíocht nua a lorgaíonn cistiú nó le heagraíocht reatha chistithe a bheartaíonn cur le seirbhís reatha iarratais chun an Riachtanas Seirbhíse seo a shásamh.

## 5.8 An Próiseas Achomhairc

Ag tús gach sraithe cistithe, is féidir le heagraíochtaí a lorgaíonn cistiú iarratais a dhiúltaigh BOOanna a achomharc laistigh de choicís i ndiaidh gur tugadh fógra fúthu. Ní cheadaítear don phríomhiarratasóir ach achomharc amháin in aghaidh iarratais a dhéanamh. Ní dhéanfar breithniú ar achomhairc a cuireadh faoi bhráid an BOO i ndiaidh an dáta achomhairc. Caithfidh achomhairc a comhlánaithe agus seolta ar aghaidh chuig an BOO ábhartha trí litir.

Is féidir le heagraíochtaí cinneadh an BOO a achomharc ar na forais seo a leanas:

1. Creideann an tseirbhís don ógra gur chuir an BOO riail scéime i bhfeidhm go mícheart – rinneadh cinneadh maidir le riail nach ndéanfadh aon duine réasúnta.
2. Nuair is féidir leis an eagraíocht iarratasóra fianaise bhreise dhoiciméadaithe tacaíochta a sholáthar nach raibh ar fáil ag tráth an iarratais a dhéanfadh iarratas incháilithe dá n-iarratas anois.


Is éard a bheidh i gceist le próiseas athbhreithnithe an achomhairc:

- Déanfaidh Grúpa Comhordaithe an BOO (nó a chomhionann de ghrúpa) athbhreithniú ar an achomharc agus déanfaidh siad moladh maidir leis an achomharc don RLGÓ.
- Déanfaidh an RLGÓ cinneadh deiridh faoi agus tabharfaidh siad fógra don BOO.
- Cuirfidh an BOO an eagraíocht iarratasóra ar an eolas.

17 Cisteofar an tréimhse sé mhí le ham a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cinnteoireacht, idirchaidreamh a dhéanamh leis an tseirbhís don ógra i dtaobh deireadh a chur leis an tseirbhís, aon achomhairc nó nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh a thabhairt chun críche, am a chur ar fáil chun tús a chur leis an bpróiseas láithreáin úrnua nó an próiseas iarratais mhéadúcháin (más infheidhme) agus lena cheadú airgead nár caitheadh a aisíoc agus a chomhardú.


# Caibidil 6 **Snáitheanna Cistithe agus Soláthar Seirbhíse**

Sonraítear sa chaibidil seo snáitheanna cistithe na scéime UBU D'Áit Do Spás atá ar fáil, na saghsanna de sholáthar seirbhíse a bhfuil súil lena chur ar fáil laistigh de gach snáithe agus na rialacha a bhaineann le soláthar seirbhíse.



## 6.1 Saghsanna cistithe seirbhísí don ógra faoi UBU D'Áit Do Spás

Na trí shnáithe cistithe is féidir le heagraíochtaí a chur i bhfeidhm, iad siúd ina measc a chistíonn 1) eagraíochtaí chun seirbhísí don ógra a sholáthar go díreach do na spriocghrúpaí daoine óga de réir rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás** (Snáithe A), 2) teacht ar shaoráidí (Snáithe B) agus 3) acmhainní a fhorbairt (Snáithe C).





**Go hachomair, is iad na trí shaghas snáitheanna cistithe atá ar fáil:**

| | |
|---|---|
| **Snáithe A: Seirbhísí do Dhaoine Óga** | Cistiú do sholáthar díreach seirbhísí don ógra, ar bhonn tíreolaíoch nó téamach, don spriocghrúpa daoine óga don scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus na costais oibríochtúla a bhaineann leis an soláthar seo. |
| **Snáithe B: Teacht ar Shaoráidí don Ógra** | Cistiú chun tacú le rochtain don spriocghrúpa ar shaoráidí reatha óige a tógadh i dtosach agus úsáid á baint as an gCiste Saoráidí agus Seirbhísí do Dhaoine Óga 1 agus 2 (CSSDÓ 1 agus 2)[18] agus chun soláthar a dhéanamh don úsáid a bhaintear as spás oifige. |
| **Snáithe C: Tógáil Cumais** | Cistiú do thacaíochtaí a thógann agus a neartaíonn cumas cleachtóirí túslíne/ eagraíochtaí cistithe chun seirbhísí don ógra agus seirbhísí do dhaoine óga a sholáthar i spriocghrúpa na scéime **UBU D'Áit Do Spás.** Caithfidh seirbhísí reatha a bheith iontu seo agus is gá leanúint lena soláthar agus caithfidh seirbhísí don ógra a bheith iontu a cistíodh roimhe seo faoi CSSDÓ 1 agus 2, scéim an Tascfhórsa Drugaí Áitiúil (TFDÁ) agus Tionscadail Speisialta don Ógra (TSÓ). |

18 Dhá scéim de na ceithre scéim a rinneadh a chónasadh agus a athchóiriú atá sna scéimeanna seo chun an Spriocscéim Cistithe Óige a chruthú.

## 6.2 Saghas an tsoláthair sheirbhíse laistigh de Shnáithe A

Is féidir samhail mhionathraithe Hardiker (féach Fíor 6.1 thíos) a úsáid mar thagairt do na rialacha cistithe a bhaineann leis an bpríomhshnáithe cistithe atá ar fáil faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás**, cistiú Shnáithe A. Tá orthu siúd a chistítear faoi Shnáithe A chun 80% d' am soláthair bliantúil na seirbhíse don ógra a chaitheamh le torthaí a chomhtháirgeadh leis an spriocghrúpa daoine óga agus úsáid á baint as soláthar leibhéal 2 (do dhaoine óga a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu). Is féidir an 20% den am soláthair a chaitheamh idir leibhéal 1 (trí dheiseanna pearsanta agus sóisialta a sholáthar do na daoine óga go léir) agus leibhéal 3 (maidir le hidirghabháil ar leith do dhaoine óga a dteastaíonn sainseirbhísí uathu).




FÍOR 6.1 SAMHAIL MHIONATHRAITHE HARDIKER

## 6.3 Rialacha maidir le saghsanna soláthair seirbhíse faoi chistiú Shnáithe A

Is iad seo a leanas na saghsanna soláthair a chistítear faoi Shnáithe A, in ord ar leith ar bith:

- **Obair struchtúrach grúpa bhig** (grúpaí idir beirt agus ochtar daoine óga): idirghabháil agus oiliúint atá bunaithe ar shaincheist, idirghabháil atá bunaithe ar spéis, grúpaí tascbhunaithe, ar nós ullmhú d'imeachtaí, cóitseáil/meantóireacht grúpa bhig, fóraim don óige/róil cheannaireachta, agus idirghabháil bunaithe ar ghníomhaíochtaí, e.g. spórt, ealaín, drámaíocht agus clubanna ceoil.[19]
- **Idirghabháil neamhsceidealaithe** (daoine óga a meastar gur cheart tús áite a thabhairt dóibh – daoine a bhuaileann isteach gan choinne): idirghabháil/tacaíocht géarchéime, comhráite struchtúracha le daoine óga mar fhreagairt do shaincheist atá ag teacht chun cinn ina saol, agus comhráite struchtúracha le daoine óga chun caidreamh dearfach a bhunú nó a chothú.

19 Is féidir a mhéid le 20% den mhéid a chuireann seirbhís don ógra ar fáil a bheith d'idirghabháil dhírithe faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

- **Grúpa mór struchtúrach a oibríonn le grúpaí naonúr daoine óga nó níos mó:** clubanna agus grúpaí óige, daoine a bhuaileann isteach, fóraim don óige, idirghabháil atá bunaithe ar ghníomhaíocht, agus idirghabháil agus oiliúint atá bunaithe ar shaincheisteanna.
- **For-rochtain:** obair ar a láthair féin a dhéantar i spás féin an duine óig, obair sráide – oibriú le daoine óga ar na sráideanna ag féachaint le hiad a thabhairt isteach chuig seirbhísí, for-rochtain – cuairteanna baile, cuairteanna ar phríosún, cuairteanna ar thuismitheoirí, agus cuairteanna ar scoileanna, etc. chun seirbhísí a chur chun cinn.
- **Cónaithe:** turais as baile (ina mbíonn oíche amháin, ar a laghad, as baile i gceist) le grúpaí ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh, turais atá bunaithe ar ghníomhaíocht agus turais nó malartuithe atá bunaithe ar shaincheist.
- **Imeachtaí grúpa mhóir:** féilte atá dírithe ar dhaoine óga, e.g. Oíche Shamhna, lá seirbhíse don ógra sa samhradh do dhaoine óga, agus imeachtaí pobail.
- **Obair abhcóideachta:** obair abhcóideachta le nó thar ceann duine óig/grúpa daoine óga, teacht a bheith ar bhealaí atreoraithe ina measc.
- **Tacaíocht oibrithe deonacha don ógra:** tacaíocht dhíreach a thabhairt d'oibrithe deonacha don ógra a shine le 24 bliain d'aois, an aois sin san áireamh, fad a oibríonn siad leis an spriocghrúpa, agus maoirseacht/oiliúint struchtúrach oibrí óig fad a leanann siad ar aghaidh isteach i róil cheannaireachta laistigh den tseirbhís.
- **Seisiúin aghaidh ar aghaidh le daoine óga:** cóitseáil agus meantóireacht, abhcóideacht, agus idirghabháil/tacaíocht géarchéime.

## 6.4 Rialacha faoi chistiú do chleachtóirí túslíne do sheirbhísí don ógra atá cistithe ag Snáithe A den scéim UBU D'Áit Do Spás

Caithfidh an eagraíocht chistithe a chur i dtaifead agus a léiriú conas a chaitheann gach oibrí a chistítear trí **UBU D'Áit Do Spás** a gcuid ama, trí bhileoga ama a chríochnú agus a choimeád. Tugtar eolas breise ar ghnéithe agus riachtanais airgeadais i gCaibidil 7.

- Caithfidh ar a laghad **70% dá gcuid ama** a bheith á chaitheamh ag oibrí túslíne a ghearrann 100% de na costais tuarastail agus ghaolmhara ar ghníomhaíochtaí soláthair túslíne ar:
  - Am teagmhála dírí le daoine óga trí úsáid a bhaint as na naoi saghas d'idirghabháil struchtúrach (faoi mar a ndéantar cur síos orthu thíos).
  - Ullmhú do agus glanadh (30 nóiméad in aghaidh an tseisiúin, i dteannta a chéile) i ndiaidh seisiún teagmhála dírí le duine aonair nó grúpa daoine óga.
  - I ndiaidh go gcomhaontaíonn an BOO leis agus sna limistéir ina dteastaíonn sé, is féidir taisteal idir suíomhanna seirbhíse don ógra le haghaidh soláthar díreach a chur san áireamh.
  - Oibriú le hoibrithe deonacha chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an spriocghrúpa daoine óga trí úsáid a bhaint as na naoi saghas d'idirghabháil struchtúrach (faoi mar a ndéantar cur síos orthu thuas).

Is féidir le hoibrí túslíne a ghearrann 100% de na costais tuarastail agus **a mhéid le 30% dá gcuid ama** gach bliain ar:


- Riarachán;
- Cumarsáid;
- Cruinnithe foirne;
- Pleanáil agus athbhreithniú straitéiseach agus oibríochtúil;
- Earcaíocht foirne nó oibrithe deonacha fásta;
- Iarratais ar chistiú agus tuairisciú; agus
- Oiliúint.

**Go hachomair**

| Snáithe A | Riail | |
|---|---|---|
| An t-am a chaitheann an eagraíocht sa bhliain le seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga de réir Fíor 6.1 | Íosta<br>80% (Leibhéal 2) | Uasta<br>20% (Leibhéal 1 agus 3) |
| Má tá 100% de chostais foirne á ghearradh | 70% dá gcuid ama in obair dhíreach (ar bhonn pro rata): 30% ar obair eile | |



## 6.5 Rialacha ar shaghsanna an tsoláthair a sholáthraítear trí chistiú Shnáithe B




Saghas an tsoláthair is féidir a sholáthar faoi sheirbhísí don ógra Shnáithe B:

- Spás oifige nó spás gníomhaíochta do sheirbhís don ógra na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus/nó eagraíochtaí eile a oibríonn leis an spriocghrúpa.



## 6.6 Rialacha ar shaghsanna an tsoláthair a sholáthraítear trí chistiú Shnáithe C

Is é príomhdhíriú chistiú Shnáithe C chun barr feabhais a chur ar chumas eagraíochtaí cistithe chun idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh leis an spriocghrúpa daoine óga. Is féidir a áireamh le seirbhísí don ógra Shnáithe C na saghsanna seo a leanas de sholáthar:

- Tacú le nó comhairle a chur ar eagraíochtaí cistithe, idirchaidreamh a dhéanamh le daoine óga, trí úsáid a bhaint as saineolas faoi na spriocghrúpaí ar leith a dtugtar cuntas orthu sa Riachtanas Seirbhíse.
- Gníomhaíochtaí oiliúna agus tógála cumais d'eagraíochtaí cistithe. Ba cheart tús áite a thabhairt d'oibriú le heagraíochtaí a chistítear faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás**.
- Oibriú go comhoibritheach le heagraíocht eile de chuid na scéime **UBU D'Áit Do Spás** chun seirbhís a sholáthar don spriocghrúpa.

## 6.7 Rialacha faoi sholáthar seirbhíse

Caithfidh gach seirbhís don ógra a chistítear faoi **UBU D'Áit Do Spás** an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A bheith curtha ar fáil ar aon dul le fís, cuspóirí agus luachanna na scéime **UBU D'Áit Do Spás** (féach Caibidil 1).





Eolas: cuireann seo an comhthéacs beartais ar fáil
Riail le haghaidh **UBU D'Áit Do Spás** in 2020

- Daoine óga a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn an tseirbhís don ógra á dearadh, á forbairt, á soláthar agus á meas.
- Freagairt do riachtanais daoine óga i spriocghrúpa na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a sainaithníodh agus ar tugadh tús áite dóibh, faoi mar a shainaithnítear san uirlis MRPLRS a chuir BOOanna i gcrích agus a d'fhaomh an RLGÓ. A luaithe a fhaomhtar eagraíocht do chistiú, caithfidh sé freagairt, chomh maith, sa chás gur féidir, do riachtanais daoine óga atá ag teacht chun cinn.
- A bheith curtha ar fáil ar aon dul le Riachtanais Seirbhíse agus le samhail loighice na seirbhíse don ógra a comhaontaíodh idir an eagraíocht chistithe agus an BOO ábhartha.

Chomh maith leis sin, caithfidh eagraíochtaí a chistíonn **Snáithe A** den scéim **UBU D'Áit Do Spás** an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tús áite a thabhairt dá n-uaireanta oscailte lena chur san áireamh cathain a bhíonn daoine óga ar fáil, lasmuigh d'uaireanta scoile, tráthnónta agus deirí seachtaine, i rith saoirí scoile agus sosanna lár téarma ina measc.
- Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil a úsáideann cleachtais atá bunaithe ar fhianaise.
- A n-uaireanta oscailte a chur in iúl go soiléir agus go gníomhach, agus cuntas a thabhairt ar cén seirbhísí a bheidh ar fáil do dhaoine óga sa spriocghrúpa – mar shampla, chun amchláir sheirbhíse atá cothrom le dáta a thaispeáint ar fhoirgnimh agus ar láithreáin ghréasáin seirbhíse don ógra.
- A bheith inrochtana do dhaoine óga. Caithfear seirbhísí don ógra a sholáthar in áitreabh agus saoráidí oiriúnacha a chinntíonn sábháilteacht, príobháideachas agus rúndacht, nuair is gá. Caithfidh seirbhísí don ógra a bheith dírithe ar a bheith inrochtana, i gcomhréir le ***Cód Cleachtais ar Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar fáil*** de chuid an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais.
- Oibriú chun an tseirbhís a sholáthar ó láithreacha atá inrochtana ag iompar poiblí sa chás gur féidir. I gcásanna ina mbraitheann an BOO ábhartha go bhfuil na costais atá i gceist le taisteal do dhaoine óga nó d'fhoireann chuig láithreacha seirbhíse don ógra an-ard/go gcruthaíonn siad deacracht, caithfidh an eagraíocht chistithe machnamh a dhéanamh ar sheirbhísí for-rochtana.
- A seirbhís a sholáthar lasmuigh den chóras oideachais fhoirmiúil (e.g. féach an nóta ar sholáthar lasmuigh den scoil san aguisín), obair i bhfoirgnimh scoile, freastal ar thionól scoile, etc.
- Caithfidh eagraíochtaí beartas cuí atreoraithe a bheith i bhfeidhm do dhaoine óga a chláraíonn lena seirbhís don ógra nó sa chás gur gá iad a atreorú chuig seirbhísí eile.
- Cé go mbíonn súil leis go gcuireann tionscadail atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** tacaíochtaí cuí ar fáil faoi shamhail Meitheal, ba cheart do gach tionscadal iarracht a dhéanamh chun a n-obair aghaidh ar aghaidh a chomhtháthú isteach i samhail Meitheal agus a chinntiú, i gcomhthráth, go bhfuil dóthain acmhainneachta ann chun an soláthar seirbhíse ar comhaontaíodh air a sholáthar.

## 6.8 Rialacha a bhaineann le foinsí iolracha cistithe, obair chomhoibritheach agus comhoibriú idirghníomhaireachta

### Cistiú ó fhoinsí iolracha

Nuair a bhíonn cistiú á fháil ag eagraíochtaí atá cistithe ag **UBU D'Áit Do Spás** ó fhoinsí iolracha atá dírithe ar a mhacasamhail de chohóirt de dhaoine óga,

- Caithfidh an obair atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a bheith ar aon dul le Riachtanais Seirbhíse an BOO agus le spriocanna agus cuspóirí na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.
- Caithfidh an eagraíocht chistithe cuntas soiléir a thabhairt ar an luach breise a chruthóidh an cur chuige seo don spriocghrúpa i ngnéithe iarratais, monatóireachta agus tuairiscithe na scéime **UBU D'Áit Do Spás**. Nuair is amhlaidh an cás, caithfidh eagraíochtaí cistithe cloí leis na rialacha airgeadais don chomhréir den tseirbhís don ógra faoin scéim atá cistithe ag **UBU D'Áit Do Spás** (féach Caibidil 9 chun teacht ar bhreis sonraí).

### Obair chomhoibritheach

Is féidir leis an eagraíocht chistithe a bheith ag tabhairt faoi obair chomhoibritheach, chomh maith, le soláthraithe seirbhíse eile chun na torthaí do dhaoine óga a uasmhéadú, mar shampla, Cláir Chríochnaithe Scolaíochta nó seirbhísí don ógra de chuid Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig.

- Caithfidh an obair chomhoibritheach sin a bheith ar aon dul le Riachtanais Seirbhíse na BOOanna agus le spriocanna agus cuspóirí na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

### Comhoibriú idirghníomhaireachta

Is féidir leis an eagraíocht chistithe a bheith ag tabhairt faoi chomhoibriú idirghníomhaireachta, mar shampla, rannpháirtíocht i gCoistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ), Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla (TFDÁ), Meitheal nó struchtúir áitiúla eile chun saincheisteanna a fhabhréiteach le chéile agus torthaí a fheabhsú do dhaoine óga.

- Caithfidh an obair chomhoibritheach sin a bheith ar aon dul le Riachtanais Seirbhíse na BOOanna agus le spriocanna agus cuspóirí na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus caithfidh siad a bheith faofa ag an BOO mar chuid den phróiseas iarratais.
- Caithfidh an eagraíocht atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** cuntas soiléir a thabhairt ar an méid ar leith a chuireann sé leis an gcomhoibriú idirghníomhaireachta, agus ar an luach breise a chuireann sé le spriocghrúpa an chuir chuige seo i ngnéithe iarratais, monatóireachta agus tuairiscithe na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.



Riail le haghaidh **UBU D'Áit Do Spás** in 2020
Cuimhnigh – Tá seo tábhachtach don phróiseas iarratais

# Caibidil 7 **Riachtanais Airgeadais**

Tugtar cuntas sa chaibidil seo ar na rialacha a bhaineann le conas is gá cistí na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a chaitheamh agus conas is gá an caitheamh seo a chur i gcuntas.

## 7.1 Réamhrá

Riachtanas buntábhachtach is ea é go gcuirtear an t-airgead go léir i dtaifead go cuí agus go n-úsáidtear iad ar an gcuspóir ar beartaíodh iad. Caithfidh eagraíochtaí cistithe a ndeontas faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás** a úsáid ar bhealach costéifeachtúil agus stuama i dtaobh airgeadais de díreach ar mhaithe leis na cuspóirí a leagtar amach san iarratas ar chistiú. Caithfear tús áite a thabhairt, i gcónaí, chun seirbhísí a sholáthar don spriocghrúpa/na spriocghrúpaí a shainaithnítear don scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

Is féidir leis na trí shaghas snáitheanna cistithe (A, B agus C, faoi mar a dtugtar cuntas air i gCaibidil 6) costais a thaibhiú faoi **UBU D'Áit Do Spás**. Tá dhá chatagóir chostas ann atá incháilithe faoin scéim: costais dhíreacha a bhíonn ar sheirbhísí don ógra atá cistithe ag **UBU D'Áit Do Spás** agus costais indíreacha a thacaíonn le seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga.

Úsáidtear an teimpléad airgeadais agus an bhileog tarraingthe anuas lena chinntiú go bhfuil eagraíochtaí cistithe ag oibriú ó bhuiséad faofa, de réir a bhfoirme iarratais. Cuireann sé maoirseacht ar an mbuiséad seo ar fáil do BOOanna, chomh maith, agus ceadaíonn sé dóibh chun coigeartuithe ag faomhadh a dhéanamh, sa chás gur cuí. Is féidir teacht ar na teimpléid anseo (ubu.gov.ie)).

## 7.2 Rialacha airgeadais de réir na dtrí shnáithe chistithe A, B agus C

### Rialacha airgeadais Shnáithe A

- Ar mhaithe le cuspóirí **UBU D'Áit Do Spás**, is iad costais dhíreacha na costais a bhíonn ar ghníomhaíochtaí incháilithe a bhaineann go díreach leis an soláthar seirbhíse túslíne do dhaoine óga. Caithfidh ar a laghad 75% den chaitheamh go léir faoin gcatagóir seo a bheith ar "costais dhíreacha" (is féidir 100% de thuarastal a ghearradh ar chostais dhíreacha, nuair a chaitear 70% de ar sholáthar túslíne agus ar bhonn pro-rata – tá áireamhán ar fáil ón láithreán gréasáin **UBU D'Áit Do Spás** chun cabhrú leis seo a ríomh (ubu.gov.ie). Leagtar amach sonraí breise maidir le cistiú do chleachtóirí túslíne faoi chistiú Shnáithe A i gCaibidil 6, Mír 6.4.
- Is iad na costais a cheadaítear:
  - Costais soláthair foirne do chleachtóirí túslíne agus aon fhoireann ar nós bainisteoirí a dhéanann idirchaidreamh agus oibríonn le daoine óga nó iad siúd a dhéanann bainistíocht ar oibrithe deonacha nuair a bhíonn seirbhísí don ógra á soláthar a chistítear trí **UBU D'Áit Do Spás**. Áirítear leo seo tuarastail chleachtóirí túslíne, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) fostóra agus taisteal agus cothabháil na foirne. Ní cheadaítear leanúnachas ioncaim.
  - Costais chláir: ionad a fháil ar cíos, trealamh agus ábhair chláir, agus costais teagascóra/éascaitheora/oibrí sheisiúnaigh.
- Is féidir 25%, ar a mhéid, den chaitheamh go léir faoi Shnáithe A a bheith ar chostais indíreacha. Leagtar amach na sonraí agus na rialacha gaolmhara maidir le costais indíreacha níos déanaí sa chaibidil seo.

Is féidir é a íoslódáil ó láithreán gréasáin **UBU D'Áit Do Spás**
Riail le haghaidh **UBU D'Áit Do Spás** in 2020

### Rialacha Airgeadais Shnáithe B

- Caithfidh an caitheamh go léir faoin gcatagóir seo de chistiú **UBU D'Áit Do Spás** a bheith ar "chostais dhíreacha". Níl aon soláthar costais indírigh ann do Shnáithe B.
- Chun saoráidí a thóg an CSSDÓ a chur ar siúl, agus sin amháin, iad na costais a cheadaítear: costais a bhíonn ar an tsaoráid a chur ar siúl, obair phóirtéara, árachas (don soláthraí seirbhíse) agus bainistíocht saoráidí. Is féidir táillí cionroinnte a ghearradh nuair nach mbíonn teacht ag an spriocsheirbhís don ógra nó an spriocghrúpa ach ar chuid den tsaoráid.

### Rialacha Airgeadais Shnáithe C

- Ar mhaithe le cuspóirí **UBU D'Áit Do Spás**, is iad costais dhíreacha na costais a bhíonn ar ghníomhaíochtaí incháilithe a bhaineann go díreach leis an soláthar seirbhíse túslíne do dhaoine óga. Caithfidh ar a laghad 75% den chaitheamh go léir seo faoin gcatagóir seo de chistiú a bheith ar "chostais dhíreacha".
- Is iad na costais a cheadaítear:
  - » Costas soláthair foirne d'oibrithe a dhéanann an méid seo a leanas:
    - Tacú le nó comhairle a chur ar eagraíochtaí cistithe, idirchaidreamh a dhéanamh le daoine óga, trí úsáid a bhaint as saineolas faoi na spriocghrúpaí ar leith a dtugtar cuntas orthu sa Riachtanas Seirbhíse.
    - Gníomhaíochtaí oiliúna agus tógála cumais a sholáthar d'eagraíochtaí cistithe.
    - Oibriú go comhoibritheach le heagraíocht chistithe eile de chuid **UBU D'Áit Do Spás** chun seirbhís a sholáthar don spriocghrúpa.
  - » Tuarastail dhíreacha foirne, ÁSPC fostóra, costais taistil agus chothabhála na foirne.
  - » Costais chláir: ionad a fháil ar cíos (i.e. halla an pharóiste a fháil ar cíos), trealamh agus ábhair chláir, agus costais teagascóra/éascaitheora/oibrí sheisiúnaigh.
- Is féidir 25%, ar a mhéid, den chaitheamh go léir faoi Shnáithe C a bheith ar chostais indíreacha. Leagtar amach na sonraí agus na rialacha gaolmhara maidir le costais indíreacha níos déanaí sa chaibidil seo.

| SNÁITHE | | |
|---|---|---|
| | Costas Díreach Íosta | Costas Indíreach Uasta |
| SNÁITHE A | 75% | 25% |
| SNÁITHE B | 100% | 0% |
| SNÁITHE C | 75% | 25% |

TÁBLA 7.1 ACHOIMRE AR SHANNACHÁN COSTAIS DO GACH SNÁITHE CISTITHE

## 7.3 Costais “indíreacha” atá incháilithe faoi UBU D’Áit Do Spás (Snáithe A agus C)

Ar mhaithe le cuspóirí **UBU D’Áit Do Spás**, baineann costais dhíreacha le gnéithe a thacaíonn le agus a chumasaíonn soláthar túslíne **UBU D’Áit Do Spás** a sholáthar. Ní féidir leis na costais 25% den bhuiséad bliantúil iomlán a shárú. I gcás eagraíochtaí cistithe **UBU D’Áit Do Spás** a bhfuil foinsí iolracha cistithe acu, caithfear costais a chionroinnt agus a dhoiciméadú go cuí ag an eagraíocht chistithe (féach an riail thíos). Is éard atá i gceist le costais indíreacha do **UBU D’Áit Do Spás** ná an méid seo a leanas:

Costais foirne indíreacha: costais tuarastail don fhoireann neamh-thúslíne, mar shampla, róil bhainistíochta, foireann airgeadais, riaracháin agus acmhainní daonna. Rangaítear na costais earcaíochta, taistil agus chothabhála a bhaineann leis an bhfoireann seo mar chostas indíreach foirne. Ina theannta sin, meastar gur costais foirne indíreacha iad costais oiliúna agus mhaoirseachta foirne mar chuid de **UBU D’Áit Do Spás**.

- Forchostais: costais iad seo a bhaineann le caitheamh ar chostais dheimhnithe bhainistíochta, fógraíocht agus poiblíocht, cíos/rátaí, fóntais (solas agus téamh), trealamh nach bhfuil bunaithe ar chlár, árachas, teicneolaíocht faisnéise (TF), cothabháil, seirbhísí dlí, seirbhísí iniúchóireachta, táillí bainc, gutháin, postas, idirlíon, páipéarachas agus costais aonuaire oifige. Is féidir le heagraíochtaí cistithe costais indíreacha eile a bhreacadh síos a thaibhítear nuair a bhíonn seirbhísí don ógra **UBU D’Áit Do Spás** á soláthar, a luaithe a d’fhaomh a BOO agus an RLGÓ an saghas seo de chaitheamh.

## 7.4 Na rialacha a bhaineann le caitheamh ar chostais indíreacha faoi UBU D’Áit Do Spás

a. **Áitreabh**

- Caithfear seirbhísí don ógra a sholáthar in áitreabh agus saoráidí oiriúnacha a chinntíonn sábháilteacht, príobháideachas agus rúndacht, nuair is gá.
- Caithfidh seirbhísí don ógra a bheith dírithe ar a bheith inrochtana, i gcomhréir le *Cód Cleachtais ar Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar fáil de chuid an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais*.
- I gcásanna ina bhfuil réadmhaoin á fáil ar léas nó ar cíos ag eagraíocht chistithe chun seirbhís chistithe don ógra de chuid **UBU D’Áit Do Spás** a sholáthar, caithfidh comhaontú foirmiúil scríofa cíosa nó léasa a bheith i bhfeidhm. Caithfidh an BOO é seo a choimeád chun gur féidir amharc air. I gcásanna ina dtéann na costais chíosa nó léasaithe i méid, caithfidh an eagraíocht chistithe an BOO a chur ar an eolas. Más saoráid chomhroinnte atá ann, caithfear an cíos a chionroinnt dá réir.
- Tá na costais chothabhála a ghearrtar ar fhoirgnimh a chothabháil atá faoi úinéireacht, ar léas nó a cheannaítear trí úsáid a bhaint as cistiú an Stáit, ceadaithe agus caithfear iad a chionroinnt dá réir, más infheidhme.

### b. Árachas

Tá ar eagraíochtaí cistithe faoi **UBU D'Áit Do Spás** leibhéil chuí d'árachas a bheith i bhfeidhm (slánaíocht an BOO agus an RLGÓ ina measc), ar gach ceann de shócmhainní, dliteanas poiblí agus dliteanas fostóra na seirbhíse don ógra. Caithfidh eagraíocht chistithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An t-árachas cuí a bheith i bhfeidhm do gach gníomhaíocht agus idirghníomhú le daoine óga.
- An an BOO agus an RLGÓ a shlánú i ngach polasaí árachais.
- Bheith in ann cruthúnas a sholáthar i leith préimheanna reatha árachais agus deimhnithe bailí árachais.
- A chinntiú go dtugtar cuntas ar leas an BOO agus an RLGÓ do gach polasaí árachais.
- An BOO ábhartha a chur ar an eolas láithreach ar aon athrú ábhartha ar a stádas árachais. Foireann a fhostú a bhfuil slánaíocht ghairmiúil acu, de réir mar is infheidhme.
- A chinntiú go mbíonn árachas ag aon tríú páirtithe atá ar conradh ag an eagraíocht chistithe nó an BOO chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga atá oiriúnach don tseirbhís atá á soláthar (e.g. cumhdach slánaíochta gairmiúla).

Ba cheart do na leibhéil árachais a theastaíonn an méid seo a leanas a chumhdach:

- €12.7 milliún d'árachas dliteanais fostóra; agus
- €6.5 milliún d'árachas dliteanais phoiblí.

Tá leibhéil árachais táscach agus ba cheart leibhéil chumhdaigh a theastaíonn a lorg ar aon dul le rátaí margaidh. Féadfaidh na leibhéil seo dul i méid nó laghdú agus ba cheart dóibh cumhdach árachais an BOO a léiriú.

## 7.5 Na rialacha a bhaineann le caitheamh ar chostais faoin scéim UBU D'Áit Do Spás

### Costais tuarastail a bhaineann le foireann túslíne (costas díreach)

- Is iad costais na foirne túslíne is féidir a ghearradh ar **UBU D'Áit Do Spás** ollchostais tuarastail agus ÁSPC fostóirí. Is iad costais tuarastail na foirne túslíne na costais siúd d'aon bhall foirne a bhfuil ról díreach aige/aici chun gníomhaíochtaí **UBU D'Áit Do Spás** a chur i bhfeidhm, saoráidí a sholáthar ina measc a tógadh faoi CSSDÓ.
- Caithfidh eagraíochtaí cistithe na huaireanta oibre a dhoiciméadú a chríochnaigh foireann lánaimseartha agus pháirtaimseartha túslíne agus neamh-thúslíne.
- Leagtar amach na sonraí agus na rialacha gaolmhara maidir le costais indíreacha, ar nós foireann neamh-thúslíne roimhe seo sa chaibidil seo.

### Costais earcaíochta foirne a bhaineann le foireann túslíne (costas díreach)

- Caithfear na poist go léir i seirbhís chistithe don ógra **UBU D'Áit Do Spás** a fhógairt go hoscailte ar bhealach cost-éifeachtúil, agus ar aon dul le haon treoracha brandála ón RLGÓ.
- Caithfear an próiseas earcaíochta agus roghnaithe a bheith doiciméadaithe go soiléir ag an eagraíocht chistithe agus caithfidh sé a bheith ar fáil do chigireacht.
- Má thagann athruithe ar sholáthar foirne sheirbhís don ógra **UBU D'Áit Do Spás**, caithfidh an eagraíocht foireann a earcú a bhfuil na cáilíochtaí agus taithí ábhartha acu.
- Ba cheart don eagraíocht chistithe an BOO ábhartha a chur ar an eolas a luaithe a bhíonn an ball foirne ionaid i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, nuair a bhíonn post folamh.
- Leagtar amach na sonraí agus na rialacha gaolmhara maidir le costais indíreacha, ar nós foireann neamh-thúslíne a earcú, roimhe seo sa chaibidil seo.

### Taisteal agus cothabháil na foirne a bhaineann leis an bhfoireann túslíne (costas díreach) agus an fhoireann neamh-thúslíne (costas indíreach)

- Caithfidh gach eagraíocht beartas agus nósanna imeachta scríofa taistil agus cothabhála a bheith acu, agus caithfidh bord bainistíochta na heagraíochta comhaontú a dhéanamh orthu seo.
- Caithfidh nach sáraíonn na rátaí a dtugtar cuntas orthu sa cháipéis bheartais sin na rátaí a ordaítear i gciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).
- Is féidir an fhoireann túslíne a aisíoc trí chistí na seirbhíse don ógra i gcás costais dhíreacha nach sáraíonn na rátaí a ordaítear a thaibhíonn siad fad a bhíonn siad ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhís don ógra de chuid **UBU D'Áit Do Spás**. Caithfidh costais taistil agus chothabhála na foirne a íoctar cloí leis na rialacha seo a leanas de chuid **UBU D'Áit Do Spás**:
    - » Caithfidh próiseas inmheánach scríofa a bheith ann don bhainistíocht shinsearach chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh a seoladh ar aghaidh.
    - » Ní féidir leis an bhfoireann éileamh a dhéanamh ach ar an úsáid a bhaineann siad as a bhfeithicil féin ar mhaithe le taisteal a dhéanamh don tseirbhís don ógra.

## 7.6 Freagrachtaí as costais UBU D'Áit Do Spás

Seo a leanas freagrachtaí uileghabhálacha na n-eagraíochtaí cistithe agus na BOOanna maidir le costais a bhaineann le cistiú **UBU D'Áit Do Spás**:

- Maoirseacht agus riar cistithe, rialú agus cosaint ina measc ar chistí ó mhí-úsáid, míleithreasú agus calaois.
- A chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach maidir le soláthar seirbhíse.
- Taifid chuntasaíochta, ar féidir leo, ag aon tráth, faisnéis iontaofa airgeadais a sholáthar ar chuspóir, cur i bhfeidhm agus an t-iarmhéid atá fágtha den chistiú poiblí. Caithfidh na costais go léir a bheith fíor agus infhíoraithe trí thacú le cáipéisíocht, i.e. bunsonraisc, taifid phá, éilimh thaistil, fáltais, ráitis bhainc, etc.

- Cuntasaíocht do mhéid agus foinse an chistithe, a chur i bhfeidhm agus a aschur/a thorthaí
- Bheith in ann fianaise a sholáthar maidir leis an méid seo a leanas:
  - Úsáid éifeachtach cistí;
  - An luach a baineadh amach i gcur i bhfeidhm cistí; agus
  - Cur amú agus rabairne a sheachaint.
- Cistí poiblí a bhainistiú lena oiread ionracais agus iomláine agus is féidir.
- Gníomhú ar bhealach a chomhlíonann na dlíthe agus oibleagáidí ábhartha (e.g. cáin, pá íosta.
- Earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach cothrom agus trédhearcach.

## 7.7 Oibriú le comhpháirtithe ar sheirbhísí cistithe don ógra UBU D'Áit Do Spás

- Is féidir le heagraíochtaí cistithe **UBU D'Áit Do Spás** oibriú le heagraíochtaí cistithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a bhaineann le seirbhís don ógra.

## 7.8 Foireann agus acmhainní atá comhchistithe ag foinsí eile cistithe

I gcásanna áirithe, beidh cistiú ag eagraíochtaí cistithe **UBU D'Áit Do Spás** ó fhoinsí iolracha anuas ar **UBU D'Áit Do Spás** chun seirbhísí don ógra a sholáthar.

- Caithfidh beartas scríofa cionroinnte a bheith i bhfeidhm ag gach eagraíocht chistithe[20] chun cuntas a thabhairt ar conas a leithdháiltear costais i measc na sruthanna éagsúla cistithe a dhéanann siad a bhainistiú.
- I gcásanna ina ndéantar foireann na seirbhíse don ógra a chomhchistiú ó fhoinse eile cistithe, ba cheart a lua go soiléir san iarratas ar **UBU D'Áit Do Spás** cé mhéid uair an chloig a leithdháiltear ar oibriú ar ghnéithe **UBU D'Áit Do Spás** de sheirbhís don ógra. Caithfidh an eagraíocht cáipéisíocht tacaíochta a ullmhú – ar nós an mhéid bileoga ama, chun an leibhéal ama a chur i gcuntas a chaitheann an fhoireann ar **UBU D'Áit Do Spás**.

## 7.9 Pleanáil an bhuiséid bhliantúil

- Caithfidh an eagraíocht chistithe buiséad bliantúil beartaithe a chur i gcrích mar chuid den iarratas nó den phróiseas athnuachana cistithe le haghaidh seirbhís don ógra chistithe **UBU D'Áit Do Spás**.
- Caithfidh an eagraíocht chistithe an buiséad bliantúil seo a sheoladh ar aghaidh tríd an BOO ábhartha. Caithfidh an BOO ábhartha measúnú a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil mar chuid den phróiseas iarratais nó athnuachana.
- Déanann an BOO ábhartha athbhreithniú ráithiúil ar na buiséid bhliantúla nuashonraithe do sheirbhísí don ógra **UBU D'Áit Do Spás**. Teastaíonn seo lena chinntiú go bhfuil an caitheamh ar aon dul leis an mbuiséad a chomhaontaítear a sheoltar ar aghaidh mar chuid den phlean bliantúil agus chun dul i ngleic le haon tearc-chaitheamh nó róchaitheamh ar bhealach tráthúil.

20 Bíonn trí bhealach ann, go ginearálta, chun costais a leithdháileadh: a) de réir líon daoine, b) de réir spás urláir nó c) de réir ama

## 7.10 Athruithe a dhéanamh ar bhuiséid bhliantúla fhaofa

- Caithfidh an eagraíocht chistithe an BOO a chur ar an eolas ar aon athruithe a thagann ar an mbuiséad faofa a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar sholáthar seirbhísí do dhaoine óga nó ar ghluaiseacht idir fotheidil. Caithfidh an BOO na hathruithe seo a fhaomhadh mar chuid den phróiseas maoirseachta. Is féidir é seo a dhéanamh mar chuid de na cruinnithe rialta agus na socruithe tuairiscithe.
- Déanfaidh an BOO monatóireacht ar éagsúlacht i mbuiséid bliain ar bhliain nó déanfaidh sé na costais a bheartaítear a thagarmharcáil i gcás an chórais chistithe tosaigh.
- Caithfidh réasúnaíocht maidir leis an bhfáth a bhfuil an t-athrú á iarraidh ag na heagraíochtaí cistithe gabháil le gach athrú a iarrtar. Caithfidh an BOO a bheith sásta go n-imreoidh na hathruithe a bheartaítear tionchar neodrach nó feabhsaithe ar sholáthar na seirbhíse don ógra, agus gur féidir na hathruithe a sholáthar laistigh den bhuiséad atá ar fáil. Caithfidh an RLGÓ fógra a fháil ón BOO ar athruithe ar bhuiséid nach sásaíonn na critéir seo.
- Caithfidh aon bhuiséad leasaithe a thagann chun solais ón bpróiseas seo cloí leis an gcaitheamh íosta 75% ar chostais dhíreacha.
- Mura mbaintear an t-aschur comhaontaithe agus/nó na costais riaracháin tuairiscithe de bhreis ar 25% den bhuiséad iomlán amach, b'fhéidir go gcuirfear réitigh i bhfeidhm dá bharr, faoi mar a dtugtar cuntas air sa CS idir an BOO agus/nó an eagraíocht chistithe.

## 7.11 Cistí a íoc do sheirbhísí don ógra ag BOOanna

Cuirtear an cistiú go léir ar fáil ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar fháil a bheith air i bpróiseas buiséadach an RLGÓ. Ní féidir le huainiú phróiseáil na híocaíochta tarlú ach i ndiaidh gur cuireadh measúnú an iarratais i gcrích.

Ní mór don BOO cistiú a eisiúint ach d'eagraíocht atá bunaithe ar na dearbhuithe a thugtar go gcomhlíonann an eagraíocht na ciorcláin, na cóid, an reachtaíocht, na reachtanna, na rialacháin agus na rialacha ábhartha maidir le **UBU D'Áit Do Spás**.

Ar aon dul lena n-iarratas faofa, gheobhaidh an eagraíocht chistithe an leithdháileadh bliantúil cistithe don tseirbhís don ógra tríd an BOO ón RLGÓ. Maidir leis na híocaíochtaí:

- Caithfidh an BOO ábhartha cistiú deontais a riar, faoi mar a comhaontaíodh idir an RLGÓ agus i gcomhréir le téarmaí a CS. Ní féidir aon dara híocaíocht a dhéanamh nuair nach bhfuil CS sínithe i bhfeidhm.
- Tá an fhreagracht ar an eagraíocht chistithe an BOO a chur ar an eolas ar aon sáruithe ábhartha ag an tráth is luaithe agus is féidir.
- Caithfidh an RLGÓ an leithdháileadh bliantúil a dheimhniú do gach eagraíocht chistithe agus fógra a thabhairt, i scríbhinn, do Phríomhfheidhmeannach gach BOO faoina leithdháileadh.

## 7.12 Féilire íocaíochtaí

Oibrítear íocaíochtaí ar bhonn ráithiúil i gcaitheamh shaolré an chonartha;[21] is féidir iad seo a íoc ag tús gach ráithe den scéim.

Seo a leanas an t-amfhráma do na híocaíochtaí:

- Ráithe 1 (Eanáir go Márta): íocaíocht a dhéanamh leis an eagraíocht ar chríochnú an phróisis iarratais/ athnuachana agus nuair a fhaigheann an BOO iarraidh ar airgeadas a tharraingt anuas ón eagraíocht chistithe.
- Ráithe 2 (Aibreán go Meitheamh): íocaíocht a dhéanamh leis an tseirbhís don ógra i ndiaidh cruinniú ráithiúil a thionól leis an BOO maidir le dul chun cinn ráithiúil agus i ndiaidh don BOO iarraidh a fháil ar an airgeadas a tharraingt anuas agus i ndiaidh tuarascáil airgeadais a fháil ón eagraíocht chistithe.
- Ráithe 3 (Iúil go Meán Fómhair): íocaíocht a dhéanamh leis an tseirbhís don ógra i ndiaidh cruinniú ráithiúil a thionól leis an BOO maidir le dul chun cinn ráithiúil agus i ndiaidh don BOO iarraidh a fháil ar an airgeadas a tharraingt anuas agus i ndiaidh tuarascáil airgeadais a fháil ón eagraíocht chistithe. Ba cheart aon choigeartuithe a dhéantar sa ráithe seo atá ar aon dul le *Ciorclán 13/2014 an RCPA*[22] a chur san áireamh.
- Ráithe 4 (Deireadh Fómhair go Nollaig): íocaíocht a dhéanamh leis an tseirbhís don ógra i ndiaidh cruinniú ráithiúil a thionól leis an BOO maidir le dul chun cinn ráithiúil agus i ndiaidh don BOO iarraidh a fháil ar an airgeadas a tharraingt anuas agus i ndiaidh tuarascáil airgeadais a fháil ón eagraíocht chistithe. Ba cheart aon choigeartuithe a dhéantar sa ráithe seo atá ar aon dul le *Ciorclán 13/2014 an RCPA* a chur san áireamh, mar shampla, coigeartuithe a dhéantar ar íocaíochtaí mar gheall ar ghannchaitheamh.

## 7.13 Cistí UBU D'Áit Do Spás nár caitheadh

- Caithfidh an eagraíocht chistithe an BOO ábhartha a chur ar an eolas sa tríú ráithe má thaibheoidh siad gannchaitheamh. Níor cheart cistí iomlána a tharraingt anuas i ráithe a ceathair sna cásanna seo. Caithfidh an BOO gach gannchaitheamh a thabhairt le fios don RLGÓ.
- I gcás aon airgid nár caitheadh, is féidir leis an BOO íocaíochtaí atá le déanamh le seirbhís don ógra a choigeartú tráth nach déanaí ná an tríú agus/nó an ceathrú ráithe. Má dhéantar an coigeartú seo sa chéad nó sa dara bliain den tsraith beartais agus soláthair seirbhíse, caithfidh an BOO measúnú a dhéanamh ar leithdháileadh bonnlíne na seirbhíse don ógra an bhliain dar gcionn.
- De bhreis air sin, is féidir le BOO a mholadh don RLGÓ cad é an bealach is fearr chun an leithdháileadh a chaitheamh chun freastal ar riachtanais daoine óga ina limistéar feidhme, ar aon dul le *Ciorclán 13/2014 an RCPA*. Ba cheart don BOO an moladh seo a dhéanamh leis an RLGÓ faoi Dheireadh Fómhair sa bhliain féilire.

---

21 Braithean n an tsuim a leithdháiltear ar ghníomhaíocht cláir, comhlíonadh nó ar chúinsí aonair na heagraíochta.
22 Is é teideal iomlán an chiorcláin *Ciorclán 13/2014 an RCPA – Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste Nóta Treorach agus Riachtanais Tuairiscithe*.

- De bhreis ar an méid thuas, caithfear aon chistí nár chaith an tseirbhís don ógra agus nár caitheadh ar leibhéal BOO a aisíoc leis an RLGÓ.

## 7.14 Caitheamh a chur i gcuntas agus a thuairisciú

- Caithfidh eagraíochtaí a chistítear faoi **UBU D'Áit Do Spás** na riachtanais uile tuairiscithe a leagann an RLGÓ a shásamh, faoi mar a shonraítear sna CSanna.
- Caithfidh eagraíochtaí cistithe an úsáid uile a bhaintear as cistí **UBU D'Áit Do Spás** a chur i gcuntas sa tuarascáil airgeadais ráithiúil agus sa teimpléad tarraingthe anuas a chuireann an RLGÓ ar fáil. Sa teimpléad seo, caithfidh na heagraíochtaí seo na costais uile iarbhír dhíreacha agus indíreacha a chur i gcuntas do gach mí sa ráithe agus aon athrú a thabhairt faoi deara ón mbuiséad a leithdháiltear do gach saghas costais.
- Caithfidh eagraíochtaí cistithe tuarascáil airgeadais ráithiúil comhlánaithe agus teimpléid tarraingthe anuas a chur faoi bhráid a BOO ábhartha chun go bhfaomhfar iad sula n-údarófar íocaíochtaí tarraingthe anuas. Caithfidh an BOO measúnú a dhéanamh ar gach aighneacht agus aiseolas a sholáthar, nuair is gá, do na seirbhísí cistithe don ógra agus don RLGÓ.
- Anuas air sin, caithfidh eagraíochtaí cistithe cuntais bhliantúla iniúchta a ullmhú i gcomhréir leis na clásail ábhartha sna CSanna leis na BOOanna ábhartha agus i gcomhréir le ciorcláin uile ábhartha an Rialtais atá á n-eisiúint nó a eiseofar laistigh de shaolré an chonartha seo, Ciorclán 13/2014 an RCPA san áireamh. Caithfear na cuntais bhliantúla iniúchta a thabhairt chun críche agus a fhaomhadh agus a chur faoi bhráid an BOO an 30 Meitheamh gach bliain, nó roimhe sin. I ndiaidh don BOO athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla iniúchta, b'fhéidir go mbeidh eolas breise ag teastáil ón eagraíocht chistithe chun soiléiriú agus deimhniú a sholáthar don RLGÓ agus/nó an BOO.
- Caithfidh BOOanna dearbhuithe a sholáthar don RLGÓ go bhfuil gach ciste **UBU D'Áit Do Spás** curtha i gcuntas go leordhóthanach agus go mbíonn siad faoi réir an leibhéil chuí rialaithe airgeadais, agus go mbaintear luach ar airgead amach maidir le soláthar na seirbhíse don ógra. Déanfaidh an RLGÓ athbhreithniú ar na leithdháiltí cistithe trí na cuntais bhainistíochta a fuarthas ón BOO gach ráithe.
- Caithfear cistiú a shainaithint go soiléir laistigh de chuntais airgeadais na heagraíochta cistithe. Ba cheart go gcloíodh aon tagairt don scéim leis na treoirlínte brandála don scéim chun go ndéanann sé idirdhealú idir aon tagairt dó agus tagairt d'aon iarscéimeanna cistithe.

## 7.15 Cuairteanna iniúchóireachta agus fíoraithe

Tabharfar na cuairteanna seo chun measúnú a dhéanamh ar shonraí airgeadais a bhailigh seirbhísí don ógra mar chuid de **UBU D'Áit Do Spás**. Tá clásail ann sa CS idir eagraíocht chistithe agus an BOO ábhartha ina sonraítear na hoibleagáidí éagsúla a bhíonn ar na heagraíochtaí cistithe maidir leis na cuairteanna siúd. Is féidir leo seo a leanas na cuairteanna seo a thabhairt ar áitreabh na seirbhíse don ógra:

- An BOO ábhartha;
- An RLGÓ;
- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus/nó
- Duine aonair/aonán a d'ainmnigh na haonáin thuas.

Bíonn súil leis go gcomhoibríonn eagraíochtaí cistithe le torthaí an iniúchta agus go bhfreagraíonn siad dóibh.

# Caibidil 8 **Riachtanais Bhrandála agus an RGCS**

Pléitear sa chaibidil seo na rialacha a bhaineann le conas a dhéantar UBU D'Áit Do Spás a fhógairt agus míníonn roinnt páirtithe leasmhara éagsúla a chuspóir. Tá treoir sa chaibidil seo, chomh maith, ar conas ba cheart do gach páirtí leasmhar den chiste comhlíonadh an RGCS a bhainistiú.

## 8.1 An Branda

Is é an t-ainm branda atá dírithe ar an bpobal "**UBU D'Áit Do Spás**" – seo an t-ainm do chistiú spriocdhírithe oibre don ógra in Éirinn. Léireoidh an branda seo misean, fís agus luachanna na scéime agus cuirfidh sé feasacht chun cinn ar a chuspóir.

Chun inchreidteacht agus feasacht ar an gciste a chruthú, caithfidh gach páirtí leasmhar an cuspóir a bhaineann leis an mbranda a chur in iúl go comhsheasmhach le himeacht ama. Ba cheart do gach cumarsáid maidir leis an scéim **UBU D'Áit Do Spás** an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Bheith soiléir, tráthúil agus comhsheasmhach;
2. Bheith ar fáil do gach pobal; agus
3. Riachtanais pháirtithe leasmhara a shásamh.

## 8.2 Rialacha brandála

Nuair a bhíonn eolas á chur in iúl maidir leis an scéim, caithfidh lógó bhranda **UBU D'Áit Do Spás** a bheith le sonrú ag barr an leathanaigh (comhthaobhacht ghréasáin nó chlóite). Caithfidh nach mbíonn an lógó níos lú ná 130 picteilín ar láithreán gréasáin agus 24 mm ar ábhar clóite. Caithfidh lógó bhranda **UBU D'Áit Do Spás** a bheith chomh feiceálach céanna leis na lógónna eile a fheictear sa chomhthéacs.

Caithfear cloí leis na treoirlínte maidir le húsáid don lógó a dtugtar cuntas air sna treoirlínte maidir leis an mbranda ag gach tráth; tá sonraí breise ar fáil ar na treoirlínte maidir leis an mbranda ar láithreán gréasáin na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

UBU

DO ÁIT. DO SPÁS.

UBU

YOUR PLACE
YOUR SPACE

## 8.3 UBU D'Áit Do Spás a Phoibliú

Ba cheart d'eagraíochtaí cistithe a phleanáil conas is fearr is féidir an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a phoibliú do pháirtithe leasmhara chun eolas a roinnt faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus faoin gcuspóir atá aici. I measc na n-uirlisí is féidir a úsáid chun **UBU D'Áit Do Spás** a phoibliú, tá imeachtaí, na meáin shóisialta, nuachtlitreacha agus láithreáin ghréasáin.

## 8.4 Foinse chistiú na scéime UBU D'Áit Do Spás a aithint

Ba cheart do na hábhair rannpháirtíochta agus eolais go léir a eisíonn seirbhís don ógra atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** nó aon eagraíocht atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** nó in ainm na seirbhíse nó na heagraíochtaí sin an fhoinse cistithe a aithint. Ba cheart go dtabharfaí le fios go soiléir san aitheantas, chomh maith leis sin, gur scéim atá sa scéim **UBU D'Áit Do Spás** atá cistithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ), a fhaigheann cistiú ón gCrannchur Náisiúnta.

## 8.5 Lógónna atá cistithe ag UBU D'Áit Do Spás

Caithfidh seirbhísí cistithe don ógra lógónna oifigiúla **UBU D'Áit Do Spás**, an Chrannchuir Náisiúnta, an RLGÓ agus an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ábhartha a úsáid i ngach cumarsáid agus ábhar agus gníomhaíocht eolais. Tá na lógónna seo ar fáil ón RLGÓ agus an BOO ábhartha. Is féidir le heagraíochtaí cistithe lógó a n-eagraíochta agus lógó aon eagraíochtaí comhpháirtithe a úsáid, chomh maith. Caithfidh an bhrandáil go léir a bheith ar aon dul le treoir ón RLGÓ.

## 8.6 Bearta slándála eolais agus sonraí


Caithfidh eagraíochtaí cistithe, BOOanna agus an RLGÓ an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) a chomhlíonadh agus tabhairt faoi athbhreithnithe tréimhsiúla le comhlíonadh iomlán a chinntiú. Ní phróiseálfaidh an BOO sonraí pearsanta, faoi mar a shainítear sa RGCS thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Caithfidh an RLGÓ agus an BOO oibriú as lámh a chéile leis an méid seo a leanas a chinntiú:

- Bainistítear sonraí eolais agus slándála agus déantar iarrachtaí réasúnta chun rochtain neamhúdaraithe a shrianadh i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.
- Tá an pearsanra ar an eolas go hiomlán ar na rioscaí a bhaineann le saincheisteanna slándála eolais agus sonraí maidir leis an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh.
- Déantar gach foirm de shonraí, e.g. foirmeacha iarratais, a dhréachtú agus a phróiseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

# Cuid a Trí Tomhas, Monatóireacht agus Bainistiú UBU D'Áit Do Spás

## Caibidil 9 An Creat Maoirseachta Feidhmíochta agus Rannpháirtíochta

Tá baint lárnach ag córais chomhroinnte tomhais agus mhonatóireachta a bheith i bhfeidhm maidir le feabhas a chur ar an mbonn fianaise don scéim agus a hoibriú le daoine óga. Trí phróiseas comhdhearaidh na seirbhísí samplacha, forbraíodh réimse uirlisí, teimpléad agus próiseas. Leagann iad seo an bhunchloch faoin gcreat feidhmíochta agus maoirseachta (an CFM) don scéim agus oibreofar é i gcomhar leis na meicníochtaí Rialachais a leagtar amach sna Comhaontuithe Seirbhíse ábhartha. I gcaitheamh na sraithe beartais, cuirfear feabhas orthu seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus chun é a léiriú níos fearr. Tugtar cuntas sa chaibidil seo ar róil agus freagrachtaí maidir le bainistíocht feidhmíochta, chomh maith leis na huirlisí a úsáidfidh príomhpháirtithe leasmhara na scéime **UBU D'Áit Do Spás** chun feidhmíocht a thomhas, a mhaoirsiú, a mheasúnú agus a fheabhsú faoin scéim seo chun torthaí dearfacha a bhaint amach do dhaoine óga.




## 9.1 Maoirseacht feidhmíochta agus rannpháirtíocht i seirbhísí don ógra atá cistithe ag an scéim UBU D'Áit Do Spás

Is é coincheap uileghabhálach an chreata maoirseachta feidhmíochta agus rannpháirtíochta ná chun pleanáil ghníomhach agus sholúbtha idir BOOanna agus eagraíochtaí cistithe a cheadú.

B'fhéidir go mbeidh ar BOOanna agus seirbhísí don ógra páirt níos minice a ghlacadh i gcásanna áirithe ná mar a dtugtar cuntas air thíos; áirítear leis seo freagairt do riachtanais nua a thagann chun solais sa phobal nó má shainaithnítear rioscaí atá bunaithe ar athbhreithnithe agus/nó meastóireachtaí a dhéantar ar an tseirbhís don ógra. Nóta: tá gníomhaíochtaí maoirseachta feidhmíochta agus rannpháirtíochta an BOO i gcomhréir maidir leis na rioscaí a shainaithnítear.

Tá réimse uirlisí agus próiseas ann nach mór do pháirtithe leasmhara a úsáid chun na sonraí a bhailiú a theastaíonn chun maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** ar leibhéal na seirbhíse don ógra. Tugtar cuntas sna huirlisí agus sna próisis seo agus conas a oibríonn siad le chéile i bhFíor 9.1 thíos.

Creat Feidhmíochta agus Maoirseachta




FÍOR 9.1: UIRLISÍ AGUS PRÓISIS A ÚSÁIDTEAR I MBAINISTÍOCHT AGUS MAOIRSEACHT FEIDHMÍOCHTA NA SCÉIME UBU D'ÁIT DO SPÁS A AITHINT

## 9.2 Uirlisí bailithe sonraí maoirseachta feidhmíochta

Chun sonraí feidhmíochta a bhailiú ar leibhéal sheirbhís don ógra na scéime **UBU D'Áit Do Spás**, tá príomhshraith uirlisí bailithe sonraí maoirseachta feidhmíochta ann a dtugtar "an Creat Feidhmíochta agus Maoirseachta" (an CFM) orthu i dteannta a chéile. Aithnítear go bhfuil an próiseas CCNC i mbun feidhme cheana féin sa limistéar seo agus cuirfear uirlis an CCNC atá tagtha chun cinn san áireamh i bhforbairtí amach anseo a thiocfaidh ar na huirlisí seo.

**Tugtar cuntas thíos ar na huirlisí nach mór a úsáid do gach seirbhís don ógra.**

### a. Samhail loighice seirbhíse don ógra – Snáithe A, B agus C

- Le treoir ón BOO ábhartha, caithfidh eagraíochtaí a chistítear faoi **UBU D'Áit Do Spás** samhail loighice uileghabhálach a fhorbairt do gach seirbhís don ógra a sholáthraítear chun an tréimhse chistithe a chumhdach. Is iad na gnéithe den tsamhail loighice:
    - An dúshlán a bhaineann le daoine óga a bhfuiltear le dul i ngleic leis tríd an scéim **UBU D'Áit Do Spás**;
    - An t-ionchur (na hacmhainní agus na gníomhaíochtaí) atá á infheistiú ag an RLGÓ agus páirtithe leasmhara eile sa scéim **UBU D'Áit Do Spás**;
    - Aschur (na gníomhaíochtaí a sholáthraítear, na líonta daoine atá ag glacadh páirte etc.) na scéime **UBU D'Áit Do Spás**; agus
    - Na torthaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ar mian linn iad a bhaint amach do dhaoine óga agus an tsochaí i gcoitinne tríd an scéim **UBU D'Áit Do Spás**.
- Caithfidh eagraíochtaí cistithe agus BOOanna teimpléad na samhla loighice a úsáid a d'fhaomh an RLGÓ nuair a bhíonn an tsamhail loighice á forbairt. Má mheasann an eagraíocht chistithe gur gá agus má chomhaontaíonn an BOO leis, is féidir samhlacha loighice breise a fhorbairt ar feadh bliain amháin, agus/nó do chodanna na hoibre.
- I gcás seirbhísí ina bhfuil breis agus seirbhísí don ógra atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás**, is féidir le heagraíochtaí a roghnú chun samhlacha loighice ar leith a chríochnú do sheirbhísí aonair don ógra atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás**, ach ní riachtanas é seo.
- Caithfidh an BOO ábhartha a sheiceáil go ndéantar cur síos sa tsamhail loighice seo ar an tseirbhís/na seirbhísí don ógra ar aon dul leis an Riachtanas/na Riachtanais Seirbhíse agus an fhoirm/na foirmeacha iarratais a seoladh isteach, agus rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.
- Caithfidh eagraíochtaí agus BOOanna a chinntiú, chomh maith, go ndéanann an tsamhail loighice nasc le plean oibre na seirbhíse don ógra, nach mór don eagraíocht chistithe a fhorbairt do gach seirbhís don ógra de chuid na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

### b. Teimpléad Rialacha Comhairimh – Snáithe A amháin

- Nuair a bhíonn monatóireacht á déanamh ar an bplean oibre a chur chun cinn do gach seirbhís don ógra de chuid na scéime **UBU D'Áit Do Spás**, caithfidh eagraíochtaí Shnáithe A an teimpléad Rialacha Comhairimh a chomhlánú a chuireann an RLGÓ ar fáil do na tréimhsí ama ar comhaontaíodh orthu.

Riail le haghaidh **UBU D'Áit Do Spás** in 2020

- Úsáidtear é seo chun na saghsanna idirghabhála a úsáidtear, an líon uaireanta an chloig a sholáthraítear do dhaoine óga agus an líon daoine óga a ghlacann páirt a chur i dtaifead.
- Caithfidh BOOanna sonraí ábhartha a sholáthar don RLGÓ chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe feidhmíochta na scéime foriomláine.
- Tá súil leis go bhforbrófar uirlis chomhairimh nó a chomhionann a úsáidfear le cistiú shnáitheanna B agus C. Beidh súil leis go n-úsáidfidh eagraíochtaí cistithe iad seo, faoi mar a d'fhaomh an RLGÓ agus na sonraí ábhartha a sholáthar do na BOOanna a chistiú don RLGÓ chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe fheidhmíocht na scéime foriomláine.

### c. Cruinnithe athbhreithnithe pleanála agus dul chun cinn – Snáithe A, B agus C

- Iarracht chomhoibritheach atá sa phróiseas athbhreithnithe pleanála agus dul chun cinn idir agus an tseirbhís don ógra chun plé a dhéanamh ar saincheisteanna maidir le dul chun cinn agus saincheisteanna gaolmhara san obair. Spreagtar cur chuige solúbtha agus réamhghníomhach agus, ar an ábhar sin, d'fhéadfadh níos mó idirchaidrimh a bheith ag teastáil maidir le tacú le hobair na seirbhíse don ógra chun feabhas a chur ar na torthaí do dhaoine óga mar fhreagairt do riachtanais phobail atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh nár sainaithníodh i dtosach mar thosaíocht sa Riachtanas Seirbhíse.[23]

  Cuirtear teimpléid ar fáil d'eagraíochtaí cistithe agus ní mór iad seo a scaipeadh ar an BOO chun athbhreithniú a dhéanamh orthu roimh aon chruinniú dul chun cinn.
- Ba cheart do na cruinnithe seo titim amach ar a laghad trí huaire in aghaidh na bliana cistithe idir BOOanna agus seirbhísí don ógra.

D'fhéadfadh minicíocht na gcruinnithe seo dul i méid chun freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn nó má bhíonn aon bhuairt ann gur fhorbairt an BOO meastóireacht ar na rioscaí ábhartha bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus ar mheastóireacht ar rioscaí ábhartha.

Deis atá sa chruinniú chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ar fhoghlaim a eascraíonn as an obair. Ba cheart do na cruinnithe athbhreithnithe seo díriú ar an méid seo a leanas:

» Súil a chaitheamh ar shaincheisteanna, dúshláin agus deiseanna;

» An méid a bhfuil agus nach bhfuil ag éirí go maith leis a shainaithint;

» A shainaithint má tá gá ann d'athrú agus próiseas athraithe a thosú;

» Tuairimí agus smaointe a roinnt ar féidir leo an obair a thabhairt chun cinn;

» Eolas a roinnt ón uirlis Rialacha Comhairimh;

» Cabhrú le tuiscint a fháil ar an méid a bhíonn i gceist leis an obair, agus na scileanna riachtanacha a theastaíonn;

23 Sampla de seo ná nuair a theastaíonn freagairt phráinneach (e.g. braisle féinmharaithe). Sa saghas seo cáis, níl aon riachtanas ann chun próiseas na próifíle ceantair a phlé, ach caithfear é a léiriú.

- An díriú a choimeád ar thorthaí agus an tomhas agus an taifeadadh gaolmhar a dhéantar ar athrú do dhaoine óga;
- Buiséid a athbhreithniú;
- Pleanáil don chéad ráithe eile;
- Saincheisteanna agus gníomhaíocht a bhaineann le foinsí iolracha cistithe, obair chomhoibritheach agus comhoibriú idirghníomhaireachta;
- Bainistíocht folúntas agus earcaíochta; agus
- Plé a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le hathruithe a bhaint amach do dhaoine óga in aghaidh an iarratais ar chistiú, an plean oibre, aon phlean gníomhaíochta a ghintear ón rátáil DÓG, an Creat Maoirseachta Feidhmíochta, an tsamhail loighice ina measc, an CS, agus rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás**. Mar thoradh ar na cruinnithe athbhreithnithe seo, is féidir leis an eagraíocht chistithe moltaí a fháil ó na BOOanna chun plean oibre na seirbhíse don ógra a nuashonrú, nuair is gá, lena chinntiú go sásaítear riachtanais agus go mbaintear torthaí dearfacha amach do dhaoine óga.

Má mholann na BOOanna, is féidir le heagraíochtaí cistithe athruithe a dhéanamh ar an mbuiséad, nuair is gá, lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís don ógra á cur i bhfeidhm faoi mar a bhfuil súil leis.

Caithfear aschur a thabhairt ar ais ar a laghad trí huaire sa bhliain de réir na treorach sa lámhleabhar úsáideora.

### d. Cuairteanna gan fhógra – Snáithe A, B agus C

Is féidir le BOO cuairteanna gan fhógra a thabhairt, má mheastar gur gá. Cinntíonn na cuairteanna gan fhógra an méid seo a leanas:

- Bíonn suíomhanna seirbhíse don ógra ar oscailt i rith na n-amanna a luaitear ina n-amchlár.
- Is ann d'aon seirbhís a beartaíodh a sholáthar lasmuigh d'fhoirgneamh/d'fhoirgnimh na seirbhíse don ógra, faoi mar a luaitear san fhoirm iarratais nó faoi mar a chomhaontaítear ar bhealach eile leis an BOO, e.g. for-rochtain, obair sráide nó obair ar a láthair féin.

### e. Athbhreithnithe rialachais agus seirbhíse – Snáithe A, B agus C

**Is féidir athbhreithniú iomlán rialachais agus seirbhíse a dhéanamh lena ligean do BOOanna** chun idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí cistithe agus díriú ar thionchar, sochair agus torthaí do dhaoine óga a bhaint amach trí rannpháirtíocht leis an eagraíocht chistithe. Is féidir athbhreithnithe seirbhíse a dhéanamh faoi lánrogha gach BOO.

Oibreofar trí mheicníocht an bhealaigh a dhéanfar athbhreithnithe rialachais agus seirbhíse sa scéim (agus cé a dhéanfaidh na hathbhreithnithe) leis na páirtithe leasmhara ábhartha mar ghné de phlean um chur i bhfeidhm na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.



Riail le haghaidh **UBU D'Áit Do Spás** in 2020
**UBU D'Áit Do Spás** in 2020 sa lámhleabhar úsáideora

### f. Uirlis(í) tomhais torthaí – Snáithe A, B agus C

Ní dhéanfaidh an RLGÓ uirlis tomhais torthaí a fhorordú sa chéad bhliain den scéim **UBU D'Áit Do Spás**. Trí úsáid a bhaint as an tsamhail feabhsúcháin leanúnaigh agus ón méid a foghlaimíodh ón gcéad bhliain chistithe, tá súil leis go molfar uirlis tomhais torthaí níos déanaí agus go mbeidh an próiseas seo a leanas ag teastáil uaidh.

- Beidh súil leis go n-úsáidfidh eagraíochtaí cistithe an uirlis/na huirlisí tomhais torthaí faoi mar a d'fhaomh an RLGÓ chun athruithe a thabhairt le fios don BOO ábhartha a thagann ar na torthaí forbartha pearsanta agus sóisialta ag eatraimh a gcomhaontaítear leo, faoi mar a thugann an RLGÓ le fios.
- I gcás gach seirbhíse don ógra den scéim **UBU D'Áit Do Spás**, caithfidh eagraíochtaí cistithe na hathruithe a thagann ar na torthaí pearsanta agus sóisialta a léiriú do shampla comhaontaithe daoine óga, faoi mar a leagann an RLGÓ amach.

Idir an dá linn, spreagann an RLGÓ eagraíochtaí cistithe chun leanúint le sonraí faoi thorthaí a bhailiú trí úsáid a bhaint as aon uirlisí reatha.

Tugtar cuntas sa tábla achomair seo a leanas (Tábla 9.1) ar na huirlisí feidhmíochta agus maoirseachta agus conas a bhaineann siad faoi láthair leis na trí shnáithe cistithe den scéim **UBU D'Áit Do Spás**, A, B agus C. Tá súil leis go gcabhróidh forbairt bhreise a dhéanamh ar na huirlisí seo leis an rath a bheidh ar agus an fhorbairt a dhéanfar ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** (Fíor 9.2).

| | SNÁITHE A | SNÁITHE B | SNÁITHE C |
|---|---|---|---|
| Samhail Loighice Seirbhíse don Ógra | ✔ | ✔ | ✔ |
| Rialacha Comhairimh | ✔ | X | X |
| Cruinnithe Athbhreithnithe Plean-ála agus Dul chun Cinn | ✔ | ✔ | ✔ |
| Cuairteanna gan Fhógra | ✔ | ✔ | ✔ |
| Athbhreithnithe Seirbhíse | ✔ | ✔ | ✔ |

TÁBLA 9.1: TÁBLA ACHOMAIR INA DTUGTAR CUNTAS AR GACH UIRLIS FEIDHMÍOCHTA AGUS MAOIRSEACHTA A ÚSÁIDFEAR DO GACH SNÁITHE CISTITHE

## 9.3 Na róil agus freagrachtaí i maoirseacht feidhmíochta agus rannpháirtíocht

Rialacha d'eagraíochtaí cistithe

Sa ról a bhíonn ag deontaithe **UBU D'Áit Do Spás**, caithfidh eagraíocht chistithe na freagrachtaí seo a leanas a shásamh maidir le feidhmíocht:

- Cuntas a thabhairt i d'iarratas, tuairiscí ar dhul chun cinn agus cruinnithe an Chreata Feidmíochta agus Maoirseachta ar conas a sholáthraíonn tú do sheirbhís don ógra de chuid na scéime **UBU D'Áit Do Spás** ar bhealach a uasmhéadaíonn an fhéidearthacht chun torthaí dearfacha a bhaint amach do dhaoine óga agus a léiríonn luach ar airgead.
- Sonraí a bhailiú agus a tháirgeadh ar a laghad trí huaire sa bhliain don BOO trí úsáid a bhaint as na huirlisí ábhartha den CFM lena léiriú go bhfuil an soláthar ar aon dul leis an iarratas ar chistiú, an plean oibre, an tsamhail loighice, an CS, agus rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.
- Sonraí faoi fheidhmíocht na seirbhíse don ógra a choimeád, ar aon dul leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.
- Teacht ar phearsanra, cáipéisíocht agus sonraí a sholáthar ar mhaithe le seirbhís nó athbhreithnithe airgeadais ar aon dul leis na hoibleagáidí faoi mar a leagtar amach iad i *Ciorclán 13/2014 an na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA)*.[24]
- Páirt a ghlacadh i ngnáthmhaoirseacht. Cuimsítear sa mhaoirseacht seo cruinnithe athbhreithnithe ar phleanáil/dhul chun cinn (féach Mír 7.3) agus caiteachas cuí cistithe agus soláthar seirbhíse a fhíorú.
- Athruithe ar sholáthar seirbhíse nó an cur chuige a mholadh chun freagairt d'athruithe a thugtar faoi deara ar riachtanais daoine óga agus nó bealaí nua agus níos éifeachtaí chun oibriú nó freagairt.
- Tuairisc deireadh bliana ar dhul chun cinn/sraith beartais a chríochnú go cruinn agus é a sheoladh ar ais go dtí an BOO.

### Bord Oideachais agus Oiliúna

Tá freagracht reachtúil ar BOO, faoi mar a dtugtar cuntas air san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don ógra ina limistéar feidhme.
- An t-eolas sin a sholáthar a fhéadfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh maidir leis an tacaíocht sin.

Cé go bhfuil freagrachtaí ar BOOanna a bhaineann go sonrach le hobair don ógra faoin Acht BOOanna, 2013, tá ról acu, chomh maith, laistigh de chuspóirí beartais níos fairsinge an RLGÓ, faoi mar a bhaineann siad le beartas óige ina gcuimsítear obair don ógra, faoi mar a bhforáiltear dó sa Mheabhrán Tuisceana idir an RLGÓ agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ).


24 Is é teideal iomlán an chiorcláin *Ciorclán 13/2014 an RCPA – Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste Nóta Treorach agus Riachtanais Tuairiscithe*.

Ina ról mar an gcomhlacht idirghabhála do **UBU D'Áit Do Spás**, tá na róil agus freagrachtaí seo a leanas ag/ar BOOanna (de réir na CSanna) sa mhaoirseacht agus sa bhainistíocht a dhéantar ar fheidhmíocht sa scéim **UBU D'Áit Do Spás**:

- A chinntiú go soláthraítear na seirbhísí don ógra ar aon dul leis na foirmeacha athnuachana bliantúla faofa ar chistiú, faoi mar ar cuireadh faoi bhráid an BOO agus an RLGÓ iad.
- A chinntiú go mbaintear amach an t-aschur, na torthaí, na cuspóirí agus na bunspriocanna inghnóthaithe a shainítear go soiléir agus a shainaithnítear san iarratas ar chistiú agus sa tsamhail loighice don tseirbhís don ógra agus go ndéantar iad a fhíorú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí feidhmíochta agus moltaí a dhéanamh leis an RLGÓ maidir leis na hathruithe a bheartaítear a dhéanamh ar phlean oibre nó buiséad na seirbhíse don ógra.
- Tabhairt faoi ghnáthmhonatóireacht ar eagraíochtaí cistithe a bhfuil deontais na scéime **UBU D'Áit Do Spás** á bhfáil acu. Cuimsítear sa mhaoirseacht seo caiteachas cuí cistithe a fhíorú.
- Tacú le heagraíochtaí cistithe nuair nach soláthraítear seirbhís don ógra ar aon dul leis an bplean oibre ar comhaontaíodh air chun an tseirbhís don ógra a stiúradh sa treo ceart arís. I gcásanna ina dteipeann ar na hiarrachtaí seo, caithfidh an BOO fógra a thabhairt don RLGÓ agus caithfidh sé na gníomhartha ceartaitheacha a chur i ngníomh, leis an eagraíocht chistithe, faoi mar a dtugtar cuntas air sa CS idir an BOO agus an tseirbhís don ógra.
- Eolas faoi fheidhmíocht atá cothrom le dáta a sholáthar don RLGÓ, ar iarraidh sin, faoin tseirbhís don ógra de chuid na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.
- Na sonraí faoi fheidhmíocht a choimeád a chuir eagraíochtaí cistithe ar fáil, ar aon dul leis an RGCS agus faoi mar a d'ordaigh an RLGÓ. Caithfidh an BOO na sonraí a úsáid chun príomhphointí agus torthaí a thuairisciú aníos leis an RLGÓ faoi dhul chun cinn, saincheisteanna, dúshláin agus forbairtí ginearálta ina limistéar.
- Tiocfaidh BOOanna le chéile ag eatraimh rialta, faoi stiúir an RLGÓ, ar mhaithe le cuspóirí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás**.
- A chuir ar chumas an RLGÓ nó gníomhairí na Roinne nó cabhrú leo chun tabhairt faoi chuairteanna iniúchta agus fíoraithe ar an láthair ar sheirbhísí don ógra na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

### An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- Ina ról mar dheontóir do **UBU D'Áit Do Spás**, tá freagracht fhoriomlán ar an RLGÓ as feidhmíocht **UBU D'Áit Do Spás** ar leibhéal na scéime. Caithfidh sé monatóireacht a dhéanamh ar feidhmíocht na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus cinntí a chur in iúl a dhéanann sé maidir le seirbhísí don ógra, beartais agus cistiú a chur i bhfeidhm d'eagraíochtaí agus BOOanna cistithe. Tá an RLGÓ freagrach, chomh maith, as feidhmíocht agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón scéim **UBU D'Áit Do Spás** a chur in iúl don phobal agus do pháirtithe leasmhara.




FÍOR 9.2: MAOIRSEACHT FEIDHMÍOCHTA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT DO RATH AGUS BORRADH NA SCÉIME UBU D'ÁIT DO SPÁS

## 9.4 Eagraíochtaí cistithe nach bhfuil ag tabhairt faoina bplean gníomhaíochta nó oibre

Má mheasann an BOO go bhfuil ag teip ar eagraíocht chistithe chun an t-aschur agus torthaí a sholáthar atá ina bplean oibre faofa do sheirbhísí atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás**, caithfidh an BOO an RLGÓ a chur ar an eolas agus oibriú leis an eagraíocht chistithe chun an tseirbhís don ógra a stiúradh sa treo ceart arís. I gcásanna ina dteipeann ar na hiarrachtaí seo, caithfidh an BOO fógra a thabhairt don RLGÓ agus caithfidh sé na gníomhartha ceartaitheacha a chur i ngníomh, leis an eagraíocht chistithe, faoi mar a dtugtar cuntas air sa CS idir an BOO agus an eagraíocht chistithe.

# Caibidil 10 **Rialachas Dlíthiúil na Scéime**

Tugtar cuntas sa chaibidil seo ar an struchtúr rialachais do UBU D'Áit Do Spás. Cuirtear léargas ginearálta ar fáil ann, chomh maith, ar róil agus freagrachtaí na bpríomhpháirtithe leasmhara chun an scéim UBU D'Áit Do Spás a chur i bhfeidhm.

## 10.1 Cuspóir an struchtúir rialachais

Lena chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara agus go mbíonn siad cuntasach as a ról agus a bhfreagrachtaí chun freastal ar riachtanais na ndaoine óga laistigh den scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

## 10.2 Aidhmeanna an struchtúir rialachais

Lena chinntiú go n-oibríonn na páirtithe leasmhara go léir le chéile, go gcoimeádann siad iad féin agus páirtithe leasmhara eile cuntasach, agus go gcuireann siad feabhas leanúnach ar an scéim le torthaí a éascú do na daoine óga a ghlacann páirt i seirbhísí don ógra atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

## 10.3 Páirtithe leasmhara sa struchtúr rialachais

Is iad na príomhpháirtithe dlíthiúla (de réir na gcomhaontuithe CS, féach Fíor 10.1 thíos) a bhfuil freagracht dhíreach orthu as riachtanais éifeachtach na scéime **UBU D'Áit Do Spás** chun freastal ar riachtanais daoine óga:

1. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ);
2. Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna); agus
3. Eagraíochtaí cistithe a bhfuil cistiú na scéime **UBU D'Áit Do Spás** á fháil acu chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga.




FÍOR 10.1 PÁIRTITHE LEASMHARA I RIALACHAS DLÍTHIÚIL NA SCÉIME UBU D'ÁIT DO SPÁS

## 10.4 Comhaontuithe Seirbhíse

Is iad na CSanna na creataí dlíthiúla don scéim **UBU D'Áit Do Spás**. Is é aidhm fhoriomlán na CSanna chun bainistíocht éifeachtach an airgid phoiblí a chistíonn an scéim **UBU D'Áit Do Spás**, ar aon dul le rialacha **UBU D'Áit Do Spás** agus prionsabail luacha ar airgead ar mhaithe le daoine óga a chinntiú. Tá mar aidhm ag an CS idir an RLGÓ agus an BOO chun tacú leis an bprionsabal gur cheart go mbeadh torthaí dearfacha agus bunaithe ar fhianaise do dhaoine i gceartlár soláthair seirbhíse don ógra. Caithfidh na CSanna seo a leanas a bheith i bhfeidhm.

- Idir an RLGÓ agus gach BOO;
- Idir an BOO ábhartha agus gach eagraíocht chistithe trí seirbhís don ógra atá cistithe ag an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a sholáthar.

Caithfidh an páirtí leasmhar a fhostaítear athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na CSanna seo leis an bpáirtí ábhartha gach bliain. Anuas air sin, caithfear athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an Meabhrán Tuisceana (an MT) idir an RLGÓ agus BOOÉ. Is é cuspóir an MT chun córais a bhunú chun beartas agus soláthar seirbhíse a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a neartú do leanaí agus daoine óga, soláthar oibre don ógra ina measc, a bhainfidh torthaí níos fearr amach do leanaí agus daoine óga. Tá seo ar aon dul leis an bhfreagracht reachtúil atá ar na BOOanna i gceisteanna a bhaineann le beartas oibre don ógra a chur i bhfeidhm agus cuimsítear ann, chomh maith leis sin, ról an BOO laistigh de chuspóirí beartais níos fairsinge an RLGÓ, faoi mar a mbaineann siad le beartas don ógra.[25]

## 10.5 Rialacha do pháirtithe leasmhara atá cistithe ag an scéim UBU D'Áit Do Spás de réir CSanna

Tiocfaidh na róil agus freagrachtaí ardleibhéil seo a leanas de chuid na bpáirtithe leasmhara, faoi mar a comhaontaíodh orthu faoi na CSanna, i bhfeidhm mar rialacha don scéim do na páirtithe leasmhara seo.



25 Sliocht ón MT sínithe idir an RLGÓ agus BOOÉ, 2019.

| Freagrachta | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|
| An RLGÓ | Faoi threoir an Aire, is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an phríomhghníomhaireacht agus an deontóir don scéim **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Ullmhaíonn sé buiséad na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus soláthraíonn sé maoirseacht ar an gcaiteachas faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Déanann sé maoirseacht ar an gcuntasacht do shaoránaigh chun tabhairt faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás** a fheidhmiú.<br>Déanann sé an mheastóireacht ar **UBU D'Áit Do Spás** a choimisiúnú agus a mhaoirsiú lena chinntiú go bhfuil a spriocanna agus cuspóirí á mbaint amach aige.<br>Tá sé freagrach as rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a bhunú agus a chur in iúl i measc príomhpháirtithe leasmhara gach bliain agus ag tús gach sraith beartais.<br>Faomhann sé an MRPLRS/na MRPLRSanna le gach BOO.<br>Forbraíonn sé an teimpléad do CSanna a theastaíonn idir BOOanna agus eagraíochtaí cistithe na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Forbraíonn, bunaíonn, nuashonraíonn agus athbhreithníonn sé CSanna idir an RLGÓ agus gach BOO.<br>Forbraíonn sé na foirmeacha iarratais agus déanann sé athbhreithnithe ar mholtaí ó BOOanna maidir le cén eagraíochtaí ar cheart dóibh cistiú a fháil bunaithe ar iarratais a shásaíonn riachtanais na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Tugann sé faoi phróiseas iarratais bliantúil chun cistiú na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a bhronnadh ar eagraíochtaí agus a athnuachan.<br>Leithdháileann sé acmhainní a sholáthraítear do BOOanna agus déanann sé monatóireacht orthu chun tacú leo chun tabhairt faoi na feidhmeanna riachtanacha. |
| BOOanna | Bunaítear na BOOanna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus déantar iad a rialú faoin Acht sin.<br>Comhlacht reachtúil é gach BOO a bhfuil a stádas féin corparáideach aige agus tá freagrachtaí air, faoi mar a dtugtar cuntas air san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013: Feidhmeanna Boird Oideachais agus Oiliúna: pointí 10 j agus k:<br>» Tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don ógra ina limistéar feidhme.<br>» An t-eolas sin a sholáthar a fhéadfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh maidir leis an tacaíocht sin.<br>Caithfidh na BOOanna gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na ciorcláin ábhartha go léir, ach gan bheith teoranta do Chód Cleachtais an BOO agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. |

| Freagrachta | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|
| BOOanna | Idirghabhálaí do rialachas na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Déanfaidh sé riachtanais daoine óga a shainaithint agus a léiriú agus déanfaidh sé moltaí don RLGÓ maidir le tosaíocht na spriocghrúpaí a úsáideann an uirlis MRPLRS.<br>Iarratais ar dheontas a athbhreithniú, a bhreithniú agus a phróiseáil ó eagraíochtaí cistithe agus moltaí a dhéanamh don RLGÓ.<br>An cistiú a riar ar eagraíochtaí cistithe.<br>Rialacha agus beartas na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a chur in iúl, chomh maith le haon nuashonruithe faoi seach ar eagraíochtaí cistithe.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair sheirbhíse don ógra laistigh d'eagraíocht chistithe, ar aon dul leis an bhfoirm iarratais, CSanna, reachtaíocht ábhartha, beartais rialtais agus rialacha na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Aon ghníomhartha a chur in iúl agus a mholadh don RLGÓ nuair a shainaithnítear saincheisteanna agus buarthaí a bhaineann le bainistíocht agus soláthar na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.<br>Bunaithe ar mhonatóireacht agus athbhreithniú bliantúil, moltaí a dhéanamh don RLGÓ faoi chistiú leanúnach sheirbhísí don ógra de chuid na scéime **UBU D'Áit Do Spás** agus/nó athruithe ar a bpleananna oibre, an ceantar tíreolaíochta oibre, spriocghrúpaí, etc. san áireamh.<br>Tógáil cumais agus tacaíochtaí neartaithe a sholáthar d'eagraíochtaí cistithe, chun cabhrú le próisis phleanála straitéisí, agus chun soláthar ardchaighdeáin a sholáthar agus a léiriú.<br>Eolas a sholáthar d'fhorbairt bhreise na scéime **UBU D'Áit Do Spás** ar aon dul le beartas náisiúnta, trí eolas a thabhairt don Aire agus dá (h)oifigigh ar fhorbairtí do na spriocghrúpaí ina limistéir feidhme.<br>Páirt a ghlacadh i dtriail a bhaint as seirbhísí agus uirlisí samplacha, faoi mar a ordaíonn an RLGÓ chun tacú le tionscnaimh dhea-chleachtas agus mheastóireachta a fhorbairt.<br>Caithfear grúpa Comhordaithe BOO (nó a chomhionann de ghrúpa) a bhunú. Caithfidh Cathaoirleach an ghrúpa a bheith fostaithe ar ghrád Stiúrthóra nó ar ghrád níos sinsearaí ná Stiúrthóir. Caithfidh an grúpa an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>» Tacú le cur i bhfeidhm na scéime **UBU D'Áit Do Spás** i ngach BOO. Maoirseacht a dhéanamh ar an Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair.<br>» Athbhreithniú a dhéanamh ar aschur na bpróiseas feidhmíochta agus maoirseachta.<br>» Ainm a chur le moltaí do chistiú na scéime **UBU D'Áit Do Spás** don RLGÓ agus an próiseas achomhairc gaolmhar a bhainistiú.<br>» Coimhlintí leasa a bhainistiú go cuí (caithfidh gach ball de ghrúpa comhordaithe an fhoirm dhearbhaithe coimhlint leasa a shíniú). |

Ba cheart tuiscint a bhaint as róil agus freagrachtaí eagraíochtaí cistithe de réir iomláine iomlán na rialacha a leagtar amach sa leabhrán seo.

Tá dualgas ar an RLGÓ a chinntiú go gcaitear an t-airgead poiblí go léir ar bhealach freagrach agus trédhearcach chun feabhas a chur ar na torthaí do leanaí agus daoine óga in Éirinn. Tá iad siúd a bhfuil cistiú **UBU D'Áit Do Spás** á fháil agus a bhfuil maoirseacht á déanamh acu ar an úsáid a bhaintear as an gcistiú seo freagrach as cloí le rialacha oibriúcháin **UBU D'Áit Do Spás** chun go mbíonn ar chumas daoine óga droch-chúinsí a shárú agus a lánchumas a bhaint amach trí fheabhas a chur ar a dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta.

Is iad na heagraíochtaí cistithe a sholáthraíonn na seirbhísí do dhaoine óga nach mór dóibh a chinntiú go soláthraítear na seirbhísí ar bhealach a uasmhéadaíonn torthaí dearfacha do dhaoine óga. De bhreis air sin, caithfidh an eagraíocht chistithe a chinntiú, chomh maith, go bhfuil aschur agus torthaí na seirbhíse don ógra inbhainte amach agus gur féidir iad a fhíorú.

# Aguisín 1 – **Míniú ar “soláthar lasmuigh den scoil”**

I gcomhthéacs na scéime **UBU D’Áit Do Spás**, is féidir an méid seo a leanas a chistiú, chun cur le hoideachas/oiliúint fhoirmiúil duine óig:

- Trí úsáid a bhaint as áitreabh na scoile chun oibriú le mic léinn reatha lasmuigh d’uaireanta scoile, i rith amanna sosa, i ndiaidh scoile nó i rith am neamhthéarma ina measc.
- Trí úsáid a bhaint as áitreabh na scoile i rith uaireanta scoile chun oibriú le daoine óga nach bhfuil in oideachas a thuilleadh.
- Freastal ar scoil chun an tseirbhís don ógra agus a gníomhaíochtaí a chur chun cinn.
- Abhcóideacht a dhéanamh thar ceann duine óg nó grúpa daoine óga.
- Líonrú a dhéanamh leis an scoil agus a foireann.

Ní féidir le “soláthar lasmuigh den scoil” an méid seo a leanas a chistiú i scoileanna:

- Foireann a chistiú chun aon chuid den curaclam foirmiúil nó de ghnáthobair na scoile a chistiú nó aon tacaíochtaí oideachais a sholáthar a chuirtear ar fáil trí Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla.
- Daoine óga a bhaint ón seomra ranga chun freastal ar sheirbhís don ógra, daoine óga ina measc a bhfuil amchláir laghdaithe acu.

# Aguisín 2 – **Próiseas dearaidh straitéisigh UBU D'Áit Do Spás**

Thug an RLGÓ faoi phróiseas dearaidh straitéisigh chun an scéim nua **UBU D'Áit Do Spás** a fhorbairt, lenar áiríodh fianaise, athbhreithniú, comhairliúchán agus idirchaidreamh a dhéanamh le hearnálacha ábhartha agus príomhchodanna den scéim nua a shampláil agus a chomhdhearadh. Bhain struchtúir shonracha a bhunú leis an bpróiseas seo chun an próiseas dearaidh a bhainistiú.

### AMLÍNE AN PHRÓISIS DEARAIDH STRAITÉISIGH

**2016**

- Príomhfhoireann LAABCÓ bunaithe
- Rinne an RLGÓ idirchaidreamh le BOOanna chun tionscadail shamplacha a bhunú
- Tús curtha le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara

**2017**

- Grúpa Comhairleach Tomhais (GCT) bunaithe
- Tugadh aghaidh ar thráinse nua de thionscadail shamplacha
- Próiseas comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga
- Dhá chéim de chomhairliúchán le páirtithe leasmhara fásta

**2018**

- Chuir an GCT "Comhrá faoi Thomhas" ar bun
- Cuireadh seisiúin idirchaidrimh ar siúl le páirtithe leasmhara
- D'eisigh an RLGÓ nuachtlitir do gach páirtí leasmhar chun nuashonruithe ar an bpróiseas dearaidh a chur in iúl

**2019**

- Comhairliúcháin ar an gcéim dheiridh dearaidh
- D'eisigh an RLGÓ nuachtlitir do gach páirtí leasmhar chun nuashonruithe ar an bpróiseas dearaidh a chur in iúl

### Príomhfhoireann LAABCÓ

Bunaíodh an Phríomhfhoireann sa bhliain 2016. Chabhraigh sé le dearadh agus cur i bhfeidhm na scéime a threorú, de bhun moltaí ó LAABCÓ. Grúpa "traseagraíochta" é an Phríomhfhoireann, ina bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí agus bratchomhlachtaí éagsúla. Faoi Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí GOAL, thacaigh foireann ón Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (LSÉ) le hobair na foirne seo. Bhí ról ag tionscadal GOAL chun bonn fianaise a ghiniúint chun eolas a chur ar fáil ar dhearadh na scéime. Chabhraigh sé, chomh maith, sa phróiseas comhairliúcháin agus seirbhísí samplacha a dhearadh.

Bhí d'aidhm ag an bPríomhfhoireann a chinntiú go bhfuil an scéim **UBU D'Áit Do Spás** faoi stiúir beartais, dírithe ar thorthaí agus go sásaíonn sé na caighdeáin riachtanacha rialachais, bhainistíochta feidhmíochta, agus chomhlíonta. Chuir na gnéithe seo a leanas eolas ar fáil don phróiseas dearaidh straitéisigh don scéim:

- » Athbhreithniú ar fhianaise;
- » Comhairliúchán agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara;
- » Comhairliúchán le daoine óga; agus
- » Sampláil a dhéanamh ar ghnéithe dearaidh an SACÓ.

Amhail Lúnasa 2019, bhí foireann ón RLGÓ agus na heagraíochtaí seachtracha seo a leanas sa Phríomhfhoireann LAABCÓ:

- Ollscoil Luimnigh
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Comhairle Náisiúnta na nÓg
- Léargas
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- Bord Oideachais agus Oiliúna
- TUSLA
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Oideachais agus Scileanna

### Grúpa Comhairleach Tomhais

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach Tomhais (an GCT) in 2017 mar fhochoiste den Phríomhfhoireann, agus ba é an fheidhm a bhí aige ná chun comhairle a chur ar an RLGÓ ar roghanna maidir le tomhas sa scéim nua **UBU D'Áit Do Spás**. B'éard a bhí san GCT ná foireann an RLGÓ agus saineolaithe ábhartha a dhírigh ar bhealaí a dhearadh chun an obair atá ar bun i seirbhísí don ógra ar fud na tíre a thuiscint, a léiriú agus a thomhas. Rinne an GCT taighde agus tástáil ar bhealaí chun an méid seo a leanas a thomhas:

- » An méid a dhéanann seirbhís don ógra;
- » Cé a úsáideann seirbhís don ógra; agus
- » Conas a imríonn seirbhís don ógra tionchar ar fhorbairt daoine óga.

Chuir an GCT cruinnithe ar siúl agus thug sé faoi roinnt gníomhaíochtaí taighde, cuairteanna ina measc ar sheirbhísí don ógra, athbhreithniú ar litríocht, agus gairm oscailte ar aighneachtaí. Mar chuid dá chuid oibre, rinne an GCT:

- Athbhreithniú ar mhodhanna a úsáideadh ina mhacasamhail de scéimeanna timpeall an domhain;
- Thug sé faoi chuairteanna ar shuíomhanna seirbhísí don ógra;
- Athbhreithniú ar réimse tuarascálacha comhairliúcháin a rinne le seirbhísí don ógra agus daoine óga a chaith súil ar thomhas;
- Forbraíodh uirlisí agus próisis a bhfuil triail le baint astu i bhfiche seirbhís shamplach don ógra timpeall na tíre; agus
- Eisíodh gairm oscailte ar aighneachtaí tríd an Aire ó eagraíochtaí a oibríonn le daoine óga chun súil a chaitheamh ar bhealaí chun torthaí a thomhas.

Sheol an GCT a Mheabhrán deiridh ar aghaidh in Aibreán 2019. Leagadh amach sa mheabhrán seo moltaí deiridh an GCT maidir le córas tomhais agus beartas rialacha comhairimh a fhorbairt don scéim **UBU D'Áit Do Spás**.

### Comhrá faoi Thomhas, 2018

Chuir an GCT "Comhrá faoi Thomhas" ar bun a sheol an tAire i bPáirc an Chrócaigh i Samhain 2018. D'fhreastail 180 oibrí túslíne, bainisteoir, agus lucht déanta beartas ar an imeacht. Rinne breis agus tríocha eagraíocht cur i láthair ar na bealaí a thomhaiseann siad a ndéanann siad agus an méid a úsáideann siad chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar an difríocht a dhéanann a seirbhís chun tacú le daoine óga.

Rinne triúr Oifigigh Óige BOO agus ionadaithe ó dhá cheann de na seirbhísí samplacha cur i láthair ar an eispéireas a bhí acu ar úsáid a bhaint as na huirlisí tomhais ar bhonn trialach. Chuir an t-imeacht réimse aiseolais agus dearcthaí ar fáil don GCT maidir le húsáid a bhaint as na huirlisí. Rinneadh athbhreithniú ar an aiseolas agus rinneadh taighde breise. Cuireadh tuarascáil le chéile i mí na Nollag 2018 inar tugadh achoimre ar an bpríomhaiseolas ó imeacht an Chomhrá faoi Thomhas le páirtithe leasmhara na hearnála óige.

### Seirbhísí Samplacha (2016-2018) agus Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Uirlis Riachtanais Seirbhíse a Fhorbairt

Bhí dearadh na scéime faoi réir próiseas comhdhearaidh agus tástála, chomh maith, trí 23 seirbhís samplach a fhorbairt. Rinne an RLGÓ idirchaidreamh leis na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) dhéag timpeall na tíre chun na seirbhísí don ógra seo a bhunú. Anuas ar thriail a bhaint as gnéithe áirithe den scéim **UBU D'Áit Do Spás** trí na seirbhísí don ógra samplacha, b'aschur den phróiseas seo a bhí san uirlis MRPLRS, chomh maith. Príomhghné atá san uirlis seo den mheasúnú ar riachtanais sa scéim **UBU D'Áit Do Spás**. D'oibrigh an RLGÓ le sé BOO dhéag chun an uirlis a chomhdhearadh.

### Seirbhísí Samplacha, 2016-2017

Fad a bhí an scéim **UBU D'Áit Do Spás** á forbairt, agus mar chuid de mholtaí LAABCÓ a chur i bhfeidhm, rinne an RLGÓ idirchaidreamh leis na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) dhéag timpeall na tíre chun líon seirbhísí samplacha don ógra a bhunú i gcaitheamh 2016 agus 2017. Rinneadh láithreáin tástála de sheirbhísí nua samplacha don ógra lena chabhrú próisis rialachais, tomhais agus mhaoirseachta a chomhdhearadh agus 23 seirbhís nua ann in aon BOO dhéag.

### 2016

Leithdháileadh i mbuiséad 2016 a mhéid le €200,000 maidir le "seirbhísí samplacha don ógra" nua a bhí le tosú i rith 2016 i limistéir den tír ina raibh gá práinneach le seirbhísí do dhaoine óga. Thit próiseas earcaíochta agus measúnaithe amach ar leibhéal BOO. Bunaíodh seirbhísí don ógra i ngach limistéar a sainaithníodh, a sholáthraíonn tacaíochtaí agus seirbhísí do dhaoine óga óna dteastaíonn siad.

### 2017

Ag leanúint sheirbhísí samplacha 2016, tugadh faoi thráinse nua de sheirbhísí samplacha don ógra don bhliain 2017. Fuair an RLGÓ cistiú chun roinnt seirbhísí samplacha LAABCÓ don ógra a fhorbairt agus a fhairsingiú ar fud na tíre, go sonrach i limistéir inar aithníodh go raibh bearna sa soláthar. Ar aon dul le LAABCÓ, bhí na seirbhísí seo dírithe ar dhaoine óga idir aois 10-24 a rinne riachtanais a shainaithint de bhreis ar an daonra ginearálta.

I rith 2017, tugadh cuireadh do BOOanna chun iarratais a sheoladh ar aghaidh ar líon teoranta seirbhísí nua don ógra a fhorbairt agus chun roinnt seirbhísí reatha don ógra a fhairsingiú inar cruthaíodh go raibh gá leo. Bunaíodh deich seirbhís nua don ógra agus chuir seachtar soláthraithe feabhas ar sheirbhísí reatha don ógra.

### Próiseas Comhairliúcháin

Chuir clár forleathan comhairliúcháin ar fud an chláir athchóirithe eolas ar fáil do dhearadh na scéime **UBU D'Áit Do Spás**. Dhírigh an comhairliúchán, thar aon ní eile, ar dhaoine óga. Thit sé imeacht comhairliúcháin éagsúla dhéag amach ar fud na tíre.

Chuir na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara fásta deiseanna ar fáil d'oibrithe don ógra, boird bhainistíochta, eagraíochtaí óige náisiúnta, oibrithe deonacha agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun ionchur isteach i ndearadh na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

### Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara, 2017-2019

I ndiaidh gur foilsíodh LAABCÓ (an RLGÓ, 2014) agus i ndiaidh don rialtas faomhadh a thabhairt chun na moltaí a chur i bhfeidhm, d'oibrigh an RLGÓ chun bonn fianaise a sholáthar don scéim leasaithe, comhairliúchán fairsing le beagnach 600 páirtí leasmhar. Thug an RLGÓ faoi chomhairliúchán ar fud na hearnála ar an scéim le páirtithe leasmhara ábhartha. Áiríodh leis an idirchaidreamh seo comhairliúchán le daoine óga ó na spriocghrúpaí, in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann.

### Comhairliúcháin le Daoine Óga

Ó 2016 go 2018, thug an RLGÓ faoi dhaichead imeacht náisiúnta agus réigiúnach comhairliúcháin chun ullmhú don scéim **UBU D'Áit Do Spás** nua a thabhairt isteach. Ag na himeachtaí seo, fiafraíodh de dhaoine óga faoina n-eispéiris agus faoin tuairim atá acu faoi sheirbhísí don ógra.

Tugadh cuireadh do dháréag daoine óga chun páirt a ghlacadh chun seisiúin ghrúpa fócais a dhearadh. Ba é cuspóir na seisiún seo chun a dtuairimí a fhiafraí de dhaoine óga faoin scéim cistithe leasaithe óige, seirbhísí nua don ógra ó 2016 agus na seirbhísí méadaithe don ógra ó 2017. Thit deich ngrúpa fócais éagsúla amach go náisiúnta agus bhí 78 duine óg idir aois 13 agus 18 mbliana in ionaid seirbhíse don ógra ar fud na tíre. Mar chuid de na grúpaí fócais seo, tugadh faoi shuirbhé a d'fhiafraigh a dtuairimí de dhaoine óga faoina seirbhísí don ógra.

I nDeireadh Fómhair 2017, cuireadh tuarascáil le chéile a rinne doiciméadú ar na torthaí a bhí ar shraith comhairliúchán le daoine óga maidir le hobair don ógra. Thug an RLGÓ faoi phróiseas comhairliúcháin le daoine óga ar fud na tíre idir Aibreán agus Lúnasa 2017. B'éard a bhí ar intinn ag an bpróiseas comhairliúcháin seo a dhéanamh ná chun glór daoine óga a chur san áireamh nuair a bhíonn an scéim **UBU D'Áit Do Spás** á dearadh. Spreagadh glórtha daoine óga trí shraith trí imeacht náisiúnta agus réimse de ghrúpaí fócais agus agallaimh théamacha a thit amach ar fud na tíre i rith tréimhse cúig mí.

### Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara eile

I nDeireadh Fómhair 2017, cuireadh tuarascáil le chéile a rinne cur i láthair ar na torthaí ó shraith imeachtaí comhairliúcháin a chuir an RLGÓ ar bun ar fud na tíre in Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh 2017. Dearadh na himeachtaí lena chur ar chumas cleachtóirí, bainisteoirí, boird bhainistíochta, Boird Oideachais agus Oiliúna, agus maoinitheoirí eile chun eolas a chur ar fáil do dhearadh na scéime **UBU D'Áit Do Spás**. Tugadh cuireadh do rannpháirtithe sa chomhairliúchán chun a ndearcthaí a léiriú faoi na bunphrionsabail ar cheart dóibh eolas a chur ar fáil don scéim **UBU D'Áit Do Spás**, agus ar an méid a bhfuil ag éirí go maith leis faoi láthair agus an méid a d'fhéadfaí a fheabhsú.

### An Dara Céim de Chomhairliúchán le Páirtithe Leasmhara eile

I mí na Nollag 2017, cuireadh tuarascáil le chéile a rinne na torthaí ón dara céim de phróiseas comhairliúchán a chur i láthair le cleachtóirí, bainisteoirí, boird bhainistíochta, agus ionadaithe Bord Oideachais agus Oiliúna a chuir an RLGÓ ar siúl i mBaile Átha Cliath i Samhain 2017. Lean an t-imeacht an tsraith imeachtaí comhairliúcháin a bhí ar siúl ní ba luaithe fud fad na tíre. Thug an dara céim seo grúpa de na rannpháirtithe le chéile a roghnaíodh go randamach a d'fhreastail ar an gcéad chéim de chomhairliúcháin, chun breithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le dearadh na scéime **UBU D'Áit Do Spás**.

### Seisiúin Idirchaidrimh le Páirtithe Leasmhara

I Lúnasa 2018, cuireadh tuarascáil le chéile a rinne na torthaí a chur i láthair ó shraith seisiúin idirchaidrimh le cleachtóirí, bainisteoirí, boird bhainistíochta, agus ionadaithe Bord Oideachais agus Oiliúna a chuir an RLGÓ ar siúl in Aibreán agus Bealtaine 2018. Thug na seisiúin príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun freagairt do dhréachtachoimre a bheartaítear ar spriocscéim athdheartha cistithe don ógra. Sonraítear sa tuarascáil an próiseas agus na torthaí a bhíonn ar shraith seisiúin idirchaidrimh leis na heagraíochtaí náisiúnta agus neamhspleácha a sholáthraíonn seirbhísí a d'fhéadfadh bheith cistithe faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás** agus BOOanna a mbeidh ról rialachais acu faoin scéim **UBU D'Áit Do Spás**. Ba é cuspóir na seisiún chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt agus cuíchóiriú breise a dhéanamh ar an scéim **UBU D'Áit Do Spás** a aithint.

### Comhairliúcháin ar an gCéim Dheiridh Dearaidh

Chuir an RLGÓ roinnt imeachtaí comhairliúcháin ar siúl in 2019. Dearadh na próisis chomhairliúcháin seo lena ligean do phríomhpháirtithe leasmhara chun cur le céim dheiridh dearaidh **UBU D'Áit Do Spás**. Seo a leanas na himeachtaí seo:

***Lúnasa 2019:*** Ceardlann inmheánach an RLGÓ ar bheartas na Scéime – an deis a bheith ag Aonaid an RLGÓ chun tuairim a nochtadh agus ionchur agus breathnóireacht a sholáthar roimh an bpróiseas dréachtaithe deiridh.

***Lúnasa 2019:*** Sraith ceardlann leis na próisis ghnó "faoi mar atá siad" a shoiléiriú laistigh de roinnt BOOanna aonair. Ba é cuspóir na gceardlann seo díriú ar phróisis a shoiléiriú, a mhapáil, agus a dhoiciméadú a bhaineann leis an spriocscéim cistithe don ógra nua agus a oibrítear faoi láthair laistigh de BOOanna.

***Deireadh Fómhair 2019:*** Ceardlann choiste comhordaithe BOO le hionchur a dhéanamh isteach i gcéim dheiridh dearaidh na spriocscéime cistithe don ógra nua. Ba é cuspóir an imeachta seo chun deis a sholáthar do BOOanna chun ionchur a dhéanamh maidir leis na ceisteanna seo a leanas faoin dréachtcháipéis bheartais agus treoir úsáideora an BOO:

- Cad iad na bearnaí?
- Cad is gá a shoiléiriú, eolas nó sonraí breise?
- Cad iad na dúshláin maidir le cur i bhfeidhm ó pheirspictíocht BOO?

***Deireadh Fómhair 2019:*** Idirchaidreamh idir an RLGÓ agus an Earnáil Óige maidir leis an Sprioc-Scéim Cistithe Óige. Chuir an RLGÓ imeacht ar siúl le heagraíochtaí a bhfuil sprioc-chistiú seirbhíse don ógra á fháil acu faoi láthair. Ba é cuspóir an imeachta seo:

- Eolas a sholáthar d'earnáil óige na spriocscéime cistithe nua don ógra: **UBU D'Áit Do Spás**, sular seoladh an scéim i mí na Nollag.
- Deis a sholáthar don earnáil óige chun eolas a sholáthar don phlean um chur i bhfeidhm agus do na tionscnaimh tógála cumais a beartaíodh don spriocscéim cistithe nua don ógra.

*An tImeacht deiridh – Dé hAoine, an 8 Samhain sa RLGÓ:* De bhreis ar iarraidh fhoirmiúil a rinne BOOÉ leis an RLGÓ ar chomhairliúchán breise maidir le dearadh na scéime **UBU D'Áit Do Spás** a thabhairt chun críche, thit seisiún ceardlainne amach a raibh an cuspóir seo a leanas aige:

- An deis a sholáthar chun go gcuirfidh BOOanna eolas ar fáil chun treoracha úsáideora, foirmeacha iarratais agus teimpléid agus uirlisí gaolmhara maoirseachta feidhmíochta a fhorbairt.
- Díriú ar théamaí trasghearrthacha a tugadh chun solais san aiseolas scríofa faoin BOO.
- Tuiscint a chur chun cinn ar chinntí beartais a rinne an RLGÓ i gcomhairle le páirtithe leasmhara.



**An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige**
Bloc 1, Plaza Miesach
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
D02 XW14
**www.dcya.gov.ie**

**Le ceannach ó**
**FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS,**
**52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.**
**(Guthán: 076 1106 834 nó Ríomhphost: publications@opw.ie)**
**nó trí aon díoltóir leabhar.**

UBU
DO ÁIT. DO SPÁS.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland